# TREOIRPHLEAN I gCOMHAIR MAIREACHTÁIL GO hINBHUANAITHE

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2023

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

# TREOIRPHLEAN I gCOMHAIR MAIREACHTÁIL GO hINBHUANAITHE

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2023

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

**Tuarascáil Ghníomhaíochta Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 2023**
**Treoirphlean i gcomhair maireachtáil go hinbhuanaithe**

**© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2024.**
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.
Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le info@eib.org.
Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

leagan pdf: QH-BF-24-001-GA-N ISBN 978-92-861-5647-2 ISSN 2600-1012 doi: 10.2867/495481

# CLÁR NA nÁBHAR


4 **FOCAL ÓN UACHTARÁN**

6 **BUAICPHOINTÍ 2023** Sonraí iasachtaithe agus tionchair

8 **AN BEI I DO THÍR FÉIN** Iasachtú de réir tíre

10 **AN BEI AR FUD NA CRUINNE** Iasachtú taobh amuigh den Aontas Eorpach

12 **DEARAÍ LE hAGHAIDH GLÉASANNA CLAOCHLAITHEACHA**

- 14 An Ghearmáin: Nuair is ceist bháis nó bheatha é an páipéarachas
- 15 An Spáinn: Ficsean eolaíochta á athrú ina fhíric eolaíochta
- 16 An Ísiltír: Ciorcail atá ag méadú i gcónaí
- 17 Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa: Caipiteal fiontair le maoiniú méadaithe a éascú
- 18 An Iodáil agus Éire: Nuálaíochtaí ar cheart duit cluas a chur ort féin dóibh
- 19 An Pholainn: Sa tóir ar ailse chíche
- 20 An Spáinn: Faoi chumhacht na gréine
- 21 An Iodáil: Deas, maith agus tapa
- 22 An Ísiltír: Na coiligh a thabhairt saor ón mbás

24 **DEARAÍ LEIS AN EORAIP A DHÉANAMH GLAS**

- 26 An Pholainn: Glas agus daonnachtúil
- 27 An Ísiltír: Ospidéal inbhuanaithe
- 28 An Bheilg: Bloic a itheann carbón
- 29 An Ghréig: I gcomhar leis an nádúr, ní ina éadan
- 30 An Spáinn: Smaoineamh úr
- 32 Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ungáir agus an Rómáin: Gigeavata ar an díon
- 33 An Spáinn: An Eoraip á hathchumhachtú

36 **DEARAÍ LE COMHIONANNAS A CHUR CHUN CINN**

- 38 An Iodáil: Foghlaim á cur chun cinn, fuinneamh á shábháil
- 39 An Spáinn: Scoileanna do na bruachbhailte
- 40 An Ghearmáin agus an Iodáil: Traenacha nua, línte nua, teicneolaíocht nua
- 42 An Fhrainc: Luchtú faoi lánluas
- 43 An Ísiltír: Ré na róbat
- 44 An Bhulgáir agus an Phortaingéil: Gach uile dhuine ar deic
- 46 An Liotuáin: Mórbhealaí an dúlra
- 47 An Spáinn: Ciapadh a chur de na ráillí

48 **DEARAÍ LE hAGHAIDH SAOL DOMHANDA ATÁ COTHROM AGUS GLAS**

- 50 An Chéinia faoi thrácht: Samhail ghlas san Afraic
- 54 An Úcráin: Ní thréigfimid go deo iad
- 56 An Éigipt faoi thrácht: Gnóthas beag in aice leis an abhainn mhór
- 60 An tSeirbia: Taispeánann X an áit ghlas
- 62 Maracó: I ndiaidh an chreatha talún

64 **BUAICPHOINTÍ IASACHTA: CÁ AS A dTAGANN AN t-AIRGEAD?**

- 65 An blocshlabhra a dhéanamh níos glaise

66 **GRÚP-PHLEAN OIBRIÚCHÁIN 2024-2026: BUAICPHOINTÍ**

- 67 Cúrsaí Rialachais

# FOCAL ÓN UACHTARÁN

Is ionann treoirphlean agus gormchló ar bhealach, líníocht theicniúil a úsáidtear le líníochtaí, toisí agus nótaí a leagan amach go córasach. Inár dtuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil, *Treoirphlean i gComhair Maireachtáil go hInbhuanaithe*, tarraingítear **líníochtaí** mionsonracha de dhaoine a bhain tairbhe as tionscadail an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Leagtar amach na **toisí** maidir leis an méid ollmhór airgid atá infheistithe againn ar an iomlán agus a thábhachtaí a bhí na hiasachtaí a thugamar amach do na tairbhithe go léir. Déantar **nótaí** de na beartais agus den saineolas de chuid an Aontais Eorpaigh a spreag muid le gach ceann dár n-infheistíochtaí a dhéanamh.

**Tá treoirphlean an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta don Eoraip bunaithe ar fhís go mbeidh saol nuálach, glas agus comhionann againn san am atá le teacht – saol nach gcríochnóidh ag teorainneacha an Aontais Eorpaigh**. Aibhsítear sa tuarascáil seo an mhionanailís ar fhorbairtí teicniúla san intleacht shaorga, sa chúram sláinte agus sa bhiteicneolaíocht atá taobh thiar dár n-infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha nua. Cuirtear i láthair an dúthracht atá á caitheamh againn le geilleagar glas a thógáil agus le tacú le smaointe nua le haghaidh na teicneolaíochta glaine atá ag teastáil go géar ar fud an domhain leis an athrú aeráide a choinneáil faoi smacht. Léirítear an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar a bhogann ó áit go háit muid, san áit a gcuirtear oideachas ar ár leanaí, agus in áit a dhéanamh a bhfuil gach duine slán ó chiapadh. Tugtar cuntas ar thionchar ár gcuid oibre taobh amuigh den Aontas Eorpach i scéalta faoinár dtionscadail ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta san Afraic agus in áiteanna eile. Agus is í an dlaoi mhullaigh í ar cheannaireacht 12 bhliain Werner Hoyer, ar tháinig deireadh leis an dara téarma aige mar uachtarán ag deireadh 2023. Is údar mór bróid dom teacht i gcomharbas air.

De réir an treoirphlean sin **atá Eoraip an lae amárach á tógáil againn cheana féin**. Is féidir leat an fhianaise a fheiceáil sna sonraí a bhaineann leis na hiasachtaí a thugaimid amach agus a fhaighimid féin. Is féidir leat súil a chaitheamh chun cinn ar na gealltanais ollmhóra atá tugtha inár nGrúp-Phlean Oibriúcháin don tréimhse ó 2024 go 2026. Gach rud anseo is léiriú é ar an uaillmhian atá againn – uaillmhian lenár lorg féin a fhágáil ar an lá amárach sin chun leas gach duine san Eoraip, chun leas na dtíortha is gaire dúinn, agus chun leas ár gcuid comhpháirtithe i ngach áit.

Is léiriú í an tuarascáil seo go bhfuil an Banc Eorpach Infheistíochta níos tábhachtaí don Eoraip agus don domhan mór ná mar a bhí riamh. Tá an-áthas orm a bheith páirteach sa tionscadal iontach seo anois agus mé ag tosú san uachtaránacht. Táim ag tnúth go mór lena bhfuil i ndán dúinn sna blianta atá amach romhainn.

**Nadia Calviño**

# FOCAL ÓN UACHTARÁN



# BUAICPHOINTÍ 2023

## GRÚPA AN BEI IN 2023

| | |
|---|---|
| TAOBH ISTIGH DEN AE | €78.3bn |
| TAOBH AMUIGH DEN AE | €9.5bn |
| IOMLÁN | €87.8bn |

## AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA IN 2023

| | |
|---|---|
| TAOBH ISTIGH DEN AE | €66.5bn |
| TAOBH AMUIGH DEN AE | €8.6bn |
| IOMLÁN | €75.1bn |

## AN CISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA IN 2023

| | |
|---|---|
| TAOBH ISTIGH DEN AE | €14.0bn |
| TAOBH AMUIGH DEN AE | €0.9bn |
| IOMLÁN | €14.9bn |

Déanann an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI), is cuid de Ghrúpa an BEI, sainchúram den mhaoiniú riosca le tacú le micreaghnóthais agus le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, agus le fás agus nuálaíocht a spreagadh fud fad na hEorpa. Cuireann sé idir mhaoiniú agus saineolas ar fáil i dtaca le hinfheistíochtaí stuama, inbhuanaithe agus oibríochtaí ráthaíochta. I measc scairshealbhóirí an CEI tá an BEI, an Coimisiún Eorpach, bainc phoiblí agus phríobháideacha agus institiúidí airgeadais.

# TIONCHAR AN BEI

**6.7 milliún MWh**
An méid fuinnimh a shábhálfar sa bhliain

**11.6 milliún**
Líon na síntiúsóirí nua 5G

**1.2 milliún**
Líon na mac léinn i saoráidí oideachais atá ag baint tairbhe as maoiniú

**21 700 MWh**
d'Acmhainn giniúna leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh

**46 600 GWh**
An méid leictreachais a táirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh

**13.8 milliún**
Líon na dteaghlach a bhfuil fáil acu ar chumhacht

**42 988 km**
Línte cumhachta a tógadh/a uasghrádaíodh

**13 milliún**
Líon na méadar cliste a suiteáladh

**130.6 milliún**
Líon na ndaoine atá ag baint tairbhe as seirbhísí feabhsaithe sláinte, lena n-áirítear vacsaíní

**17.3 milliún**
Líon na ndaoine atá ag baint tairbhe as bonneagar feabhsaithe uirbeach agus bardasach

**254 milliún**
Líon na dturas breise a rinneadh ar mhodhanna iompair phoiblí

**Os cionn 13 000**
Líon na stáisiún breosla mhalartaigh

**2.6 milliún**
Líon na ndaoine a bhfuil córais nua bailithe dramhaíola acu

**1.9 milliún**
Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar shláintíocht níos fearr


**4.9 milliún**
Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar uisce óil sábháilte

**1.5 milliún**
Líon na ndaoine atá i mbaol laghdaithe tuilte

**12 milliún**
Líon na ndaoine atá i mbaol laghdaithe triomaigh

Is éard atá sna figiúirí ná na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ar oibríochtaí maoinithe nua a síníodh den chéad uair in 2023 bunaithe ar na sonraí atá ar fáil i láthair na huaire. Figiúirí neamhiniúchta, sealadacha atá sna figiúirí uile.


# AN BEI
# I DO THÍR FÉIN





Dá dhorcha an dath is ea is mó an infheistíocht mar chéatadán den OTI.


AN FHIONLAINN
€992 milliún 0.35% den OTI
AN tSUALAINN
€2.90 billiún 0.53% den OTI
AN EASTÓIN
€540 milliún 1.41% den OTI
AN LAITVIA
€82 milliún 0.20% den OTI
AN LIOTUÁIN
€654 milliún 0.89% den OTI
AN PHOLAINN
€5.10 billiún 0.68% den OTI
AN GHEARMÁIN
€8.63 billiún 0.21% den OTI
POBLACHT NA SEICE
€1.87 billiún 0.61% den OTI
AN tSLÓVAIC
€293 milliún 0.24% den OTI
AN OSTAIR
€1.26 billiún 0.26% den OTI
AN UNGÁIR
€490 milliún 0.25% den OTI
AN RÓMÁIN
€4.12 billiún 1.28% den OTI
AN tSLÓIVÉIN
€359 milliún 0.57% den OTI
AN CHRÓIT
€464 milliún 0.61% den OTI
AN IODÁIL
€12.19 billiún 0.59% den OTI
AN BHULGÁIR
€1.1 billiún 1.17% den OTI
AN GHRÉIG
€2.53 billiún 1.14% den OTI
€257 milliún 0.86% den OTI
AN CHIPIR
MÁLTA
€30 milliún 0.16% den OTI

# AN BEI AR FUD NA CRUINNE






Maidir le stádas dlíthiúil aon chríoch, teorainneacha, dathanna, ainmníochtaí nó faisnéise atá léirithe ar an léarscáil seo, ní thacaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta leis, ní ghlacann leis ná ní thugann breithiúnas air.

Tar éis smachtbhannaí an AE i gcoinne an tSiria i mí na Samhna 2011, chuir an BEI gach gníomhaíocht iasachtaithe agus chomhairleach sa tír ar fionraí. Mar sin féin, tá an BEI páirteach i gcroíghrúpa deontóirí atá ag déanamh monatóireachta ar an gcás faoi chomhcheannaireacht an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

# DEARAÍ
## LE hAGHAIDH GLÉASANNA CLAOCHLAITHEACHA

“Chuir teannas geopholaitiúil isteach go mór ar éiceachóras nuálaíochta na hEorpa in 2023 – cúrsaí maoiniúcháin san áireamh. Lean an BEI air ag cur tacaíocht riachtanach ar fáil do chuideachtaí luathchéime agus ardnuálacha ar fud na hEorpa, in earnálacha straitéiseacha amhail na heolaíochtaí beatha, an spás, an aeráid, an intleacht shaorga, agus an ríomhaireacht chandamach. Tá an BEI anois ina cheannaire soiléir sa sciar ríthábhachtach margaidh seo. Chumasaigh ár dtacaíocht dhíreach do chuid mhaith FBManna nuálacha fanacht san Eoraip, poist a chruthú, agus a gcuid saineolais a chosaint, ar saineolas é a thagann ó ollscoileanna agus ionaid taighde den scoth san Eoraip minic go leor. Tá an pobal infheistíochta ag brath níos mó agus níos mó ar an mBanc le bheith ina infheisteoir tosaigh féideartha. Is é sin go díreach an ról spreagtha atáimid ag iarraidh a chomhlíonadh i sciar a bhfuil bearna mhór mhargaidh ann.”

**Yu Zhang, ceann oifig Thionscal 4.0 agus na nEolaíochtaí Beatha,** an BEI

“Téann an maoiniú a chuirimid ar fáil i bhfeidhm go mór ar shaol shaoránaigh an Aontais. Tá infheistíocht sa taighde, sa nuálaíocht agus san fhorbairt ríthábhachtach do gach earnáil den gheilleagar. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag an BEI maidir le tionscadail nuálacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn mar gheall gurb iadsan na tionscadail a spreagann fás geilleagrach agus, dá bhrí sin, a fheabhsaíonn saol na ndaoine sna pobail a bhfreastalaíonn siad orthu. Cúis mhór bhróid dúinn gur féidir linn tacú leo.”

**Gilles Badot,** Stiúrthóir, Muir Aidriad agus an Ibéir, an BEI

“I mbliana, bhí tábhacht nár bheag ag baint leis an gcomhairle a chuireamar ar fáil do chuideachtaí agus tionscadail aonair d’fhonn tacú leo iad féin a dhéanamh réidh do mhaoiniú, agus d’fhonn tacú le héiceachóras láidir a fhorbairt i bpríomhearnálacha ardteicneolaíochta. Cuirimid tionscnóirí, infheisteoirí agus an Coimisiún Eorpach ag caint le chéile. Áirítear leis sin earnálacha amhail an spás, an chibearshlándáil, an hidrigin agus an chosaint.”

**Juan Magaña Campos,** Ceann na hOifige Comhairlí um an Maoiniú Corparáideach, an BEI

**Breathnaíonn nuálaithe go mion ar na próisis a ndéanann daoine eile talamh slán díobh. Ceistíonn siad iad, agus aimsíonn bealach níos fearr. Bealach atá chomh maith sin nach féidir le daoine a thuiscint cén chaoi nár ritheadh an smaoineamh céanna leo. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta sa tóir ar na nuálaithe sin, agus tugann sé na huirlisí dóibh le rudaí a chruthú agus an chaoi a dtéimid tríd an saol a athrú ó bhonn. Ónár n-ospidéil go dtí ár mbricfeasta, feabhsaíonn na nuálaithe sin an saol.**

# NUAIR IS CEIST BHÁIS NÓ BHEATHA É AN PÁIPÉARACHAS

## Gnólacht nuathionscanta sláinte sa Ghearmáin atá ag baint úsáid as an intleacht shaorga chun an méid ama a chaitear ar pháipéarachas leighis a laghdú agus an cúram a thugtar d'othair a fheabhsú

Go luath sna 2010idí, ba raideolaí óg díograiseach é Wieland Sommer a bhí díreach tar éis tosú ag obair i gceann de na hospidéil is mó san Eoraip, LMU Klinikum in München. Níorbh fhada gur thuig sé go raibh sé ag caitheamh ní ba mhó ama ar pháipéarachas ná ar a chuid othar. "D'fhéadfainn mo chuid ama a úsáid ar bhealach ní b'fhearr," ar seisean. Ansin, rith smaoineamh leis: teicneolaíocht dhigiteach a úsáid le tuairisciú a chaighdeánú agus an méid ama a chaitear ar pháipéarachas a íoslaghdú.

Is smaoineamh é a bhféadfadh tionchar mór a bheith aige. Tar éis an tsaoil, caitheann an gnáthdhochtúir níos mó ná trian dá chuid uaireanta oibre ar pháipéarachas. Agus cé go bhfuil an cóimheas idir dochtúirí agus áitritheoirí san Eoraip níos fearr ar an meán ná an chuid eile den domhan, tá 40% de na cleachtóirí sin ag tarraingt ar an aois scoir. Tá ganntanas dochtúirí i ndán dúinn san Eoraip, agus ní mór do na dochtúirí atá ann leas ceart a bhaint as gach uile uair a chuireann siad isteach.

Tá éileamh ar leith ar raideolaithe cosúil le Sommer. Toisc go bhfuil an daonra ag dul in aois, tá gá le níos mó agus níos mó íomháú leighis, ach tuairiscíonn os cionn 80% de na córais sláinte go bhfuil ganntanas ann sa raideolaíocht. Agus cuireann na raideolaithe a lán ama amú ag scríobh tuairiscí toisc na modhanna tuairiscithe a bheith as dáta. "Is iondúil go dtosaímid le doiciméad bán," a deir Sommer, "go mbreathnaímid ar na híomhánna, agus go ndéanaimid ár n-anailís a dheachtú ansin." Tá a stíl féin ag gach dochtúir agus is beag caighdeánú atá ann.

In 2014, thosaigh Sommer gnólacht nua darbh ainm Smart Radiology. D'oibrigh sé le hinnealtóirí bogearraí le teimpléid a fhorbairt a d'fhéadfaí a nuashonrú go rialta ionas go mbeadh fáil ag cliniceoirí ar an bhfaisnéis ab ábhartha i gcónaí.

### An cúram sláinte a dhigitiú

Tar éis deich mbliana tá ainm an chomhlachta athraithe go Smart Reporting toisc gur mó ná an raideolaíocht amháin atá siad ag plé leis anois. Tá níos mó ná 80 fostaí aige, lena n-áirítear líon suntasach cliniceoirí, agus tá níos mó ná 15 000 duine ag baint úsáid as na bogearraí i mbreis agus 90 tír. **Le tacú le fás Smart Reporting, thug an Banc Eorpach Infheistíochta luach €15 milliún de mhaoiniú fiachais fiontair don chomhlacht.** Rinneadh é sin le tacaíocht ó chlár InvestEU, a chabhraíonn le comhlachtaí nuálacha de bhunadh na hEorpa infheistíocht a mhealladh isteach agus a thacaíonn le clár oibre inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh chomh maith. "D'fhéadfadh an earnáil cúraim sláinte a bheith i bhfad ní b'éifeachtúla fós, áfach, agus ní hamháin gur bealach iontach iad na bogearraí seo chuige sin, ach is céim chun cinn freisin iad ó thaobh dhigitiú an chúraim sláinte de, rud a bhfuil géarghá leis," arsa Gergely Krajcsi, an t-oifigeach iasachta de chuid bhanc an AE atá ag obair ar an tionscadal.

Dar leis an gcomhlacht, ní hamháin gur féidir le dochtúirí suas le 90% den am a chaitheann siad ar pháipéarachas a shábháil, ach is féidir leis na dochtúirí a gcuirtear na tuairiscí chucu an méid ama a chaitheann siadsan ag iarraidh brí a bhaint as tuairiscí neamhchaighdeánacha a laghdú 30%. Ní haon áibhéil a rá gur ceist bháis nó bheatha é. Léiríonn taighde gur tháinig laghdú 4.3% ar bhásmhaireacht na n-othar tar éis an tuairisciú caighdeánaithe a thabhairt isteach sa phoiteolaíocht. "Cúis eile a bhfuilimid ag tabhairt maoiniú don chomhlacht," arsa Cristina Niculescu, speisialtóir sna heolaíochtaí beatha ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, "ná go bhféadfadh sé an cúram sláinte a fheabhsú trí chur chuige atá bunaithe ar shonraí – cur chuige a dhéanann diagnóisí níos éasca agus níos cruinne araon."

# FICSEAN EOLAÍOCHTA Á ATHRÚ INA FHÍRIC EOLAÍOCHTA

## Ionphlandú inchinne graiféine nua le neamhoird néarógacha a chóireáil

Ní smaoineamh nua é micrishliseanna a ionphlandú in inchinn an duine. Má dhéanann tú cuardach tapa ar Bhunachar Sonraí Scannán an Idirlín, feicfidh tú go bhfuil ar a laghad 55 scannán agus clár teilifíse ann a bhfuil ionphlanduithe inchinne ina gcuid dá scéal. Anois, áfach, is gearr go mbeidh orainn micrishliseanna ionphlandaithe a chur ar liosta na dteicneolaíochtaí a bhíodh ina bhficsean eolaíochta tráth ach atá anois ina bhfíric eolaíochta, agus is é fírinne an scéil go bhféadfaidís an bealach a réiteach faoi cheann 10 mbliana do réitigh cheannródaíocha a bheidh in ann freastal ar riachtanais leighis atá ag méadú. Tá gnólacht nuathionscanta sa Spáinn darb ainm INBRAIN ar tí tosú ar thrialacha daonna ar mhicrishliseanna is féidir a ionphandú san inchinn. Tá siad déanta as graiféin, ábhar ceannródaíoch ardseoltach atá a 200 oiread níos láidre ná cruach in ainneoin nach bhfuil sé ach aon adamh amháin ar tiús. "Is é an buntáiste is mó a bhaineann le graiféin ná go gcuireann sí ar ár gcumas córas micrishliseanna a dhéanamh atá íosionrach agus ard-bhith-chomhoiriúnach, a bhfuil íogaireacht agus taifeach néarchomharthaí dochreidte aige, agus nach n-úsáideann mórán cumhachta ach an oiread," arsa Carolina Aguilar, príomhfheidhmeannach INBRAIN.

Go bunúsach, is éard atá i ngraiféin ná sraith amháin adamh carbóin atá leagtha amach i struchtúr laitíse heicseagánach. Milliún uair níos tanaí ná leithead ribe gruaige an duine, is ábhar déthoiseach í a bhfuil airíonna eisceachtúla meicniúla, leictreacha agus teirmeacha ag baint léi. Cé go bhfuil sí trédhearcach go optúil, tá sé dlúth go leor le bheith neamhscagach do gháis agus thar a bheith láidir. D'fhéadfadh sí a bheith an-áisiúil go deo i roinnt réimsí, amhail an leictreonaic, an stóráil fuinnimh agus an bithleigheas.

Sa mhicrishlis atá deartha ag INBRAIN tá néarphróiseálaí comhéadain graiféine atá cosúil le craiceann, chomh maith le néarphróiseálaí in-athluchtaithe gan sreang, rudaí ar féidir iad a úsáid i gcomhar le hard-bhogearraí meaisínfhoghlama le néarchomharthaí san inchinn a mhapáil, a dhíchódú agus a mhodhnú. Is féidir leis an gcóras comharthaí leictreacha neamhrialta a aithint san inchinn, comharthaí is cúis le croitheadh, righneas nó éagothroime staidiúire nach féidir a rialú i gcás ghalar Parkinson. Cuireann sé amach bíoga leictreacha ansin d'fhonn iad sin a mhodhnú agus, ar an gcaoi sin, na siomptóim a rialú i bhfíoram. Am éigin amach anseo beidh an córas in ann smaointe go caint a dhíchódú in othair a bhfuil afáise iar-stróc nó neamhoird phairilise eile orthu chomh maith. "Tá an-ghealladh go deo faoi" dar le Valeria Iansante, speisialtóir sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, a thug iasacht fiachais fiontair €20 milliún do INBRAIN in 2023 d'fhonn teacht roimh riachtanais airgid a d'fhéadfadh a **bheith ann amach anseo sa bhreis ar an gcapiteal fiontair a d'éirigh leis an gcomhlacht féin a thiomsú.** "D'fhéadfadh tionchar na teicneolaíochta seo maidir le neamhoird néarógacha a chóireáil, amhail galar Parkinson – agus b'fhéidir an titimeas nó an dúlagar fiú – a bheith chomh mór sin go gcreidimid gur fiú go mór maoiniú a chur ar fáil dóibh anois."

Ní hé an Banc Eorpach Infheistíochta an t-aon dream a bhfuil teicneolaíocht INBRAIN tugtha faoi deara aige, áfach. Rinne an comhlacht cógaisíochta is sine san Eoraip, Merck, comhaontú leis an gcomhlacht in 2021 le dul i gcomhar leo ar theiripí bithleictreonacha néaróige lúbaí, a d'fhéadfaí a úsáid le galair ainsealacha, ar nós neamhoird athlastacha, a chóireáil.

Is i mBarcelona atá INBRAIN bunaithe agus is léiriú é go bhfuil ag éirí leis an taighde a mhaoinítear go poiblí san Eoraip agus le hearnáil ardteicneolaíochta Bharcelona araon. D'eascair an comhlacht ó Institiúid Naineolaíochta agus Nanaitheicneolaíochta na Catalóine i mBarcelona agus cuireadh ar bun é faoi chlár taighde a fuair maoiniú ó Chlár Suaitheanta Graiféine an Aontais Eorpaigh. Clár taighde deich mbliana ab ea é sin, arbh fhiú €1 billiún é agus a seoladh siar in 2013 d'fhonn taighde ar an ngraiféin a chur chun cinn agus a chomhordú ar fud an Aontais Eorpaigh.

# CIORCAIL ATÁ AG MÉADÚ I gCÓNAÍ

**Cuireann an plaisteach a dhéantar le breoslaí iontaise go mór leis an athrú aeráide, agus is fadhb thromchúiseach chomhshaoil í an dramhaíl phlaisteach chomh maith. Tá Infinity Recycling ag glacadh leis an dúshlán go fonnmhar**

San airgeadas corparáideach agus san infheistíocht a chaith Jeroen Kelder an chuid ba mhó dá shaol oibre, áit ar thacaigh sé le comhlachtaí beaga agus meánmhéide agus ar infheistigh sé i bpríomhearnálacha geilleagracha amhail an cúram sláinte agus an fuinneamh in-athnuaite. Agus béim ní ba mhó á leagan ar an gciorclaíocht, thuig sé go bhféadfadh sé leas a bhaint as a chuid saineolais in earnáil an aistrithe acmhainní agus, go háirithe, in earnáil na bplaisteach. "Ní dhéantar ach céatadán íseal den phlaisteach a úsáidtear san Eoraip a athchúrsáil," arsa Kelder. "Níl na réitigh againn faoi láthair lenár gcuid dramhaíola deireadh saoil a athchúrsáil go leordhóthanach, agus mar sin cuirtear an-chuid di chuig loscadh nó líonadh talún. Is mór an trua é sin toisc gur ó phlaistigh a thagann 7-9% de $CO_2$ an domhain. Ba chóir go mbeadh sé éasca go leor an figiúr sin a laghdú."

Tá an teicneolaíocht chun ard-athchúrsáil a dhéanamh againn leis na mblianta, ach bhí na hoibríochtaí "róbheag, róchostasach agus neamhéifeachtúil i gcónaí. Agus i bhfianaise cé chomh bunathraitheach is a bheadh an t-aistriú ó gheilleagar láraithe líneach go geilleagar ciorclach dáilte, is beag seans go gcuirfeadh an tionscal mar atá sé faoi láthair fáilte roimh an athrú sin," arsa Kelder. "Is éard atá ag teastáil ón earnáil i ndáiríre ná caipiteal riosca neamhspleách agus tacaíocht phraiticiúil."

Sin é an fáth ar tháinig Kelder chuig an gCiste Eorpach Infheistíochta in 2019 chun an teoiric a bhí taobh thiar dá ghnólacht infheistíochta, Infinity Recycling, a thástáil. In 2023, **d'infheistigh an CEI €50 milliún i gCiste Plaisteach Ciorclach Infinity Recycling**, ceann de na hinfheistíochtaí is mó riamh i gciste céaduaire. An toradh: tá an chuma ar an scéal anois gur gearr go mbainfear amach sprioc €150 milliún an chiste.

Tá lorg aeráide millteanach mór ag an bplaisteach agus is bagairt thromchúiseach é d'éiceachórais agus do ghnáthóga óir gurb é 80% den truailliú mara ar fad é. In ainneoin thionchar diúltach na dramhaíola plaistí, meastar go dtiocfaidh méadú faoi thrí ar an méid plaistigh a úsáidtear faoi 2060. Bhí Ciste na bPlaisteach Ciorclach ar cheann de na chéad chistí Eorpacha a bhí dírithe ar athchúrsáil an phlaistigh, agus tá sé ar thús cadhnaíochta anois i dteicneolaíochtaí ard-athchúrsála ar féidir leo dul i ngleic leis an bhfadhb agus dramhaíl phlaistigh a athrú ar ais ina hamhábhar, rud lena ndúntar an lúb thionsclaíoch.

"Táthar ag súil go mbeidh an tacaíocht fhiúntach atá tugtha ag an gCiste Eorpach Infheistíochta don chiste ina chomhartha do pháirtithe eile agus is rud é atá ag teacht leis an gcuspóir atá againn le sain-éiceachóras Eorpach infheisteoirí a fhorbairt i bpríomhréimsí beartais aeráide agus comhshaoil nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu faoi láthair," arsa João Ramos, bainisteoir infheistíochta ar fhoireann infheistíochtaí cothromais agus ráthaíochtaí an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.

**Tá an Ciste Eorpach Infheistíochta ag leanúint air ag cur lena chuid gníomhaíochta infheistíochta i gcistí tionchair aeráide agus comhshaoil agus, in 2023, measann sé go n-éireoidh leis beagnach €1 bhilliún a chur chuig breis is 25 ciste caipitil fiontair agus cothromais phríobháidigh, méid atá a dhá oiread níos mó ná an méid a d'infheistigh sé in 2022**. Nuair a chuireann sé airgead ar fáil do chistí, féachann an Ciste Eorpach Infheistíochta le dul i ngleic le heasnamh maoinithe atá ann fós i bpríomhmhargaí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu, rud a dhéanann sé trí thacú le cistí nua in earnálacha an fhuinnimh, an agraibhia, an gheilleagair chiorclaigh agus an gheilleagair ghoirm. Tugadh aird freisin ar an ngéar-easpa caipitil i gcomhair fás déanach agus méadú teicneolaíochtaí aeráide agus comhshaoil, agus thacaigh an Ciste Eorpach Infheistíochta le roinnt cistí nua arbh aidhm leo aghaidh ar an gcuid ríthábhachtach sin den mhargadh.

# CAIPITEAL FIONTAIR LE MAOINIÚ MÉADAITHE A ÉASCÚ

## Maoineoidh Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa méadú comhlachtaí teicneolaíochta de bhunadh na hEorpa – agus forbróidh margadh caipitil fiontair na hEorpa

Is minic a théann sé deacair ar ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha a bhfuil gealladh fúthu an caipiteal a mhealladh isteach atá ag teastáil uathu le méadú agus le teacht in aibíocht.

Bíonn infheisteoir amháin ar a laghad ó na Stáit Aontaithe páirteach sa cheathrú cuid de mhargaí caipitil fiontair na hEorpa. Ní bhíonn an dara rogha ag gnólachtaí nuathionscanta ach bogadh thar lear le fáil a bheith acu ar na margaí caipitil ollmhóra sna Stáit Aontaithe agus san Áise, é sin nó iad féin a dhíol le hiomaitheoirí móra a bhfuil a bpócaí teann. Tá líon na gcistí caipitil fiontair a bhfuil idir €200 milliún agus €500 milliún le hinfheistiú acu trí huaire níos mó sna Stáit Aontaithe ná mar atá san Eoraip. Tá líon na gcistí a bhfuil idir €500 milliún agus €1 billiún nó níos mó acu idir sé huaire agus ocht n-uaire níos mó sna Stáit Aontaithe. Is iondúil, dá bharr sin, go mbíonn gnólachtaí nuathionscanta in ann suas le cúig huaire níos mó a thiomsú sna Stáit Aontaithe ná mar a bhíonn san Eoraip.

Leis an mbearna infheistíochta sin a shárú, d'fhorbair Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ardán infheistíochta darb ainm 'Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa' d'fhonn borradh a chur faoin gcaipiteal fiontair san Eoraip.

Tá sé á bhainistiú ag an gCiste Eorpach Infheistíochta, an fochomhlacht de bhanc an AE a chuireann maoiniú cothromais ar fáil agus a dhíríonn ar ghnólachtaí beaga, agus tá €3.75 billiún geallta cheana féin don Tionscnamh ag an nGearmáin, ag an bhFrainc, ag an Iodáil, ag an Spáinn, ag an mBeilg agus ag Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

Cabhróidh an tionscnamh le cistí caipitil fiontair dhéanaigh Eorpacha teacht chun cinn agus fás ionas go mbeidh siad in ann caipiteal méadaithe a bhfuil géarghá leis a dhíriú ar ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha a bhfuil gealladh fúthu.

**Meastar go ndéanfaidh Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa idir 10 agus 15 infheistíocht thart ar €1 billiún i gcistí caipitil fiontair móra. Féachann sé le breis is €10 billiún d'infheistíocht a mhealladh isteach i gcomhlachtaí nuálacha agus iad ag fás.**

Beidh an tionscnamh dírithe freisin ar aicme sócmhainní a fhorbairt chun infheisteoirí institiúideacha a mhealladh isteach agus sruth leanúnach maoinithe a choinneáil do ghnólachtaí Eorpacha atá ag méadú.

Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an gciste de réir mar a dhéanfar tuilleadh gealltanas amach anseo.

"Ní mór do ghnólachtaí nuálacha a bheith in ann teacht ar an gcaipiteal cothromais a theastaíonn uathu, agus teacht air anseo san Eoraip," arsa Marjut Falkstedt, príomhfheidhmeannach an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.

# NUÁLAÍOCHTAÍ AR CHEART DUIT CLUAS A CHUR ORT FÉIN DÓIBH

**Téann Amplifon, gnólacht cúraim éisteachta de chuid na hIodáile, i mbun infheistiú agus digitiú le freastal ar níos mó agus níos mó daoine a bhfuil fadhbanna éisteachta acu, agus forbraíonn comhlacht Éireannach, Neuromod, cóireáil don tinniteas**

Ní raibh 40 bliain d'aois slánaithe ag Marco Giachetti fiú nuair a thosaigh a éisteacht ag teip. "Thosaigh mé ag fanacht amach ó mo chlann agus ó mo chairde toisc go raibh sé ag dul deacair orm páirt a ghlacadh i gcomhráite," arsa Giachetti, atá 67 bliain d'aois anois. "Bhí sé deacair timpeallachtaí torannacha a sheasamh, agus bhí sé deacair dul chuig an bpictiúrlann agus an amharclann chomh maith."

Chuaigh sé i muinín Amplifon, miondíoltóir domhanda sa chúram éisteachta atá lonnaithe san Iodáil, áit ar fheistigh éisteolaí áis éisteachta dó. Ní leis féin atá Giachetti. Tá an éisteacht ag teip ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar thart ar 1.5 billiún duine, agus tá 430 milliún duine – os cionn 5% de dhaonra an domhain – fágtha faoi mhíchumas de bharr caillteanas éisteachta. Meastar go sáróidh an figiúr sin 700 milliún faoin mbliain 2050. Cosnaíonn caillteanas éisteachta neamhchóireáilte beagnach $1 trilliún in aghaidh na bliana ar fud an domhain ó thaobh costais earnála sláinte agus shochaíocha, caillteanas táirgiúlachta agus tacaíocht oideachais de. Is den tábhacht é infheistíocht a dhéanamh i bhfeistí a fheabhsaíonn saol na ndaoine atá thíos leis, go háirithe agus an pobal i gcoitinne ag éirí níos sine.

### Infheistíocht sa tsláinte

I mí Iúil, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €300 milliún le Amplifon chun cabhrú leis an gcomhlacht leanúint air a chuid seirbhísí a nuáil, a dhigitiú agus a fheabhsú. "Infheistíocht é sa gheilleagar airgid," a deir Radek Ossowski-Barbetti, an t-oifigeach sinsearach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a chuir tús leis an margadh. Rachaidh an infheistíocht chun tairbhe do chustaiméirí Amplifon san Eoraip agus ar fud an domhain, ach is chuig réigiúin chomhtháthaithe a rachaidh chuid mhaith den infheistíocht, rud atá i gcomhréir le beartas na hEorpa le hinfheistíocht a dhéanamh sna réigiúin is laige ó thaobh geilleagair de leis na caighdeáin mhaireachtála a ardú.

Tá sé mar aidhm ag Amplifon sonraí a úsáid chun "eispéireas éisteolaíoch níos pearsantaithe a chruthú," dar le Enrico Vita, príomhoifigeach feidhmiúcháin Amplifon. "Is féidir linn feidhm a bhaint as na sonraí a bhailímid le haithne níos fearr a chur ar ár gcuid custaiméirí agus léargas a fháil ar an gcaoi a n-úsáideann siad a n-áiseanna éisteachta. Agus leis an bhfaisnéis sin, is féidir linn ár seirbhís a fheabhsú – cóireálacha pearsantaithe leantacha agus cianchúram, cuir i gcás."

> "Bhí sé deacair timpeallachtaí torannacha a sheasamh"

### Aghaidh a thabhairt ar an tinniteas

Fadhb éisteachta eile a chuireann as do 10-15% de dhaonra fásta an domhain is ea an tinniteas, tinneas ina gcloiseann daoine fuaim bhréige nach dtagann ó aon fhoinse sheachtrach. Is gnách go ndéantar cur síos air mar cheolán sna cluasa, ach cloiseann roinnt daoine feadaíl mhiotalach ardairde nó búiríl nó dordán. Tá gléas forbartha ag comhlacht in Éirinn, Neuromod Devices, a chuireann spreagadh teanga agus spreagadh fuaime le chéile d'fhonn tinniteas a mhaolú. Tugann an comhlacht "néaramhodhnúchán démhódúil" ar an spreagadh dhá mhód seo.

I mí an Mhárta, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta comhaontú fiachais fiontair €15 milliún le Neuromod chun cabhrú leis an gléas a fhorbairt tuilleadh agus tús a chur lena thráchtálú i dtíortha Eorpacha eile.

# SA TÓIR AR AILSE CHÍCHE

## Forbraíonn gnólacht Polannach tástáil diagnóisice nuálach le haghaidh na hailse cíche, a chuireann na torthaí ar fáil faoi cheann uair an chloig

Tá gléas braite ailse cíche a d'fhéadfadh a bheith réabhlóideach forbartha ag Magdalena Staniszewska agus Marcin Staniszewski. Ach ní hí an ailse chíche a spreag an smaoineamh. An tsúil a spreag é… agus NASA.

Siar in 2012 bhí Magdalena ag obair i Saotharlann Pierce, saotharlann a bhfuil ardmheas uirthi i Scoil Leighis Harvard i mBostún. Imdhíoncheimiceoir ab ea í ó thaobh oiliúna, ach cillbhitheolaí ó thaobh paisin, agus bhí sí i mbun taighde ar ghalair súl.  Bhí Marcin tar éis céim mháistreachta san innealtóireacht a bhaint amach ó Ollscoil Akron in Ohio. Bhí sé ag obair i gcomhar le NASA ar thionscadal a bhain le hábhair chomhchodacha nua a úsáid le haghaidh innill spásárthaigh, agus thosaigh sé ag cur spéis sna bealaí a bhféadfaí teicneolaíochtaí snáthoptaice a úsáid sa spás. Ar chúrsaí eolaíochta a bhíodh an plé dírithe ag am dinnéir. Rith sé leis an lánúin go bhféadfaí an fhótónaic a úsáid lena dhéanamh amach an raibh marcóirí do ghalair éagsúla sa chorp. In áit cealla nó fíochán a bhaint, d'fhéadfaí snáthoptaic a úsáid chun marcóirí galair a thomhas taobh istigh den chorp i bhfíoram, iad siúd a bhíonn thart ar thuama, cuir i gcás. “Sin é an chaoi ar rith sé linn uirlis dhiagnóiseach nua a fhorbairt le rud éigin a thomhas i bhfíorfhíochán beo,” arsa Magdalena Staniszewska.

Tá a gcomhlacht, SDS Optic, ag obair le deich mbliana anuas ar uirlis dhiagnóiseach darb ainm inPROBE. Tar éis í a chur isteach sa chorp, is féidir léi cineál ionsaitheach ailse cíche a dtugtar ailse HER2-deimhneach air a bhrath taobh istigh d'uair an chloig. I gcás bithóipse thraidisiúnta, is iondúil go mbíonn mná ag fanacht laethanta nó seachtainí leis na torthaí a fháil. Dá luaithe a dhiagnóisítear í is ea is fearr a éiríonn le cóireálacha a forbraíodh le déanaí don ailse HER2-deimhneach.

“Tharraing ailse ár n-aird toisc go raibh géarghá le réitigh nua,” arsa Staniszewska, príomhoifigeach eolaíochta an chomhlachta. Bhí líon na gcásanna ag dul i méid ar fud an domhain, fiú i measc mná óga. “Bhí sé an-scanrúil, agus domsa, ar ndóigh, is rud é a bhí gar do mo chroí.”

Tá braiteoir snáithín nanaimhéide i snáthaid bhithóipse iontach tanaí, a chuirtear isteach sa chorp gar don siad nó do na cealla a d'fhéadfadh a bheith ailseach. Tomhaiseann an braiteoir sin an méid de bhithchomharthaí sóirt ar leith atá ann, rud a fhágann go bhfuil an próiseas níos sábháilte ná bithóipse thraidisiúnta – agus nach bhfuil sé leath chomh pianmhar ná chomh hionrach léi. Aistrítear na sonraí a bhailíonn an tóireadóir trí chábla snáthoptaice chuig gléas diagnóiseach, a dhéanann amach an bhfuil ailse ann trí thagairt do na leibhéil de bhithchomharthaí sóirt áirithe a braitheadh, amhail próitéin HER2.

Is í an ailse chíche an ailse is coitianta i measc na mban. Déantar thart ar 2 milliún cás a dhiagnóisiú gach bliain agus faigheann níos mó ná 650 000 bean bás, arsa Rebecca Verdin-Pol, oifigeach infheistíochta in aonad eolaíochtaí beatha agus biteicneolaíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. **Tá an Banc Eorpach Infheistíochta chun €10 milliún de mhaoiniú fiachais fiontair a chur ar fáil do SDS Optic, é tacaithe ag ráthaíocht InvestEU**.

“Ní féidir a shéanadh gur athrú ó bhonn é a bheith in ann diagnóisiú ardchruinn a dhéanamh i bhfíoram,” arsa Verdin-Pol.

# FAOI CHUMHACHT NA GRÉINE

## Forbraíonn comhlacht de chuid na Spáinne an chéad drón gan foireann atá lánleictreach agus grianchumhachtaithe, rud a chumasaíonn úsáidí nua in earnálacha na faisnéise agus an fhaireachais

Seanfhondúir i dtionscal an aeraspáis is ea Robert Miller, a d'fhorbair agus a d'úsáid meaisíní eitilte i gcomhair brath geospásúil, cumarsáide agus staidéir chomhshaoil le himeacht na mblianta. Chaith sé blianta i mbun taighde ar theicneolaíochtaí chun suirbhéireacht a dhéanamh ar thír faoi bhrat coillte dlútha, ar nós dufairí, foraoisí agus teorainneacha muirí. Tá suntas ag baint lena leithéid d'fhaireachas chun críocha sibhialta agus cosanta araon. Ach bíonn sé deacair faisnéis a bhailiú, a thuiscint agus a anailísiú i dtimpeallachtaí áirithe, ar nós foraoisí dlútha.

Rith sé le Miller go bhféadfaí an fhadhb sin a shárú ach an fhaisnéis ó bhraiteoirí éagsúla a chur le chéile. Ach chuige sin bheadh aerárthach fadraoin ag teastáil a bheadh in ann taisteal go mall seasta le cumasú do na ceamaraí agus na braiteoirí faisnéis i bhfad níos mionsonraithe agus níos úsáidí a bhailiú trí íomhánna ardghléine. Níorbh ann do theicneolaíocht den sórt sin ag an am sin, áfach.

Tháinig athrú nár bheag ar an scéal in 2016 nuair a chríochnaigh Bertrand Piccard agus André Borschberg an chéad turas timpeall an domhain riamh ar aerárthach grianchumhachtaithe. Is é an t-aerárthach sin go díreach an rud a raibh Miller sa tóir air agus ba léir dó go bhféadfadh sé tionscal an aerchosanta a athrú as éadan. Bhunaigh Miller agus a chomhpháirtí, John Parker, an comhlacht Skydweller, agus in 2019 fuair sé an t-aerárthach a d'fhorbair Piccard agus Borschberg, chomh maith leis na sócmhainní maoine intleachtúla a bhain leis. "Tá an t-aerárthach éadrom, tá raon iontach aige de bharr é a bheith grianchumhachtaithe, agus tá sé mall toisc gur geall le faoileoir é," arsa Massimiliano Manfreda, a bhí ar dhuine den chéad naonúr a thosaigh ag obair in Skydweller tar éis a bhunaithe. "Is é an píolóta an t-aon teorainn a bhí i gceist. An chéad smaoineamh mór a bhí againn ná fáil réidh leis an bpíolóta agus an t-aerárthach a oibriú gan foireann."

> **"An chéad smaoineamh mór a bhí againn ná fáil réidh leis an bpíolóta"**

I gcomhar lena chomhpháirtí teicneolaíochta Iodálach, Leonardo, tá sé beartaithe ag Skydweller an drón a sheoladh ar bhonn tráchtála in 2024. **Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú le Skydweller le hiasacht fiachais fiontair €30 milliún, a síníodh i mí Eanáir 2023**. Tá an maoiniú tacaithe ag ráthaíocht ó InvestEU. "Ní féidir le haon drón grianchumhachtaithe eile pálastaí den chineál céanna a iompar," arsa Björn Werner, an t-eacnamaí de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar an margadh. "Tá an aerfheithicil gan foireann cumhachtaithe ag meascán den ghrian agus de cheallraí, agus is féidir léi fanacht thuas san aer lá i ndiaidh lae gan gá tuirlingt ná athbhreoslú dá bharr sin. Fágann sé sin go bhfuil an-chuid deiseanna nua le tapú.

Agus réise sciathán ollmhór 72 méadar aige, tá an t-aerárthach níos mó ná eitleáin paisinéirí ar nós an Airbus A330. Tá na sciatháin clúdaithe le beagnach 300 méadar cearnach de chealla fótavoltacha le leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite na gréine. Tá ceithre cheallra san aerárthach freisin atá in ann 7 075 kWh a stóráil, méid mór millteach atá chomh mór céanna leis na ceallraí in dhá charr leictreacha Tesla.

D'fhéadfadh dróin ghrianchumhachtaithe an bealach a réiteach d'eitiltí fadraoin dícharbónaithe, rud a d'athródh an t-aerthaisteal as éadan. Toisc go bhfuil an t-aerárthach in ann eitilt ar feadh tréimhse fhada ama agus dul i bhfad níos faide, tá sé áisiúil go leor i gceantair iargúlta ina bhféadfadh foinsí traidisiúnta cumhachta a bheith i nganntanas.

Cuirfidh tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar chumas an chomhlachta an teicneolaíocht a fheabhsú tuilleadh agus an t-aerárthach a chur ar fáil ar bhonn tráchtála. "Cabhróidh sí leis an gcomhlacht a bheith ar thús cadhnaíochta i réimse na n-aerárthaí gan foireann chomh maith," a deir Fabrizio Morgera, oifigeach sinsearach infheistíochta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

# DEAS, MAITH AGUS TAPA

## Cuireann an chéad bhanc lándigiteach, néalbhunaithe san Iodáil maoiniú ar fáil do ghnólachtaí beaga sa Mezzogiorno – iad siúd atá dírithe ar an ngníomhú ar son na haeráide go háirithe

Is é illimity an t-ainm atá ar an mbanc néalbhunaithe sin, a cuireadh ar bun in 2019 agus atá faoi stiúir Corrado Passera, iar-Aire Forbartha Eacnamaíochta. Anois tá sé ag fás go tapa agus ag athrú ina ghorlann le haghaidh tionscnaimh cheannródaíocha ar nós b-ilty, an chéad chlár iasachta ar líne san Iodáil do ghnólachtaí beaga. "Theastaigh uainn srianta na mbanc corparáideach traidisiúnta a shárú agus cuidiú le fiontraithe beaga cuid de na constaicí laethúla a bhíonn ann faoi láthair a shárú," arsa Passera.

**Cuirfidh iasacht €100 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta a síníodh le illimity i mí Aibreáin** ar chumas b-ilty an méid sin a infheistiú i ngnólachtaí beaga atá lonnaithe sa Mezzogiorno, ceantar deiscirt agus oileán na hIodáile, agus i gcomhlachtaí atá ag troid in aghaidh an athraithe aeráide. Is é seo an dara huair a tháinig an comhlacht nuálach chuig banc an AE le maoiniú a fháil, tar éis comhaontú in 2021 a bhí beartaithe le cur i gcoinne thionchar eacnamaíoch COVID-19 ar ghnólachtaí beaga.

Cé gur ghlac bainc mhiondíola na hIodáile an digitiú chucu féin tamall ó shin, níl aistear na mbanc corparáideach sa treo sin ach ina thús. Seoladh ardán baincéireachta digití b-ilty i mí Feabhra 2022 agus áirítear leis raon iomlán seirbhísí do ghnólachtaí beaga, lena n-áirítear iarratais chuíchóirithe ar iasachtaí agus gnéithe cuntasaíochta agus tuairiscithe a oibríonn le chéile gan stró. Is féidir le comhlachtaí amharc cuimsitheach a fháil ar a gcuid sócmhainní go léir in aon áit amháin agus ní thógann sé ach cúpla soicind orthu teacht ar mheadarachtaí airgeadais.

"Bíonn gnólachtaí beaga in ann díriú isteach ar thascanna atá ríthábhachtach ó thaobh gnó de, seachas ar phróisis bhaincéireachta pháipéarbhunaithe a gcuirtear am amú orthu," arsa Roberto Stasi, an t-oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar na margaí le illimity.

Na coinníollacha fabhracha a bhaineann leis an iasacht atá tugtha ag an mBanc Eorpach Infheistíochta do b-ilty, cuirfear ar aghaidh chuig gnólachtaí beaga iad chomh maith – rachaidh 30% de na hacmhainní chun tairbhe do chomhlachtaí beaga i réigiúin chomhtháthaithe san Aontas Eorpach, leithéidí Molise, Campania, Puglia, Basilicata, Calabria, an tSicil, an tSairdín, Abruzzo, Umbria agus Marche go háirithe.

"Bealach iontach é sin dúinne le cabhrú le banc réigiúnach Eorpach dul i méid agus maoiniú níos glaise a chothú do thionscadail bheaga," arsa Tatiana Bosteels, an t-eacnamaí de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá ag obair ar an margadh. "Ba mhaith linn caidreamh fadtéarmach a bhunú le b-ilty d'fhonn tuilleadh tionscadail mhóra a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide a mhaoiniú amach anseo."

### Banc digiteach a bhfuil croí daonna ann

Is den ríthábhacht é leas iomlán a bhaint as gnólachtaí beaga. Mar sin, ní hamháin go dtugann illimity airgead ar iasacht dóibh, ach glacann páirt ghníomhach ina straitéisí fáis freisin. Díríonn b-ilty ar riachtanais an mhilliúin gnólacht beag nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu san Iodáil go stairiúil. Is féidir le b-ilty tacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí éagsúla ar fud na hIodáile, gan na forchostais s bhaineann le brainsí fisiciúla. Is féidir leis an ardán anailís a dhéanamh go tapa ar na scórtha táscairí, agus freagraí soiléire maidir le creidmheas a thabhairt d'fhiontraithe beaga. Laistigh de chúpla lá, faigheann an comhlacht amach an féidir leis iasacht a fháil agus cén fáth.

"Is maith linn rudaí deasa, maithe a dhéanamh, agus iad a dhéanamh go tapa," arsa Passera.

# NA COILIGH A THABHAIRT SAOR ÓN mBÁS

**Bealach tapa ísealchostais le sicíní fireanna a aithint sula dtagann siad amach as an ubh deartha ag comhlacht san Ísiltír, agus é á thairiscint anois acu do ghorlanna mar réiteach ar fhadhb sheanbhunaithe**

Bhí Wouter Bruins sa tóir ar fhíorfhadhb a d'fhéadfadh sé a réiteach. Dá thráchtas máistreachta sa chillbhitheolaíocht in Ollscoil Leiden, b'éigean dó teacht ar smaoineamh a d'fhéadfadh fás ina ghnólacht nuathionscanta. Lorg sé inspioráid i measc fheirmeoirí a áite dúchais, Réigiún Randstad na hÍsiltíre. Lá amháin, bhí feirmeoir ag tabhairt Bruins timpeall theach na gcearc nuair a stop sé agus dhírigh sé a mhéar ar na sicíní. "Do gach cearc a fheiceann tú ansin, bhí orainn coileach (nó sicín fireann) amháin a mharú," a dúirt an feirmeoir le Bruins. "Cuireann sé olc orm go bhfuilimid á dhéanamh sin."

Bhí an feirmeoir ag tagairt don 6.5 billiún sicín fireann a dhéantar a chiondíothú gach bliain ar fud an domhain, nuair nach bhfuil ach lá amháin slánaithe acu de ghnáth. Na táirgeoirí uibheacha, a dhéanann na cearca ubh-bhreithe a phórú chomh maith, níl bealach tapa ísealchostais acu le gnéas an tsutha a dhéanamh amach sula dtagann an sicín féin amach as an ubh. Nuair a thagann na sicíní amach ar deireadh, is iad fostaithe feirme a dhéanann amach an gnéas agus a scarann na baineannaigh amach ón gcuid eile. Maraítear na fireannaigh go pras – caitear isteach i stialladóir iad nó, má tá an t-ádh orthu, i seomra gáis. "Ó na fadhbanna ar fad a bhreac mé síos agus mé ag labhairt le daoine, shocraigh mé aghaidh a thabhairt ar chiondíothú na sicíní," arsa Bruins. "Is ábhar é a bhaineann le dúshláin teicneolaíochta agus ghnó, ach leis an eitic freisin. Nuair a fhaigheann tú amach faoi, mothaíonn tú i do chnámha nach bhfuil sé ceart ná cóir."

> "Tá sé seo ar cheann de na fadhbanna sin is léir a chaithfear a chur ina gceart"

Luigh Bruins isteach ar an obair ina árasán in Leiden. Bhunaigh sé In Ovo in éineacht le Wil Stutterheim, mac léinn eile sna heolaíochtaí bithleighis, agus tá an bheirt acu ag obair le 12 bliain anuas ar bhealach tapa, saor le cumasú d'fheirmeoirí gnéas uibhe toirchithe a dhéanamh amach. Is é Ella toradh na hoibre sin ar fad, meaisín ar féidir leis gnéas uibhe a dhéanamh amach ón naoú lá goir ach poll beag a chur sa bhlaosc agus sampla beag bídeach sreabháin a bhaint amach. Rinneadh tástáil ar an gcéad mheaisín in 2020, rud ar éirigh chomh maith sin leis gur saolaíodh 300 000 sicín gan oiread is fireannach amháin a mharú. Anois, tá In Ovo ag dul i méid, agus é beartaithe acu deich meaisín a bheith i mbun oibre i ngorlanna táirgeoirí uibheacha faoi dheireadh 2024.

"Más bitheolaí thú agus má tá cur amach agat ar an ngéineolaíocht, agus má tá ceangal agat leis an earnáil talmhaíochta, tá sé seo ar cheann de na fadhbanna sin is léir a chaithfear a chur ina gceart," arsa Diogo Machado Mendes, eacnamaí sinsearach i rannán bithgheilleagair an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. **Tá banc an Aontais Eorpaigh ag tacú le In Ovo le hinfheistíocht fiachais fiontair €40 milliún, atá tacaithe ag ráthaíocht InvestEU**.

### Tástálacha tapa ar chostas íseal

Seo a leanas an chaoi a ndéanann an meaisín amach gnéas na sicíní. Déanann sé poll beag bídeach san ubh le snáthaid agus baineann méid beag sreabháin as an sac a gcuireann an suth a chuid fuíll isteach ann. Dúntar an poll ar an bpointe le gliú. Úsáideann an meaisín mais-speictriméadar leis an sampla a thástáil le haghaidh bithchomhartha sóirt ar leith a d'aimsigh In Ovo, rud a fhágann gur féidir an gnéas a dhéanamh amach in thart ar shoicind amháin. Ansin déanann sé na huibheacha a shórtáil dá réir sin. Cuirtear na huibheacha baineanna ar ais sa ghoradán go dtí go dtagann na sicíní amach ar an 21ú lá. Seoltar na huibheacha fireanna chuig comhlacht ar leith a úsáideann mar chomhábhar i mbia peataí iad.

> **“Is ábhar é a bhaineann le dúshláin teicneolaíochta agus ghnó, ach leis an eitic freisin”**

Is iondúil go dtáirgeann gorlann isteach is amach le 20 milliún sicín in aghaidh na bliana, dar le Bruins. Is é an dúshlán a sháraigh In Ovo ná na tástálacha a dhéanamh chomh saor agus chomh cruinn sin go bhféadfadh gorlanna iad a úsáid go praiticiúil. Cé gurbh ann don teicneolaíocht le gnéas sutha a dhéanamh amach deich mbliana ó shin, bhí sí róchostasach. “Bhraith mé gan smaoineamh air fiú gur scéal mór a bhí ann,” a deir sé. “Fadhb a bhféadfainn an-chuid ama a chaitheamh ag iarraidh teacht ar réiteach uirthi.”

Tá In Ovo ag iarraidh an teicneolaíocht a fhorbairt tuilleadh anois le go bhféadfadh sé uibheacha a thástáil ar an séú lá seachas an naoú lá. Chomh maith le gnéas sutha a dhéanamh amach, déanann In Ovo monatóireacht ar shláinte sicín le linn na tréimhse goir. Cuirfidh an maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar chumas an chomhlachta tuilleadh feabhais a chur ar an meaisín, tuilleadh meaisíní a chur ag obair agus tacú le nuálaíochtaí eile d’earnáil na héanlaithe clóis.

Sábhálann gorlanna méid suntasach saothair freisin toisc go ndéantar an chuid is mó den ghnéasaithint sicíní de láimh faoi láthair. Is beag costas atá ar ubh thoirchithe a thástáil, rud atá tábhachtach i ngnó ardéilimh ar bheagán corrlaigh, amhail uibheacha a tháirgeadh lena n-ithe. “Goilleann sé ar dhaoine a fháil amach go bhfuil sicíní á gciondíothú,” arsa Céline Rottier, an t-oifigeach iasachta sa Bhanc Eorpach Infheistíochta atá ag obair ar an tionscadal. “Ach is é an cheist i ndáiríre ná an féidir leat teacht ar réiteach a bheadh feirmeoirí sásta a chur i bhfeidhm? B’fhéidir go bhfuil fuascailt na faidhbe acu!”

# DEARAÍ

## LE GLAS A CHUR AR AN EORAIP

"Teipeanna ar an margadh domhanda iad neamhdheimhneacht an tsoláthair bia, an t-athrú aeráide agus caillteanais na bithéagsúlachta. Tugann siad údar d'institiúidí maoinithe poiblí infheistíocht a dhéanamh in earnáil an bhithgheilleagair. In 2023, bhí brú ar chostais táirgthe bia agus bithábhar arb iad drochaimsir agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil ba chúis leo. Táimidne ag díriú ar thionscadail a thacaíonn le feirmeoirí agus le gnólachtaí beaga ó thús deireadh an tslabhra breisluacha talmhaíochta, chomh maith le nuálaíocht a bhaineann le cleachtais agus teicneolaíochtaí aeráidchliste, lorg comhshaoil an tslabhra breisluacha bia a laghdú, forbairt tuaithe inbhuanaithe agus ionchuimsitheach, agus breoslaí agus ábhar inbhuanaithe a tháirgtear ó fhuíoll bia agus bithmhaise. Agus an obair sin ar bun againn, leanamar orainn ag cur méid suntasach maoinithe ar fáil ar son na foraoiseachta agus an chaipitil nádúrtha d'fhonn tacú leis an bhfreagairt ar dhíothú na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha ag dóiteáin foraoise, i measc nithe eile."

**Felipe Ortega Schlingmann,** ceann an rannáin bithgheilleagair, an BEI

"Tá ról lárnach ag an BEI maidir le tacú le cathracha atá ag cur straitéisí uaillmhianacha um fhorbairt uirbeach chomhtháite chun feidhme. Sin é an chaoi is fearr ar féidir le cathracha na dúshláin atá rompu a sheasamh – sreafaí daonra a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin, tubaistí nádúrtha, coinbhleachtaí sóisialta, feiniméin chomhshaoil, athrú aeráide, agus éifeachtaí reatha na ngéarchéimeanna airgeadais agus eacnamaíocha."

**Leonor Berriochoa,** príomhinnealtóir, an rannán forbartha uirbí, an BEI

"Na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide agus inbhuanaitheachta comhshaoil a leagadh síos agus a cuireadh chun feidhme trí Threochlár an Bhainc Aeráide, sáraíodh iad roimh an spriocam don dara bliain as a chéile. Leanfar ar aghaidh ag tacú agus ag feabhsú na dtorthaí sin trí tháirgí airgeadais saincheaptha agus trí bheartas fadcheannach, amhail an cur chuige ceannródaíoch atá glactha ag an BEI i leith an aistrithe chóir chothroim i dtíortha atá i mbéal forbartha. Is cúis bhróid dom a bheith ar fhoireann bainc phoiblí atá ag déanamh difir."

**Stephen O'Driscoll,** ceannasaí an rannáin comhshaoil, aeráide agus beartais shóisialta, an BEI

**Tá gach uile ghné den saol mar atá faoi láthair faoi scáth an athraithe aeráide agus na bagartha don chomhshaol. Tionscadail agus forbairtí a mheastaí tráth a bheith in earnálacha nó i dtionscail ar leith, ní mór dóibh an gá atá le héifeachtúlacht fuinnimh nó le giniúint fuinnimh a chur san áireamh ina bhfeidhmiú rialta anois. Caithfidh cathracha, monarchana agus láithreáin tógála a bheith inbhuanaithe. Fágann beartais fhadcheannacha an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta go bhfuilimid chun tosaigh ar an gcuid eile maidir le teicneolaíochtaí glana glasa – agus maidir leis na teicneolaíochtaí sin a chur chun cinn i ngach réimse den saol mór.**

**"Is é an t-uisce an rud dofheicthe a chumasóidh an t-aistriú chuig geilleagar glas. Faoi 2050, beidh os cionn 40% de dhaonra an domhain ina gcónaí in abhantracha a bheidh go mór faoi strus ó thaobh uisce de faoin am sin. Gach seans go mbeidh neamhdheimhneacht an tsoláthair uisce ina cúis le méadú ar phraghsanna bia agus le coinbhleacht. Tá géarghá le hinfheistíocht mhéadaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, san earnáil. Tugann na tionscadail a mhaoinímid aghaidh ar theipeanna margaidh agus laghdaíonn bearnaí infheistíochta ionas go mbainfear úsáid as acmhainní atá gann le córais uisce atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a thógáil agus tionchar fadtéarmach a leithéid de chórais a uasmhéadú."**

**Karine Measson,** ceann an rannáin bainistíochta uisce, an BEI

# GLAS AGUS DAONNACHTÚIL

**Tá Kraków le bonneagar uirbeach a uasghrádú d'fhonn an chathair a dhéanamh níos glaise do chónaitheoirí agus le cabhrú le teaghlaigh ón Úcráin.**

Le fada an lá tá truailliú aeir ina scamall ar áilleacht Kraków agus ag déanamh dochar do chaighdeán maireachtála na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa chathair. Le hé sin a athrú, tá Kraków ag obair ar phlean uirbeach chun an chathair a athrú ina cathair chliste atá neodrach ó thaobh na haeráide de. "Ba mhaith linn go mbreathnófaí orainn mar chathair nuálaíochta, mar ionad eolaíochta, mar ionad taighde agus forbartha, mar cheannródaí san fhorbairt uirbeach inbhuanaithe agus sa ghníomhú ar son na haeráide," arsa Andrzej Łazęcki, stiúrthóir rannóg bainistíochta cathrach agus aeráide Kraków.

Tá brú gan choinne ar bhonneagar Kraków freisin ó thug ionradh na Rúise ar an Úcráin thart ar 270 000 teifeach chun na cathrach. Bhí teacht an oiread sin daoine ina chúis le héileamh thar na bearta ar bhonneagar agus ar sheirbhísí poiblí, amhail oideachas, cúram sláinte agus tithíocht. In ainneoin go bhfuil sé ina chogadh i dtír níos lú ná 300 km ar shiúl, níor lig Kraków na spriocanna uaillmhianacha aeráide a bhí acu le sruth. Ina áit sin, tá siad ag iarraidh dhá sprioc a bhaint amach ag an am céanna – an chathair a dhéanamh níos glaise agus bonneagar uirbeach Kraków a uasghrádú agus a athchóiriú le freastal ar riachtanais na saoránach agus na nÚcránach araon. "Is féidir linn neart a fhoghlaim ón gcur chuige atá glactha ag Kraków le déileáil leis an athrú aeráide agus leis an ngéarchéim dhaonnúil atá ann faoi láthair," a deir Leonor Berriochoa, an t-innealtóir sinsearach de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar iasacht €130 milliún (PLN 585 milliún) don chathair, a síníodh in 2023. "D'fhéadfadh sé go leor cathracha eile a spreagadh lena ndea-shampla a leanúint."

Tá gá leis an bhforbairt uirbeach le go mbeidh rath agus forbairt ar chathracha. Ní hamháin sin, ach is féidir léi cabhrú le cathracha dul in oiriúint do ghéarchéim dhaonnúil agus déileáil léi. "Ní féidir le cathair ach méid teoranta daoine a óstáil," arsa Katerina Zisimopoulou, speisialtóir uirbeach sinsearach leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Mar sin, nuair a thagann na mílte daoine, ní féidir leis an mbonneagar oideachais, iompair ná bonneagar eile atá ann cheana freastal ar riachtanais an phobail atá ag dul i méid, rud is cúis le coimhlint, easpa acmhainní agus meath tapa ar sheirbhísí agus ar bhonneagar poiblí."

Tá tábhacht nach beag ag baint le tionscadail forbartha uirbí le freastal ar riachtanais an phobail i réimsí amhail oideachas, cúram sláinte agus fostaíocht, toisc gurb iadsan na tionscadail sin a thógann bonneagar poiblí nua agus a dhéanann uasghrádú ar an mbonneagar atá ann cheana ar bhealach ionchuimsitheach agus comhtháite.

## Géarchéim dhaonnúil ag bagairt ar an gcathair

Chuir na húdaráis áitiúla an plean forbartha uirbí a bhí acu in oiriúint do riachtanais mhéadaitheacha an phobail, idir shaoránaigh Kraków agus na hÚcránaigh a bhfuil saol nua tosaithe acu sa chathair le blianta beaga anuas. "Dhíríomar ar chomhtháthú an phobail Úcránaigh nuathagtha agus ar a chinntiú go mbeadh fáil acu ar na seirbhísí poiblí go léir, seirbhísí ar ghá iad a leathnú le freastal ar an oiread sin daoine," arsa Elżbieta Żurek-Kois, stiúrthóir na rannóige gnóthaí sóisialta agus sláinte i mBardas Kraków.

Teastaíonn infheistíocht shuntasach, pleanáil chúramach agus am le bonneagar uirbeach nua a thógáil agus na saoráidí atá ann cheana a uasghrádú. Is mó an t-ualach airgid sa chás seo toisc go bhfuil gá níos mó anois le seirbhísí agus bonneagar riachtanach le freastal ar an éileamh ó phobal na ndídeanaithe. Le tacú le hiarrachtaí Kraków, **cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta creatiasacht €334 milliún (PLN 1 500 milliún) – ní raibh sa €130 milliún a síníodh i mí Lúnasa ach an chéad tráinse**. Tá an maoiniú ina chuid den Chlár Pacáiste Dlúthpháirtíochta don Úcráin, tionscnamh arb aidhm leis infheistíochtaí uirbeacha agus réigiúnacha i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú mar fhreagairt ar an gcogadh san Úcráin. "Tá daoine in Kraków ag obair go dian dícheallach le déileáil leis an ngéarchéim dhaonnúil agus cathair níos glaise a thógáil ag an am céanna," arsa Marcin Futera, oifigeach iasachta ag an m Banc Eorpach

> "D'fhéadfadh sé go leor cathracha eile a spreagadh lenár ndea-shampla a leanúint."

Infheistíochta. "A bhuíochas leis an gcreatiasacht, is féidir linn tionscadail éagsúla de gach méid agus cineál a mhaoiniú ar fud na cathrach."

### Kraków níos glaise a thógáil

Tá an bardas ag déanamh athchóiriú suntasach ar a chuid foirgneamh d'fhonn a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Áirítear leis an obair sin, i measc bearta eile, insliú, fuinneoga agus doirse nua, soilsiú LED, comhlaí teirmeastatacha agus íontóirí aeir. Go dtí seo, tá athchóiriú iomlán déanta ar 43% de na 323 foirgneamh poiblí atá faoi bhainistiú ag an gcathair agus tá bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe, idir bheag agus mheasartha, déanta in 34% acu.

Tá an cur chuige atá glactha ag Kraków beagán difriúil freisin toisc go bhfuil cead cainte ag na saoránaigh féin sa phróiseas cinnteoireachta. D'eagraigh an bardas dhá phainéal saoránach, ina bhféadfadh cónaitheoirí agus saineolaithe forbairt iompair inbhuanaithe a phlé, chomh maith leis an laghdú ar an méid fuinnimh a úsáidtear agus úsáid na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite. Bhí moltaí na bpainéal ceangailteach.

"Toisc gur tugadh deis do na saoránaigh go léir a bheith páirteach sa phróiseas, rinneamar ár gcion féin le comhfhiosacht chomhshaoil a chothú agus lena fháil amach céard go díreach a bhí ag teastáil uathu," arsa Łazęcki, an bainisteoir bardasach. "Is féidir linn an chathair a dhéanamh níos ionchuimsithí agus níos compordaí le cónaí inti, agus a chinntiú ag an am céanna go mbeidh teacht aniar inti i gcásanna atá deacair le tuar."

## OSPIDÉAL INBHUANAITHE

### LAGHDAÍONN ATHCHÓIRIÚ AR OSPIDÉAL SAN ÍSILTÍR ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN

Tá Ionad Leighis Haaglanden ar cheann de na hospidéil chliniciúla is fearr san Ísiltír. Ach tá athchóiriú de dhíth ar chuid mhaith de na foirgnimh le cúram maith a chinntiú agus lena lorg comhshaoil a laghdú. Shínigh an t-ospidéal, atá lonnaithe san Háig agus a dtugtar HMC air, iasacht €110 milliún i mí an Mheithimh leis an mBanc Eorpach Infheistíochta le hathchóiriú a dhéanamh ar dhá cheann dá phríomhláithreáin, a mbeadh i gceist leis an trealamh agus na soláthairtí leighis is déanaí a fháil, chomh maith le córais nua téimh agus fuaraithe. Astaíochtaí carbóin a laghdú 64% an sprioc atá acu.

Chomh maith leis an méid fuinnimh a shábhálfar, beidh na hothair níos sláintiúla de bharr na hoibre. Déanann an t-ionad plé le breis is 170 000 othar gach bliain, a thagann ó gach cearn den Ísiltír le cóir leighis a fháil ó speisialtóirí tráma, néareolaíochta agus ailse. Idir an dá linn, déanfaidh an t-aistriú chuig córas teaschaidéil sa gheimhreadh agus chuig trealamh fuaraithe hibridigh sa samhradh difríocht mhór maidir leis an méid fuinnimh a úsáidtear san ospidéal. "Trí infheistíocht a dhéanamh i gcaidéil teasa agus san fhuarú hibrideach leis an méid fuinnimh a úsáidtear agus na costais a laghdú," arsa Martijn Wiesenekker, príomhoifigeach airgeadais an ospidéil, "táimid ag tapú na deise freisin le breathnú ar ár dtionchar comhshaoil."

# BLOIC A ITHEANN CARBÓN

**Téann ceithre chomhlacht ón mBeilg i gcomhar le chéile ar thionscadal geilleagair chiorclaigh áitiúil ina n-úsáidtear fotháirgí an phróisis déanta cruach le bloc saoirseachta a chruthú ar lú a astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ná bloic eile dá leithéid**

Má bhí táirge ann riamh a d'athraidh fadhb ina réiteach, is é an bloc saoirseachta nuálach a d'fhorbair ceithre chomhlacht ón mBeilg é. Déantar an chuid is mó de bhloic choincréite le stroighin, rud is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Déantar an bloc nuálach Beilgeach le dé-ocsaíd charbóin a bhailítear ó phróisis thionsclaíocha eile. Itheann sé dé-ocsaíd charbóin agus athraíonn sé ina rud úsáideach í.

Is é táirgeadh na stroighne foinse 2.4% de na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin domhanda a thagann ó fhoinsí tionsclaíocha agus fuinnimh. Mar sin, tá na ceithre chomhlacht, a bhfuil saoráidí acu go léir gar do Liège, ag forbairt táirge a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige don troid i gcoinne an téimh dhomhanda. "Tá ár dtionscadal an-nuálach," a deir Antoine Gregoire, bainisteoir forbartha ag Prefer, ceann de na ceithre chomhlacht. "Idir chiorclach agus áitiúil atá sé."

> **"Tá ár dtionscadal an-nuálach. Idir chiorclach agus áitiúil atá sé"**

Seo an chaoi a n-oibreoidh sé. Nuair a dhéanann ceann de na comhlachtaí, Lhoist, cloch a théamh le haol a dhéanamh, cruthaíonn siad dé-ocsaíd charbóin. In ionad ligean don dé-ocsaíd charbóin sceitheadh amach, seolfaidh siad an gás síos píblíne ar le Fluxys í, comhlacht a dhéanann plé le tarchur an gháis nádúrtha de ghnáth. Tabharfaidh an phíblíne 2 km an gás chomh fada le Prefer, comhlacht a dhéanann ábhair choincréite. Ansin tiocfaidh Orbix isteach sa scéal, comhlacht a fhorbraíonn ábhair inbhuanaithe do na hearnálacha tógála agus cruach. Tógfaidh siadsan an tslaig a fhágtar tar éis do chomhlacht eile an t-aol ó Lhoist a úsáid le cruach a tháirgeadh. Cuirfidh siad an tslaig go Prefer i mbád. Ar deireadh, tabharfaidh Prefer an tslaig agus an dé-ocsaíd charbóin le chéile le bloc a dhéanamh. Is é sin le rá go n-úsáidfear an dé-ocsaíd charbóin leis an mbloc a chruachan, próiseas a dtugann na comhlachtaí CO2ncrEAT air toisc gurb é fírinne an scéil go n-itheann sé $CO_2$.

Ach tá sé an-chostasach a leithéid de thionscadal tionsclaíoch nuálach a fhorbairt. €7.5 milliún an costas a bhí air dar leis na ceithre chomhlacht. Mar sin, theastaigh uathu tacaíocht a fháil ón gCiste Nuálaíochta, clár maoinithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh teicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha. Fuair siad tacaíocht ó shaineolaithe ar fhoireann Chiste Nuálaíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. "Bhí orainn a léiriú go raibh an tionscadal inmharthana ar bhonn eacnamaíoch, agus an méid a thug ceathrar ball an chuibhreannais don tionscadal á chur san áireamh," arsa Matthieu Banal, an comhairleoir airgeadais de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh leis na comhlachtaí.

Seolann an Coimisiún Eorpach na hiarratais a fhaigheann siad ó thionscadail ar aghaidh chuig foireann Chiste Nuálaíochta an BEI, atá comhdhéanta de shaineolaithe ó Sheirbhísí Comhairleacha an Bhainc agus ó Stiúrthóireacht na dTionscadal, le haghaidh cúnamh airgeadais agus teicniúil. Rinne an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol an tionscadal seo a réamhroghnú le haghaidh deontas €4 milliún faoi ghlao de chuid an Chiste Nuálaíochta ar thionscadail bheaga. **Síníodh an comhaontú deontais i mí na Bealtaine 2023 agus cuireadh tús leis an tionscadal i mí an Mheithimh**. "Gan an deontas, bheadh sé róchostasach an próiseas déantúsaíochta le haghaidh na mbloc seo a fhorbairt," arsa Gregoire. "Na rioscaí a bhainfeadh leis an nuálaíocht agus leis an gcaiteachas caipitil a bheadh ag teastáil leis an monarcha a thógáil, bheidís ró-ard."

# I gCOMHAR LEIS AN NÁDÚR, NÍ INA ÉADAN

## Réitigh nádúrbhunaithe leis an mbaol tuilte a mhaolú sa Ghréig

Réab stoirmeacha cumhachtacha an Teasáil i dtuaisceart na Gréige dhá uair i mí Mheán Fómhair 2023, agus bhí tuilte uafásacha ann dá mbarr. "Bhí an t-ádh linn nach bhfuair aon duine bás sa dara stoirm, toisc gur scrios an chéad cheann ár líonra braiteoirí réamhrabhaidh go hiomlán," arsa Harry Kalliaras, comhairleoir do mhéara Trikala, cathair in iarthuaisceart na Teasála a bhfuil thart ar 80 000 ina gcónaí inti. Scriosadh 150 teach sna stoirmeacha, gan trácht ar an damáiste ollmhór a rinneadh do ní ba mhó ná 1 000 teach i lár na cathrach agus i sráidbhailte in aice láimhe. Tar éis an dara stoirm, is beag nár stop an saol go hiomlán sa chathair, atá 3 000 bliain d'aois. D'ordaigh na húdaráis do chónaitheoirí fanacht istigh fad is a bhí iniúchadh sábháilteachta á dhéanamh ar an 12 dhroichead a théann trasna an Lithaios sa chathair. Táthar á mheas cheana féin go gcosnóidh sé na billiúin ar an réigiún, a dtugtar gráinseach na Gréige air.

Ní hé an chéad uair atá an Teasáil thíos le tuilte ach an oiread. Siar sna 1930idí a cuireadh tús le canálú na n-aibhneacha, rud a raibh i gceist leis claífoirt agus cladáin choincréite ollmhóra a thógáil. Lean na hathruithe ó bhonn ar an tírdhreach ar aghaidh go dtí na 1970idí, tráth a raibh míntíriú talún ar bun. Anois, áfach, is minice ar fad a bhíonn drochaimsir ann de dheasca an athraithe aeráide agus tá ag teip go hiomlán ar na cineálacha cur chuige sin aon chosaint a thabhairt ina haghaidh, rud atá ag spreagadh an réigiúin le machnamh a dhéanamh ar chur chuige an-difriúil go deo: fáil réidh leis an gcoincréit agus deis a thabhairt don nádúr a chuid oibre a dhéanamh. "Is cuimhin liom go mbíodh báisíní in aice na habhann 40 bliain ó shin a choinnigh siar an tuile," arsa Kalliaras. "Ó shin i leith, is é an cur chuige a raibh glacadh leis ná iarracht a dhéanamh srian a chur leis an abhainn agus bac a chur ar na bealaí nádúrtha a d'úsáideadh sí nuair a bhíodh tuilte ann. Bhí go leor tógála gar don abhainn, leis. Dá mbeadh na báisíní nádúrtha sin fós ann, is léir nach mbeadh an damáiste don bhaile chomh tromchúiseach céanna."

> **"Dá mbeadh na báisíní nádúrtha sin fós ann…"**

**Is é sin go díreach an cur chuige nádúrtha a moladh i staidéar ar mhaoinigh an Banc Eorpach Infheistíochta é agus a bhí faoi stiúir Global Infrastructure Basel agus Chiste Domhanda an Fhiadhúlra, an Ghréig – cur chuige a bhí ina ábhar don phlé ar fad le páirtithe leasmhara in 2023**. "Caithfimid dul i gcomhar leis an nádúr, ní ina éadan," arsa Aimilia Pistrika, innealtóir sinsearach uisce leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

### Cuireann staidéar réitigh nádúrbhunaithe chun cinn leis an mbaol tuilte a mhaolú sa Ghréig

De réir an staidéir phíolótaigh, bheadh cineálacha cur chuige nádúrbhunaithe i leith bainistiú tuilte sa réigiún, amhail aibhneacha a leathnú agus a nascadh lena dtuilemhánna, foraoisí bruachánacha a chruthú agus fáil réidh le struchtúir a tógadh le sreabhadh aibhneacha a rialú nó a bhacadh, bheidís i bhfad ní b'éifeachtaí ná a bheith ag brath ar bhonneagar "liath" um chosaint in aghaidh tuilte, cibé acu nua nó athshlánaithe, ar nós cladán. De réir na tuarascála, bheadh luach stórála carbóin an chur chuige nádúrbhunaithe leis féin (thart ar €12.8 milliún) níos mó ná costas a churtha chun feidhme (€6.8 milliún) agus níos mó ná costas an chur chuige hibridigh (€9.3 milliún).

Tá dúshláin áirithe i gceist le cineálacha cur chuige nádúrbhunaithe i leith maolú tuilte, áfach. "Próiseas fada go leor é ó thaobh ama de," a deir Catherine McSweeney, atá ag obair i rannán sochaí sibhialta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. "Tá imeachtaí for-rochtana agus cruinnithe á n-eagrú againn leis na húdaráis agus leis na páirtithe leasmhara le dhá bhliain anuas anois. Ach tá go leor foghlamtha againn ar an tionscadal seo agus creidimid go bhfuil cur chuige forbartha againn ar féidir é a luathú, a mhéadú agus a athchruthú in áiteanna eile."

# SMAOINEAMH ÚR

## Cuireann samhail díola dhírigh CrowdFarming bia úr agus talmhaíocht inbhuanaithe chun cinn le hastaíochtaí a laghdú agus brabús a thabhairt d'fheirmeoirí beaga orgánacha

Nuair a fuair na deartháireacha Gabriel agus Gonzalo Úrculo plandáil oráiste a seanathar in Valencia na Spáinne le hoidhreacht, chuir daoine dá muintir comhairle orthu an fheirm a dhíol de bharr go raibh sé ag cailleadh airgid. Ach shocraigh siad iarraidh amháin eile a thabhairt air. Thosaigh siad ag díol le hidirghabhálaithe, ar nós comharchumann agus ceannaitheoirí móra, go díreach mar a rinne a seanathair i gcónaí. Ach ní raibh a ndóthain airgid á thuilleamh acu lena gcuid costas a chlúdach. Bheartaigh siad láithreán gréasáin a chruthú, Naranjas del Carmen, le díol go díreach le tomhaltóirí ar fud na hEorpa. Dhíol an láithreán gréasáin torthaí le cairde sa Ghearmáin agus san Ostair, ach thosaigh sé ag fás de réir a chéile trí scéal scéil. Nuair a rinne Deutsche Welle, craoltóir poiblí na Gearmáine, scéal faoin ngarrán oráistí, tháinig borradh ar líon na n-orduithe. Bhí an t-éileamh chomh láidir sin nach raibh Naranjas del Carmen in ann na horduithe a chomhlíonadh.

> " Táimid tiomanta go mór don choincheap 'ón bhfeirm go dtí an bord' "

Chonaic feirmeoirí eile sa cheantar céanna sa Spáinn cé chomh maith is a bhí ag éirí leis an tionscadal agus d'iarr siad cabhair ar na deartháireacha a gcóras díolacháin ar líne féin a shocrú. Bhí Gonzalo agus Gabriel tar éis bearna mhór sa mhargadh a aithint: éileamh ollmhór ó thomhaltóirí a bhí ag iarraidh nascadh go díreach le feirmeoirí. In 2017, bhunaigh na deartháireacha Úrculo CrowdFarming leis na seirbhísí a d'fhorbair Naranjas del Carmen le himeacht na mblianta le táirgí a dhíol go díreach le tomhaltóirí deiridh – bogearraí, dearadh gréasáin, lóistíocht, seirbhísí do chustaiméirí, margaíocht agus tacaíocht agranamaíoch – a chur ar fáil go díreach d'fheirmeoirí eile. "Tháinig CrowdFarming ar an saol mar ionad ilfhreastail d'fheirmeoirí atá ag iarraidh a gcainéal díolacháin dhírigh féin a chur ar bun," arsa Román Martínez de Aragón, an ceann straitéise in CrowdFarming. "Déanaimidne plé leis na rudaí casta sin ionas gur féidir leis na feirmeoirí díriú ar an mbia a fhás, a tháirgeadh agus a bhaint."

Tá CrowdFarming ag digitiú earnáil na talmhaíochta san Eoraip, earnáil atá comhdhéanta de tháirgeoirí beaga den chuid is mó nach mbíonn na hacmhainní ná an saineolas acu de ghnáth le díol go díreach le tomhaltóirí trí láithreán gréasáin. Taobh thiar den láithreán tá 300 feirmeoir ó 15 thír, iad san Eoraip den chuid is mó. Is féidir le custaiméirí boscaí torthaí agus glasraí nó táirgí amhail mil agus cáis a ordú. Is féidir leo crann, píosa talún, nó ainmhí a uchtú fiú amháin, agus an chéad rogha de na táirgí ón rud sin a fháil. D'fhonn borradh a chur faoi shaothar an chomhlachta ar a ardáin agus a bhogearraí digiteacha, **shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht fiachais fiontair €15 milliún le CrowdFarming i mí Mheán Fómhair 2023, le tacaíocht ó chlár InvestEU**.

"Tá sé de chumhacht anois ag feirmeoirí, a chaithfidh glacadh le praghsanna ó ollmhargaí de ghnáth, a bpraghsanna féin a shocrú, rud is cúis le hathrú paraidíme sa tionscal," arsa Jérôme Marcelino, an t-oifigeach sinsearach iasachta a bhí i gceannas ar an infheistíocht thar ceann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

### Blasta, agus go maith don phláinéad freisin

Ní dhéanann CrowdFarming plé ach le feirmeoirí atá ag táirgeadh bia orgánach nó atá ag tosú ar bhia orgánach a tháirgeadh. Roghnaíonn agranamaithe go cúramach na feirmeoirí a dtugtar deis dóibh a gcuid táirgí a chur ar díol ar an ardán, iad ag cinntiú go bhfuil na caighdeáin inbhuanaitheachta, cháilíochta agus táirgthe is airde i bhfeidhm acu. Is as Málaga do María Martínez Hijano, áit a bhfuair sí feirm theaghlaigh le hoidhreacht ón tríú glúin siar in 2017. Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur éirigh léi a chur ina luí ar a muintir gur

> **Ionad ilfhreastail d'fheirmeoirí atá ag iarraidh a gcainéal díolacháin dhírigh féin a chur ar bun**

chóir dóibh an fheirm a athrú ina feirm orgánach. Thosaigh sí ag díol mangónna trí ardán CrowdFarming in 2020, agus d'éirigh go hiontach léi. "Bhíomar in ann fás agus nuáil a dhéanamh i dtreo stíl feirmeoireachta atá ag teacht níos mó agus níos mó leis an gcomhshaol," a deir Hijano.

Murab ionann is roinnt ollmhargaí, ní stórálann CrowdFarming na táirgí ar feadh seachtainí ná ní dhéanann iad a spraeáil le ceimiceáin fhrithfhungasacha chun go mairfidh siad níos faide. Na torthaí agus na glasraí a dhíoltar ar an láithreán gréasáin, ní dhéantar iad a bhaint ach de réir na n-orduithe a fhaightear isteach, agus fágtar torthaí agus glasraí ar na crainn nó sa talamh go dtí go bhfuil siad díreach i gceart lena gcur amach chuig custaiméirí. San fheirmeoireacht thraidisiúnta, baintear bia nuair is fearr a fheileann sé don idirghabhálaí, amhail an t-ollmhargadh, agus bíonn táirgí i seomraí aibithe nó i gcuisneoirí tionsclaíocha ar feadh míonna ansin.

Cé go gcinntíonn cur chuige CrowdFarming go mbíonn na táirgí blasta, cruthaíonn sé obair bhreise d'fheirmeoirí, nach ndéanadh an fómhar a bhaint ach uair sa bhliain lena chur chuig idirghabhálaithe nó ollmhargaí. I gcás CrowdFarming, ní mór d'fheirmeoirí an fómhar a bhaint arís is arís eile.

Tá feirmeoirí sásta an obair bhreise sin a dhéanamh mar gheall ar na buntáistí a bhaineann leis an díol díreach. Is féidir leo a n-ioncam a mheas míonna roimh ré, agus bíonn an corrlach níos airde ná na líonraí díolacháin traidisiúnta. Is féidir leo idir a dhá agus a cheithre oiread níos mó a fháil ar thorthaí citris, cuir i gcás, ná mar a gheobhaidís i siopaí traidisiúnta. Don chustaiméir, tá na praghsanna nach mór mar an gcéanna leo siúd a d'íocfaidís in ollmhargaí orgánacha in iarthar agus i dtuaisceart na hEorpa.

"Táimid tiomanta go mór don choincheap 'ón bhfeirm go dtí an bord'" arsa Cristina Domecq, an ceann inbhuanaitheachta agus tionchair ag CrowdFarming. "A luaithe a dhéanann tú d'ordú, tosaíonn CrowdFarming agus na feirmeoirí ag baint agus ag pacáil na dtáirgí orgánacha is úire dá bhfuil ann le hiad a chur go díreach chuig do dhoras. Scoth na dtáirgí úire a chur go díreach chugatsa – sin é bun agus barr an scéil."

### Bealach úr le breathnú ar an mbiashlabhra

In 2022, rinne CrowdFarming staidéar d'fhonn tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag a shamhail ar astaíochtaí carbóin agus ar dhramhbhia. Sa staidéar, rinneadh comparáid idir aistear na n-oráistí ó fheirmeacha go díreach chuig teach an tomhaltóra le córas dáileacháin traidisiúnta na n-ollmhargaí. Fuarthas amach go raibh na hastaíochtaí 20% níos ísle i gcás na ndíolachán díreach ná mar a bhí i gcás chóras na n-ollmhargaí. Léiríodh chomh maith nár cuireadh amú ach 3% den bhia sa slabhra soláthair, i gcomparáid le 22% i gcóras na n-ollmhargaí.

Tá foireann thart ar 200 duine ag CrowdFarming, forbróirí bogearraí den chuid is mó, atá ag obair leis an ardán a fheabhsú i gcónaí. Is iadsan atá freagrach as bogearraí lóistíochta inmheánacha darb ainm "CrowdSender" a choinneáil chomh maith, arb é an rud a chuireann ar chumas an chomhlachta orduithe a bhainistiú go héifeachtach, iad a ghrúpáil de réir réigiúin agus a chinntiú go mbíonn trucailí luchtaithe go hiomlán, ionas go ndéantar na seachadtaí ar an mbealach is costéifeachtaí agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

A bhuí leis an maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta, beidh an comhlacht in ann leanúint de bheith ag nuáil maidir le samhail ghnó, próisis, feidhmchláir dhigiteacha agus bogearraí, arsa Alejandro Raboso Campos, comhairleoir ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Agus is rud é sin a chuirfidh chun cinn táirgeadh bia ar bhealach inbhuanaithe a thugann cothrom na Féinne do chách.

"Is annamh a fheicimid tionscadal a bhfuil a thorthaí chomh díreach agus chomh follasach sin," a deir Raboso Campos. "Tá sé go maith do na feirmeoirí, do na tomhaltóirí, agus don chomhshaol araon."

# GIGEAVATA AR AN DÍON

**Tá an comhlacht lóistíochta CTP ag cur líon dochreidte grianphainéal ar dhíonta a saoráidí i bPoblacht na Seice agus in áiteanna eile d'fhonn costais agus astaíochtaí a laghdú dá gcuid tionóntaí, agus borradh a chur faoina mbrabús freisin**

Is féidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite úinéir tí bhig fiú a athrú ina chomhlacht leictreach – níl le déanamh aige ach roinnt painéil ghréine a chur ar a dhíon agus an fuinneamh nach n-úsáideann sé a dhíol ar ais lena sholáthraí. I gcás comhlacht a bhfuil 11 milliún méadar cearnach de dhíon aige, is deis é sin a bhainfeadh an anáil díot. Is é CTP an t-úinéir agus an bainisteoir maoine lóistíochta is mó atá liostaithe san Eoraip agus, anois, tá díonta na bhfoirgneamh atá acu le clúdach le grianphainéil ionas go mbeidh an fuinneamh in-athnuaite ina chuid shuntasach de ghnó an chomhlachta, in éineacht le foirgnimh nua a fhorbairt agus páirceanna gnó a oibriú. Is é an chéad chéim eile ar aistear CTP chun an fhuinnimh ná grianphainéil a chur ar dhíonta na bhfoirgneamh atá acu i ngach tír ina n-oibríonn siad. Céim ollmhór atá ann mar, cé go bhfuil scaireanna CTP liostaithe ar Euronext in Amstardam, tá formhór a gcuid gnó i dtíortha i Lár agus in Oirthear na hEorpa, amhail Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ungáir agus an Rómáin. "Dar linn is é an fuinneamh tríú aonad gnó an chomhlachta," arsa Maarten Otte, atá i gceannas ar an gcaidreamh le hinfheisteoirí agus lonnaithe san oifig de chuid CTP i bPrág. "Is í an ghrianchumhacht an chéad chéim ina leith sin, ach beidh i bhfad níos mó ná sin i gceist. Tá sé ar intinn againn stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil dár dtionóntaí, cuir i gcás, chomh maith le seirbhísí bainistíochta agus stórála fuinnimh a sholáthar."

> **"Tá sé ag cur le neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa"**

Tá an comhlacht ag rá go mbeidh suas le 400 MWp d'acmhainn suiteáilte ar a gcuid foirgneamh faoi dheireadh 2026. Seasann MWp do "bhuaic-mheigeavata," ar tomhas é ar an aschur cumhachta is mó is féidir a fháil ó fhoinse athraitheach, amhail solas na gréine. Agus nuair a chuireann tú sa mheá go bhfuil sé beartaithe acu an phunann atá acu a mhéadú faoi dhó sna blianta amach romhainn agus, dá réir sin, an spás dín atá acu freisin, ní haon áibhéil a rá go bhféadfadh CTP a bheith ag giniúint 1 GWp sna tíortha sin faoi 2030. Céim mhór chun tosaigh i dtreo an dícharbónaithe is ea é sin i dtíortha ina bhfuil na hastaíochtaí fós ard go leor.

### An ghrianchumhacht dín agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa

Úsáidtear na foirgnimh atá ag CTP mar ionaid lóistíochta, agus i gcás roinnt cliaint thionsclaíocha éadroma, mar ionaid táirgthe. Úsáideann mar bhunáit san Eoraip iad freisin do chomhlachtaí a mbeadh orthu spás a lorg in áiteanna eile ar nós na hÁise murach iad, rud a choinníonn tionscail thábhachtacha san Eoraip agus a ghiorraíonn slabhraí soláthair. "Tá CTP ag mealladh comhlachtaí ar ais ón Áise," arsa Jan Morawiec, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. "Tá siad ag cur le neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa."

Tar éis an chur isteach ar an soláthar tionsclaíoch de dheasca phaindéim COVID-19 agus an ganntanas fuinnimh a bhí ann tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá an neamhspleáchas straitéiseach sin ríthábhachtach do thodhchaí na hEorpa. Tá an ghné straitéiseach sin den tionscadal ar cheann de na cúiseanna ar shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €200 milliún le CTP i mí Mheán Fómhair 2023 leis an tionscadal grianchumhachta a mhaoiniú sna ceithre thír i Lár agus in Oirthear na hEorpa go príomha, is iasacht atá ina cuid den ranníocaíocht €45 billiún a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta le RePowerEU.

Tá na grianphainéil go maith don aeráid. Tá ciall leo freisin ó thaobh airgid de – do CTP agus dá gcuid tionóntaí araon. "Tugann sé buntáiste iomaíoch dóibh thar chomhlachtaí lóistíochta eile nach gcuireann cúrsaí soláthair fuinnimh san áireamh ina gconarthaí cíosa," arsa David González García, príomhinnealtóir le haghaidh na gclár aistrithe fuinnimh sa Bhanc Eorpach Infheistíochta.

# AN EORAIP Á hATHCHUMHACHTÚ

**Neartaíonn trí thionscadal fuinnimh in-athnuaite de chuid na Spáinne neamhspleáchas fuinnimh na hEorpa de bharr go ndéanann siad forbairt ar acmhainn ghrianchumhachta agus ghaothchumhachta agus ar líonraí tarchurtha**

Bhí sé d'aidhm ag Jaime Celaya riamh dul ag obair sa mhargadh fuinnimh in-athnuaite toisc gur dearfach an tionchar atá aige ar an saol. Mar sin, tar éis dó a chuid staidéir a chur i gcrích agus roinnt taithí ghairmiúil a fháil go gairid ina dhiaidh sin, chuaigh sé isteach in Iberdrola, an comhlacht fuinnimh is mó san Eoraip de réir caipitliú margaidh agus ceannródaí san fhuinneamh in-athnuaite. Ina ról mar fhorbróir gnó, déanann sé tionscadail nua fuinnimh a mheas, a roghnú agus a chur i bhfeidhm d'fhonn cabhrú le Iberdrola astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2040.

"Earnáil an-dinimiciúil agus an-ghníomhach is ea í, ina mbíonn teicneolaíochtaí nua, meicníochtaí nua agus teicnící nua ag teacht chun cinn ó lá go lá," ar seisean. "Gach lá, foghlaimím rud éigin nua agus faighim níos mó eolais."

Sna blianta amach romhainn, beidh Celaya ag obair ar phlean uaillmhianach atá ag Iberdrola le líonra fairsing de 19 stáisiún grianchumhachta fótavoltaí agus 3 fheirm ghaoithe ar tír a thógáil ar fud na Spáinne, na Portaingéile agus na Gearmáine. "Tá flúirse solas gréine, uisce agus gaoithe againn, arb iad na bunrudaí a theastaíonn le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh," a deir sé. "Caithfidh tíortha infheistíocht a dhéanamh sna hacmhainní agus sna foinsí in-athnuaite sin le bheith in ann a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú."

> **"Caithfidh tíortha infheistíocht a dhéanamh sna hacmhainní agus sna foinsí in-athnuaite sin le bheith in ann a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú"**

Agus acmhainn beagnach 2.2 gigeavata acu, beidh sé de chumas ag na suiteálacha nua suas le 4 theirea-vatuair leictreachais a ghiniúint. Is ionann é sin agus an méid fuinnimh a úsáideann níos mó ná 1 milliún teaghlach sa bhliain ar an meán. Beidh 70% de na plandaí lonnaithe i gceantair thuaithe atá thíos leis an aistriú tionsclaíoch chuig an neodracht, agus i réigiúin ina bhfuil an t-ioncam per capita níos ísle ná meán an Aontais Eorpaigh.

"Cuirimid oiliúint ar fáil do dhaoine sna réigiúin sin, rud a thugann an t-eolas agus na scileanna dóibh le stáisiúin ghrianchumhachta agus feirmeacha gaoithe a oibriú agus a thógáil, agus le dul ag obair iontu," arsa Celaya. "Spreagfar fás agus fostaíocht sna háiteanna seo mar thoradh ar na tionscadail nua seo, rud a fhágann go mbeidh siad in ann tuilleadh tionscadal a fhorbairt."

### Soláthar cobhsaí fuinnimh a chinntiú

Tá sé deacair foinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh lenár n-eangacha toisc nach ngineann siad leictreachas go comhsheasmhach. Murab ionann is stáisiúin chumhachta breosla iontaise nó stáisiúin hidreachumhachta, a ghineann leictreachas ar éileamh, braitheann grianphainéil agus tuirbíní gaoithe ar an aimsir agus ar an áit a bhfuil siad. Ciallaíonn sé sin go dtáirgeann siad méideanna éagsúla leictreachais nach féidir a thuar ach go pointe áirithe, rud a fhágann go dtéann sé deacair ar ár n-eangacha fuinnimh soláthar cobhsaí agus comhsheasmhach a choinneáil. Dúshlán nasctha an fhuinnimh in-athnuaite is ea é sin.

Le hé a shárú, beidh hibridiú le córas ceallraí san áireamh i gcuid de thionscadail fhótavoltacha Iberdrola – is é sin dhá fhoinse éagsúla, amhail an ghaoth agus an ghrian, a chur le chéile le stóráil fuinnimh chun soláthar cumhachta níos cobhsaí agus níos iontaofa a chur ar fáil.

"I gcás córais hibrideacha, tógaimid feirm ghrianchumhachta in aice le feirm ghaoithe," arsa Celaya. "Nuair nach mbíonn an ghrian ag taitneamh, is féidir linn cumhacht a ghiniúint ón ngaoth. "Nuair nach mbíonn an ghaoth ag séideadh, is féidir linn cumhacht a ghiniúint ón ngrian. Ar an gcaoi sin, úsáidimid an bonneagar céanna agus ní gá dúinn rudaí a thógáil faoi dhó. Is féidir linn na ceallraí a úsáid ansin le fuinneamh breise ón ngaoth agus ón ngrian a chur i leataobh agus é a chur ar an margadh nuair nach bhfuil an ghaoth ag séideadh ná an ghrian ag taitneamh, nó nuair nach bhfuil aon chumhacht á giniúint acu."

**Tá iasacht €1 bhilliún le cur ar fáil ag an mBanc Eorpach Infheistíochta do Iberdrola** le cómhaoiniú a dhéanamh ar thógáil an 22 stáisiún fuinnimh in-athnuaite sa Spáinn, sa Phortaingéil agus sa Ghearmáin, faoi chomhaontú a síníodh i mí an Mheithimh 2023. "Creatiasacht" a thugtar air, rud ar féidir é a úsáid le raon tionscadal a mhaoiniú.

"Cuireann an cineál seo maoinithe cobhsaíocht, solúbthacht agus maoiniú fadtéarmach ar fáil d'oibríochtaí fuinnimh in-athnuaite a bhfuil roinnt tionscadal i gceist acu," arsa Luis Cañete, oifigeach sinsearach iasachta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta a d'oibrigh ar an margadh.

Tá an oibríocht ina cuid de phacáiste maoinithe a chuir banc an Aontais Eorpaigh ar fáil le tacú le REPowerEU, plean de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a forbraíodh mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus a bhfuil sé mar aidhm aige spleáchas an Aontais ar iompórtálacha breosla iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú glas.

### Bealach nuálach le tionscadail fuinnimh a mhaoiniú

Comhlacht eile é Red Eléctrica de España a chuirfidh aistriú fuinnimh na Spáinne chun cinn. Tá sé beartaithe aige a líonra tarchurtha a leathnú agus a threisiú, arb é an rud a iompraíonn leictreachas ó na stáisiúin chumhachta go tithe, gnólachtaí agus tionscail. Tá na hinfheistíochtaí seo ina gcuid de Phlean Forbartha an Líonra Tarchurtha, 2021-2026, inarb aidhm leis an Spáinn agus le Red Eléctrica:

- saoráidí giniúna in-athnuaite amach anseo a nascadh, rud a chuirfidh ar chumas na Spáinne an sprioc 74% atá ag an tír maidir leis an leictreachas in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030
- iontaofacht na líonraí 220 kV agus 66 kV a fheabhsú
- na hidirnascairí leis an bPortaingéil agus leis an bhFrainc a threisiú
- éifeachtúlacht costais agus iontaofacht an tsoláthair a fheabhsú i gcóras cumhachta na Spáinne, sna hOileáin Bhailéaracha agus sna hOileáin Chanáracha chomh maith

**Le tacú le Red Eléctrica, glacfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta le luach €500 milliún de bhannaí sinsearacha glasa agus de bhannaí hibrideacha glasa a eiseoidh an comhlacht faoi Chreat Maoinithe Ghlais Red Eléctrica. I mí Eanáir 2023, fuair an Banc €41.5 milliún den chéad bhabhta de bhannaí hibrideacha glasa an tionscnaimh**. Ba é an t-idirbheart sin, faoi chlár InvestEU, an chéad idirbheart poiblí faoi chlár ceannaithe bannaí glasa an Bhainc.

> "Is féidir linn fuinneamh breise ón ngaoth agus ón ngrian a chur i leataobh agus é a chur ar an margadh nuair nach bhfuil an ghaoth ag séideadh ná an ghrian ag taitneamh, nó nuair nach bhfuil aon chumhacht á giniúint acu"

**"Is féidir le bannaí glasa agus bannaí hibrideacha glasa an bhearna maoinithe aeráide a líonadh"**

"Is féidir le bannaí glasa agus bannaí hibrideacha glasa an bhearna maoinithe aeráide a líonadh, agus úsáid na margaí caipitil á cur chun cinn ag an am céanna," arsa Raquel Cuervo Salvador, oifigeach maoinithe bannaí sa Bhanc Eorpach Infheistíochta. "Is iomaí buntáiste atá i gceist leo do thionscadail fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear an bonn infheisteoirí a leathnú, riosca cur chun feidhme a laghdú, infhaighteacht maoinithe a mhéadú, gan trácht ar éifeacht ár séala formheasa ar infheisteoirí eile."

Táthar ag súil go ndéanfaidh an tionscadal a chion féin le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus deiseanna fostaíochta a chruthú i réigiúin bheagfhorbartha sa Spáinn.

### Splanc nua fuinnimh in-athnuaite don Spáinn

Beidh ról ríthábhachtach ag stáisiúin ghrianchumhachta san aistriú fuinnimh. Úsáideann siad an fuinneamh flúirseach a thagann ón ngrian le leictreachas a ghiniúint gan gáis ceaptha teasa a chur amach, rud atá riachtanach lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

**Le tacaíocht ó chlár InvestEU, tá creatiasacht suas le €1.7 billiún le cur ar fáil ag an mBanc Eorpach Infheistíochta do Solaria** le tacú leo 120 stáisiún grianchumhachta fótavoltí a thógáil sa Spáinn, san Iodáil agus sa Phortaingéil, faoi chomhaontú a síníodh i mí Mheán Fómhair 2023.

Tá sé mar aidhm ag an gcomhlacht Spáinneach, a cuireadh ar bun in 2002, 5.6 gigeavata d'acmhainn a bheith acu agus é faoi lánseol, a bheadh in ann 9.3 teirea-vatuair a ghiniúint sa bhliain. Is ionann é sin agus an méid fuinnimh a úsáideann beagnach 2.5 milliún teaghlach. Beidh laghdú 3 milliún tona $CO_2$ ar astaíochtaí gás ceaptha teasa gach bliain mar thoradh ar an bhfuinneamh glan sin.

"Beidh tionchar ag forbairt píblíne 5.6 gigeavata d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar fud na Spáinne, na hIodáile agus na Portaingéile ar na tíortha sin agus ar iarrachtaí an Aontais Eorpaigh le dul i ngleic leis an athrú aeráide, ach slándáil fuinnimh a mhéadú ag an am céanna," arsa Elena Cuadros, innealtóir fuinnimh in-athnuaite leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Toisc go mbeidh níos mó ná aon trian de na feirmeacha grianchumhachta i réigiúin bheagfhorbartha, cuirfidh an tionscadal borradh faoin bhfostaíocht sna háiteanna sin is mó a bhfuil gá léi freisin."

# DEARAÍ

## LE COMHIONANNAS A CHUR CHUN CINN

"Is cuid bhunúsach de neartú acmhainneacht nuála, iomaíochas agus comhtháthú sóisialta an Aontais Eorpaigh iad an t-oideachas agus an oiliúint. Tá níos tábhachtaí ná riamh na scileanna cearta a bheith agat san aistriú glas agus digiteach. Sin é an fáth a gcothaíonn an Banc infheistíocht in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán – lenár ndaoine agus lenár scoileanna a ullmhú do dhúshláin amach anseo."

**Patricia Castellarnau,** ceann an rannáin oideachais agus taighde poiblí, an BEI

"Cuireann Seirbhísí Comhairleacha an BEI cuspóirí casta beartais i bhfeidhm ar na margaí. In 2023, thacaigh Seirbhísí Comhairleacha an BEI le leath d'oibríochtaí iasachtaithe an BEI agus le roinnt príomhthionscnaimh leathana ag an gCiste Eorpach Infheistíochta, amhail an brú le comhionannas inscne a bhaint amach i dtionscail caipitil fiontair agus cothromais phríobháidigh na hEorpa. Chabhraíomar le cliaint déileáil leis an aistriú fuinnimh, le forbairtí sa tithíocht shóisialta, sa ríomhaireacht chandamach agus sa chomhionannas inscne, agus le forbairt mhargadh spáis nua na hEorpa."

**Hristo Stoykov,** stiúrthóir, Seirbhísí Comhairleacha, an BEI

"Is í an phríomhghníomhaíocht atá againn ná obair chomhairleach iartheachtach ar thionscadail aeráide. Cuirimid comhairle ar chomhlachtaí maidir le cén chaoi tograí gnó a mhúnlú ina n-oibríochtaí atá inmharthana ar bhonn eacnamaíoch, indéanta go teicniúil agus iontaofa ó thaobh brabúis, agus atá in áit mhaith le teacht a bheith acu ar mhaoiniú ó BEI, ón gCoimisiún Eorpach, ón margadh – nó uathu go léir. Déanaimid staidéir théamacha réamhtheachtacha freisin ina sainaithnítear neamhéifeachtúlachtaí margaidh agus bearnaí maoinithe. Agus eagraímid tionscnaimh forbartha acmhainní, amhail comhairliúcháin earnála agus imeachtaí for-rochtana, le seirbhísí agus táirgí comhairleacha an BEI a chur chun cinn."

**Juliet Dow-Madu,** ceann an rannáin déantúsaíochta, fuinnimh agus iompair, Seirbhísí Comhairleacha, an BEI

**Níl aon chosúlacht ann go mbeidh maolú ar na hathruithe go léir atá ag teacht ar an saol mór, rud a bhfuilimid ag ullmhú dó. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag obair, ní hamháin le go mbeimid ar fad réidh do na hathruithe sin, ach le go n-éireoidh linn go léir sa saol nua atá ar na bacáin. Tá scoileanna níos fearr de dhíth ar ár bpáistí, agus ní mór do na scoileanna sin cur le geilleagar neodrach. Ní mór dúinn é a dhéanamh áisiúil do gach duine bogadh ó áit go háit gan bheith ag scairdeadh carbóin ar fud an bhaill. Agus ní mór dúinn córais iompair agus tionscail soghluaisteachta dhea-bhunaithe a thógáil le hé sin a dhéanamh, ionas go mbeidh rath ar na daoine a fhostaíonn siad, fiú agus fuadar an tsaoil nua seo ag dul ar aghaidh.**

" Is é an maoiniú tionscadail a bhí taobh thiar de chuid de thionscadail an BEI is fearr ar éirigh leo, amhail mótarbhealaí agus iarnróid a fuair réidh le scrogaill tráchta sna Líonraí Tras-Eorpacha agus a mheall isteach caipiteal príobháideach le dlús a chur le hinfheistíochtaí criticiúla. Leathnaíodh ár sainordú de réir a chéile isteach in earnálacha amhail an fuinneamh in-athnuaite, áit ar chuireamar go mór le teacht chun cinn thionscal gaothchumhachta eischósta na hEorpa. Le déanaí, fágann an ról atá againn mar bhanc aeráide an Aontais Eorpaigh go bhfuilimid ag plé le hidirnascairí fuinnimh, le déantúsaíocht ceallraí i gcomhair na soghluaisteachta glaise, agus le laghdú astaíochtaí in earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a laghdú, amhail cruach agus leasacháin. Tá cuid de na tionscadail sin ar thús cadhnaíochta maidir le haistear na hEorpa i dtreo iomaíochas inbhuanaithe. "

**Matthias Woitok,** ceann an rannáin maoinithe tionscadal (Thoir), an BEI

# FOGHLAIM Á CUR CHUN CINN, FUINNEAMH Á SHÁBHÁIL

## Déanfar athchóiriú ar níos mó ná 200 scoil sa Róimh le hiad a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh, ach bhí cabhair ag teastáil ón gcathair leis an tionscadal ollmhór a phleanáil

Is cathair lán staire í an Róimh. Is seoid cheart iad na foirgnimh stairiúla don lucht ealaíne agus don lucht turasóireachta araon, ach ní do na scoláirí féin. Freastalaíonn go leor foghlaimeoirí óga sa Róimh ar scoileanna a théann siar chuig an 19ú haois. Tá cuid de na seanscoileanna sin i ndroch-chaoi – níl siad inslithe go maith ná níl siad feistithe go maith le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí aeráide atá ag athrú. Sin é an fáth a bhfuil an chathair ar tí tabhairt faoin infheistíocht is mó atá déanta acu i bhfoirgnimh oideachais leis na mblianta, agus é mar aidhm acu breis agus 200 scoil a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos inbhuanaithe.

Ach tá sé i bhfad níos deacra athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh is sine. "Tá sé thar a bheith deacair uasghráduithe casta a dhéanamh," arsa Linda D'Amico, ailtire in Oifig Oibreacha Poiblí agus Bonneagair Chathair na Róimhe, toisc go gcaithfear foirgnimh ársa a chosaint agus a chaomhnú.

Tá Cathair na Róimhe freagrach as líon ollmhór foirgneamh oideachais. Tá 1 144 naíolann, naíonra, bunscoil agus meánscoil íochtarach acu. Is iad na scoileanna sin na foirgnimh is mó a úsáideann fuinneamh i measc fhoirgnimh phoiblí na Róimhe, agus iad taobh thiar de suas le 95% den fhuinneamh ar fad a úsáideann an chathair. D'fhéadfadh clár éifeachtach éifeachtúlachta fuinnimh airgead a shábháil agus astaíochtaí carbóin a laghdú. "Úsáideoirí craosacha fuinnimh iad foirgnimh scoile," arsa D'Amico.

### An chomhairle cheart ag an am ceart

**Tá an t-athchóiriú tacaithe ag deontais ó Rialtas na hIodáile, ag cistí de chuid an Aontais Eorpaigh faoi phlean náisiúnta na hIodáile maidir le cathracha móra, a dtugtar PON Metro air, agus ag líne chreidmheasa €150 milliún a cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta i mí Feabhra 2023**. D'iarr an chathair tacaíocht chomhairleach ó bhanc an Aontais Eorpaigh le plean a cheapadh agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní sin. "Cabhróidh ár sraith chuimsitheach seirbhísí comhairleacha teicniúla, airgeadais agus modheolaíochta le Cathair na Róimhe an tionscadal seo a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air go tráthúil," arsa Alexander Linke, comhairleoir sinsearach de chuid an BEI a d'oibrigh ar an tionscadal.

Cosúil le go leor foghlaimeoirí óga a fhaigheann éadaí nua ag tús na scoilbhliana, gheobhaidh cuid de na scoileanna sa Róimh cótaí inslithe teirmeacha nua atá ardtíosach ar fhuinneamh. Gheobhaidh na scoileanna roghnaithe go léir fuinneoga, doirse, soilsiú agus córais téimh nua. Gheobhaidh na foirgnimh níos nuaí grianphainéil fhótavoltacha agus caidéil teasa, leis. "Is é seo an infheistíocht is mó i bhfoirgnimh oideachais leis na cianta. Cabhraíonn an chomhpháirtíocht le banc an Aontais Eorpaigh le Cathair na Róimhe dlús a chur lena bhfuil á dhéanamh againn ar son na haeráide mar chuid d'aistriú glas a thugann deiseanna úra do chathracha," arsa Roberto Gualtieri, méara na Róimhe.

Leis an tionscadal seo, tá sé mar aidhm ag an Róimh costais agus astaíochtaí a laghdú ar a bealach le bheith neodrach faoi 2030. "Ní hamháin go mbeidh tionchar láidir ag an infheistíocht ar an gcomhshaol," arsa Andrea Durante, a d'oibrigh ar an líne chreidmheasa don Bhanc Eorpach Infheistíochta, "ach beidh tionchar sóisialta follasach i gceist léi freisin óir go bhfeabhsófar scoileanna ó na bruachbhailte isteach go croílár na cathrach."

Leag D'Amico, ailtire na cathrach, béim a thábhachtaí a bheidh an tionscadal do saol na leanaí. "Ba mhaith linn teachtaireacht láidir a thabhairt dóibh go bhfuil siad tábhachtach," ar sise.

# SCOILEANNA DO NA BRUACHBHAILTE

## Tógann Maidrid scoileanna ina bruachbhailte nua le neamhionannas sóisialta san oideachas a laghdú agus le cabhrú leis an gcathair a bheith níos glaise

Is geall le teaghlach í cathair – nuair a fhásann sé, teastaíonn níos mó spáis uaithi le freastal ar gach duine. Agus, cosúil le teaghlach, ní mór di scoil a fháil do na leanaí.

Tá príomhchathair na Spáinne ar cheann de na cathracha is gasta fás san Eoraip. Tá daonra Mhaidrid ag fás níos mó ná dhá uair níos tapa leis an gcuid eile den Spáinn, rud a fhágann gurb í an réigiún is dlúithe daonra sa tír. Tá comharsanachtaí go hiomlán nua ag teacht chun cinn ar imeall na cathrach i gcónaí. Tá scoileanna nua ag teastáil ó na leanaí sna comharsanachtaí nua sin, mar sin tá sé beartaithe ag Comunidad de Madrid scoileanna nua a thógáil agus seanscoileanna a athnuachan le hoideachas poiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thart ar 58 000 scoláire. "Is crann taca ag an tsochaí é an t-oideachas," arsa Rodrigo Robledo Tobar, ardstiúrthóir beartais airgeadais agus státchiste réigiún Mhaidrid. "Infheistíocht sa chéad ghlúin eile is ea é seo."

### Oideachas le freastal ar an éileamh

Sa Spáinn, tá an scolaíocht phoiblí saor in aisce, agus cuirtear an-chuid is mó de leanaí chuig naíonra, bunscoil agus meánscoil íochtarach. Ach a luaithe a bhaineann scoláirí an mheánscoil uachtarach amach, bíonn baint mhór ag tosca déimeagrafacha le cé acu a leanann siad ar aghaidh lena n-oideachas nó nach leanann. Is mó seans go n-éireoidh scoláirí as má thagann siad ó theaghlaigh a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle ag baint leo, atá ina gcónaí i gcomharsanachtaí bochta, agus a chaithfidh turas fada a dhéanamh chun na scoile.

> "Caithfidh na daoine seo teacht a bheith acu ar scoileanna gar don áit a bhfuil cónaí orthu"

Déanfaidh an infheistíocht i mbonneagar oideachais a cion féin le freastal ar an éileamh reatha ar scoileanna – agus ar an éileamh a bheidh i réigiún Mhaidrid amach anseo ar dhaoine oilte, arb iad cnámh droma gach geilleagair iad. "Caithfidh na daoine seo teacht a bheith acu ar scoileanna gar don áit a bhfuil cónaí orthu," arsa Robledo Tobar. "Níor cheart go mbeadh orthu turas 30 nóiméad nó uair an chloig a dhéanamh lena bpáistí a thabhairt chuig scoil i lár na cathrach."

Tá na bruachbhailte ag dul i méid toisc go bhfuil an daonra ag dul i méid. Ach is é fírinne an scéil go bhfuil daoine fós ag bogadh chuig na bruachbhailte sin de bharr gur féidir leo teacht ar árasán ar phraghas réasúnta. "Is sna bruachbhailte a bheidh an chuid is mó den bhonneagar nua lonnaithe," arsa Silvia Guallar Artal, eacnamaí i rannán oideachais agus taighde poiblí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. "Is iad na ceantair is nuaí iad, ach níl siad chomh saibhir céanna."

**Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis an tionscadal i Maidrid le hiasacht €250 milliún, a síníodh i mí an Mhárta 2023**. "A bhuíochas leis an iasacht seo, táimid in ann seirbhísí oideachais a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag cur fúthu sna bruachbhailte," arsa Robledo Tobar. "Ní gá dóibh bogadh go lár na cathrach a thuilleadh, a chosaíonn an-chuid, agus laghdóidh sé sin an neamhionannas idir daoine tuilleadh."

# TRAENACHA NUA, LÍNTE NUA, TEICNEOLAÍOCHT NUA

## Ó München go Monopoli, tá réitigh nuálacha maoinithe le haghaidh traenacha ag laghdú astaíochtaí agus amanna comaitéireachta agus ag cur cothabháil ardteicneolaíochta chun cinn sa Ghearmáin agus san Iodáil

Cosúil le dhá thrian de na paisinéirí go léir ar thraenacha réigiúnacha sa Bhaváir, is minic a thógann Christine S-Bahn München, líonra traenach réigiúnach an tríú cathair is mó sa Ghearmáin. Ní féidir an turas a thuar óna teach in Pasing, 10 km ó Marienplatz i lár na cathrach, áfach. "Bíonn sé dubh le daoine, agus moilleanna ar an tseirbhís go minic," a deir sí. "Níor chóir go dtógfadh sé ach idir 20 agus 25 nóiméad, ach uaireanta tógann sé suas le uair an chloig orm."

Ní hí Christine an t-aon duine atá thíos leis. In 2022 bhí moill 15 nóiméad nó níos ba mhó ar dhuine as gach triúr paisinéirí iarnróid sa Ghearmáin. Is minic a bhíonn moill ar sheirbhísí ar líonra iarnróid S-Bahn München toisc go gcaithfidh gach uile thraein S-Bahn atá ag dul isteach in München nó ag teacht amach as dul ar thrunclíne amháin, an Stammstrecke, ceann de na línte is gnóthaí dá bhfuil san Eoraip. Fágann sé sin nach féidir éalú ó scrogaill tráchta ná moilleanna ar an líonra. Tá obair ar bun anois ar thrunclíne eile. Cé go dtógfaidh sé na blianta le hí a chur i gcrích, ordaíodh traenacha den chéad ghlúin eile le déanaí d'fhonn roinnt feabhsuithe a dhéanamh go tapa.

**Is trí shocrú nuálach léasaithe €2 billiún atá maoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta** agus ag UniCredit, le ráthaíocht ó Stát na Baváire, a fuarthas na traenacha 200 méadar nua. Beidh siad ar na traenacha réigiúnacha is faide sa tír, agus iad chomh mór céanna le traenacha idirchathracha ardlín paisinéirí na Gearmáine. Is é Siemens Mobility a thógfaidh an 90 traein leictreach nua a bheidh thar a bheith tíosach ar fhuinneamh. Beidh doirse an-leathan ar fad acu le go mbeidh daoine in ann dul isteach iontu agus teacht amach astú go héasca tapa, chomh maith le taispeáint faisnéise LED a rachaidh ó cheann ceann na traenach. "Táimid ag súil go bhfágfaidh na daoine atá ina gcónaí ar imeall München a gcarr sa bhaile tar éis dóibh na traenacha níos compordaí agus níos iontaofa seo a fheiceáil," arsa Alexander Gerum, bainisteoir tionscadail S-Bahn München ag Bayerische Eisenbahngesellschaft, an comhlacht a dhéanann an t-iarnród réigiúnach paisinéirí sa Bhaváir a phleanáil, a mhaoiniú agus a bhainistiú.

### Maoiniú ar leith do thraenacha na hIodáile

Tá tíortha eile san Eoraip ag tabhairt tús áite don iompar iarnróid chomh maith mar chuid thábhachtach dá straitéisí dícharbónaithe. I mí an Mhárta 2023, **shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta socrú nuálach maoinithe arbh fhiú €3.4 billiún san iomlán é** leis an líne iarnróid idir Palermo agus Catania sa tSicil a nuachóiriú, rud a dhéanfaidh an méid ama a thógann sé faoi láthair le taisteal idir an dá chathair a laghdú faoina trian. Áirítear sa phacáiste maoinithe frithráthaíocht uathúil 50%, ar fiú €1.3 billiún é agus atá tacaithe ag InvestEU. Dearbhaíonn sé sin na bannaí airleacain agus feidhmíochta, mar a thugtar orthu, nach mór do chonraitheoirí a fháil ó bhainc le forbróirí a chur ar a suaimhneas go mbeidh cosaint acu i gcás mainneachtana.

"Is é seo an chéad uair in áit ar bith atá frithráthaíochtaí den chineál seo curtha ar fáil againn agus tá sé mar aidhm againn anois iad a úsáid ar thionscadail agus i dtíortha éagsúla," arsa Giovanni Inglisa, oifigeach sinsearach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a dhéanann plé le hinstitiúidí airgeadais.

> Táimid ag súil go bhfágfaidh na daoine a gcarr sa bhaile tar éis dóibh na traenacha níos compordaí agus níos iontaofa seo a fheiceáil

Faoin socrú maoinithe uathúil sin, a forbraíodh i gcomhar le Ferrovie dello Stato Italiane, comhlacht náisiúnta sealbhaíochta iarnróid na hIodáile, ginfidh an fhrithráthaíocht ráthaíochtaí ó institiúidí airgeadais eile. Fágfaidh sé sin go mbeidh €2.6 billiún san iomlán le conarthaí tógála a dhéanamh agus le tosú ar an obair ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, tabharfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta €800 milliún ar iasacht go díreach d'Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na hIodáile.

### Claochlú digiteach i dteicneolaíocht traenach na hIodáile

Níl traenacha nua a mhaoiniú ná líonraí iarnróid a uasghrádú ach ina gcuid den tacaíocht a thugann an Banc Eorpach Infheistíochta d'earnáil an iarnróid agus ar son Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, arb aidhm léi lasta iarnróid a fhás faoi dhó agus gníomhaíocht iarnróid ardluais a mhéadú faoi thrí faoi 2050. I mí Mheán Fómhair 2023, **shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €20 milliún (tá iasacht €10 milliún eile ceadaithe agus síneofar sna míonna amach romhainn í) le taighde agus forbairt a mhaoiniú ag MerMec**, gnólacht Iodálach a dhéanann speisialtóireacht ar ardteicneolaíochtaí le haghaidh an iompair iarnróid (comharthaíocht, tomhas traenacha agus córais, tarraingt leictreach agus teileachumarsáid), ar an tsoghluaisteacht leictreach uirbeach, agus ar fheidhmeanna tionsclaíocha. "Príomhchumasóir é claochlú digiteach earnáil an iarnróid le héifeachtúlacht agus sábháilteacht níos fearr a bhaint amach," arsa Matteo Fusari, príomhinnealtóir sa Bhanc Eorpach Infheistíochta. "Ach tá i bhfad níos mó i gceist leis ná sonraí a bhailiú trí bhraiteoirí cianda amháin. Is éard atá i gceist leis i ndáiríre ná sonraí a phróiseáil go tapa agus léargas inghníomhaithe a thabhairt."

Ceann de na teicneolaíochtaí is mó a bhfuil gealladh fúthu atá á bhforbairt ag MerMec is ea carráiste traenach ar féidir leis lochtanna ar an líne iarnróid a bhrath agus a thuairisciú, agus an méid sin a dhéanamh ar ardluas. Úsáideann sé idir an t-íomháú amhairc agus an t-íomháú athshondais mhaighnéadaigh, agus déantar na sonraí a thaifeadadh agus a phróiseáil sa charráiste traenach sula n-aistrítear iad chuig na bainisteoirí a dhéanann monatóireacht ar an líonra go cianda.

Tacóidh an iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta le hoibríochtaí taighde agus forbartha MerMec in Monopoli, réigiún in Puglia atá tearcfhorbartha i gcomparáid le háiteanna eile agus a fhaigheann maoiniú comhtháthaithe ón Aontas Eorpach. Tacóidh an iasacht le fostaíocht oilte sa taighde agus forbairt, lena n-áirítear 280 post lánaimseartha gach bliain as seo go ceann ceithre bliana agus 400 post buan nua.

# LUCHTÚ FAOI LÁNLUAS

## Cruthóidh gigeamhonarcha ceallraí ian litiam sa Fhrainc poist agus cuirfidh borradh faoi thionscal ceallraí na hEorpa le soghluaisteacht níos glaine a bhrú chun cinn

Bhain Anastasia Walch-Guinebert taitneamh as fadhbanna a réiteach riamh. Cheap sí go raibh an nuálaíocht leanúnach i réimse an aistrithe fuinnimh an-spéisiúil go deo freisin. Sin é an fáth a n-oibríonn sí anois mar innealtóir próisis le Automotive Energy Supply Corporation (AESC), a bhfuil a gceanncheathrú acu sa tSeapáin. Ag an gcomhlacht mór idirnáisiúnta ceallraí, feabhsaíonn sí an chaoi a dtáirgtear ceallraí d'fheithiclí leictreacha lena chinntiú go mbíonn siad slán sábháilte, ar ardchaighdeán, éifeachtach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. "Tugann an post seo deis dom tionchar dearfach a bheith agam ar an gcomhshaol," a deir sí, "agus ar an domhan mórthimpeall orm."

Anois agus é i gceist ag AESC gigeamhonarcha ceallraí a chur ar bun i Douai, réigiún Hauts-de-France faoi 2025, beidh níos mó tábhachta fós ag baint lena ról. Déanfaidh an mhonarcha ardcheallraí ian litiam a tháirgeadh don Renault ECHO 5 (an leagan leictreach nua den R5, carr cathrach íocónach Renault ó na seachtóidí agus na hochtóidí), chomh maith leis an bhfeithicil fóntais bheag dá gcuid, an 4Ever. Sa chéad chéim beidh acmhainn suas le 9 ngigea-vatuair aici, agus an cumas aici le 200 000 carr leictreach a chumhachtú gach bliain. Faoin mbliain 2030, táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid ag táirgeadh idir 24 agus 30 gigea-vatuair de cheallraí d'fheithiclí leictreacha.

**Tá infheistíocht AESC á maoiniú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta trí luach €337.2 milliún d'iasachtaí díreacha don tionscadal, agus suas le €112.8 milliún d'iasachtaí indíreacha do bhainc tráchtála rannpháirteacha. Síníodh na hiasachtaí i mí Mheán Fómhair 2023**. "Tá AESC ag tabhairt a gcuid saineolais úrscothaigh chun na Fraince d'fhonn cur le forbairt inbhuanaithe thionscal na ceallraí san Eoraip," arsa Olivier Kueny, oifigeach sinsearach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar an margadh. "Tacóidh an tionscadal freisin le haththionsclú réigiún Hauts-de-France, a dtugtar 'Gleann Nua na gCeallaí' air, agus le haistriú straitéiseach Renault." Tá an infheistíocht in AESC á déanamh faoi InvestEU, clár de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil sé mar aidhm aige breis agus €372 billiún d'infheistíocht bhreise a spreagadh san Eoraip idir 2021 agus 2027.

### Céard is gigeamhonarcha ann?

Is moil déantúsaíochta ollmhóra iad gigeamhonarchana, áit a dtáirgeann comhlachtaí ceallraí d'fheithiclí leictreacha, réitigh stórála fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí gaolmhara eile de ghnáth. Déanann siad sainfheidhmiú ar tháirge móréilimh amháin a tháirgeadh ar scála mór, murab ionann agus gnáthmhonarchana, a bhíonn níos lú agus ar féidir leo freastal ar riachtanais éagsúla déantúsaíochta. In Douai, beidh gigeamhonarcha AESC dírithe ar cheallraí ian litiam a olltáirgeadh d'fheithiclí leictreacha.

Tá fíorthábhacht ag baint le ceallraí i saol an lae inniu. Cuireann siad cumhacht iniompartha ar fáil. Déanann siad fuinneamh in-athnuaite a stóráil agus a sheachadadh, luchtaíonn ár ngléasanna leictreonacha agus brúnn an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta chun cinn. Tá an t-éileamh domhanda ar cheallraí ag dul i méid go tapa agus é le méadú 14 huaire faoin mbliain 2030.

Agus beidh a foinsí ceallraí féin ag teastáil ón Eoraip ar fhaitíos go gcuirfí géarchéim mhór idirnáisiúnta isteach ar shlabhraí soláthair domhanda amach anseo, mar a chuir COVID-19. "Beidh ar an Eoraip ár gcumas táirgthe ceallraí a mhéadú le spriocanna laghdaithe astaíochtaí a chomhlíonadh don aistriú glas," arsa Christian Schepens, príomhinnealtóir in aonad na dtionscal inbhuanaithe agus digiteach sa Bhanc Eorpach Infheistíochta.

**"Beidh ar an Eoraip ár gcumas táirgthe ceallraí a mhéadú le spriocanna laghdaithe astaíochtaí a chomhlíonadh don aistriú glas"**

# RÉ NA RÓBAT

**Creideann comhlacht de chuid na hÍsiltíre go bhféadfadh an luchtú róbatach an tsoghluaisteacht leictreach a dhéanamh i bhfad níos tarraingtí. Seo an chaoi a bhfuil Rocsys ag cur teicneolaíocht leighis in oiriúint d'fhonn dlús a chur leis an aistriú glas**

Le blianta fada, níor thuig Crijn Bouman cén fáth a gcaitheann comhlachtaí an oiread sin ama ag déanamh carranna leictreacha nuair nach dtugann siad aird ar bith ar an bpróiseas luchtaithe. An paisean a bhí aige riamh don tsoghluaisteacht leictreach, spreag sé é le rud éigin a dhéanamh faoi. "Sílim go bhfuil an tsoghluaisteacht leictreach i mbéal an phobail anois," arsa Bouman. "Anois, is é an fuinneamh in-athnuaite an rud atá á iarraidh orainn go léir."

Le dul i ngleic leis an easpa clisteachta i gcórais luchtaithe, chuir Bouman agus beirt shaineolaithe róbataice Rocsys ar bun in 2019 in Rijswijk na hÍsiltíre. Tá an comhlacht i mbun oibre ar threalamh géige róbait a nascann cáblaí luchtaithe le feithiclí, rud a dhéanann sé trí úsáid a bhaint as braiteoirí tadhaill le haithris a dhéanamh ar ghníomhartha daonna. Tá an chéad táirge a chuir siad amach, an ROC-1, á úsáid anois i gcalafoirt, in oibríochtaí lóistíochta agus i bhflíteanna gairmiúla.

> **"Níl an trealamh a bhfuil na billiúin euro infheistithe ann cheana as feidhm"**

Is teicneolaíocht é a d'fhéadfadh tiománaithe a spreagadh le hathrú ó charr breosla iontaise go carr leictreach – is minic a luaitear deacrachtaí luchtaithe i measc na gcúiseanna nach bhfuil an cinneadh déanta ag níos mó daoine dul le carr leictreach. Tá súil ag Rocsys go ndéanfaidh na córais luchtaithe róbataice acu é níos éasca feithiclí leictreacha a luchtú, rud a spreagfaidh níos mó daoine le dul le roghanna soghluaisteachta leictrí. D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí suntasacha aige sin don athrú aeráide toisc go bhfuil na hastaíochtaí carbóin ag dul i méid san earnáil iompair ar fud an domhain faoi láthair, tráth a bhfuil géarghá le gníomhú le hiad a laghdú.

Le maoiniú a fháil lena dteicneolaíocht a fhorbairt tuilleadh, shínigh **Rocsys iasacht €18 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i mí Iúil 2023.**. Tá an iasacht ina cuid de chlár InvestEU an Choimisiúin Eorpaigh, a bhfuil sé mar aidhm aige borradh a chur faoi infheistíochtaí sa nuálaíocht, san ionchuimsiú sóisialta agus i gcruthú post.

### Cuireann an luchtú róbataice an tsoghluaisteacht leictreach i mbéal an phobail

Bhí dúshlán ar leith le sárú ag Rocsys ar dtús – tá trealamh róbataice an-chostasach go deo. Is réiteach costéifeachtúil é an ROC-1 i gcomparáid le róbait chostasacha eile. Is í an róbataic inchaite i réimse an leighis a spreag é, eiseachnámharlaigh go sonrach, ar gléasanna cumhachtaithe iad a cheanglaítear le corp an duine agus a bhfuil gníomhróirí iontu a chabhraíonn le gluaiseacht an duine. Cabhraíonn braiteoirí tadhlacha an táirge le lámh mheicniúil a bealach a dhéanamh thart ar chórais luchtaithe gan aon duine a ghortú. Is sábháilte é ná an róbataic thraidisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith dolúbtha agus contúirteach in amanna fiú. Tá sé mar aidhm anois ag an gcomhlacht an chéad ghlúin eile de ROC a fhorbairt le hiasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta, agus é a dhéanamh níos lú agus níos saora ag an am céanna.

"Ceann de na buntáistí móra atá ann," a deir Bouman, "ná gur féidir leat luchtaire atá ann cheana féin a uasghrádú ina luchtaire uathoibrithe. Níl an trealamh a bhfuil na billiúin euro infheistithe ann cheana as feidhm. Is féidir iad a uasghrádú as seo go ceann idir 10 agus 15 bliana le feithiclí leictreacha agus uathoibrithe a luchtú."

Tá Rocsys i mbun plé le déantúsóirí carranna na hEorpa le cabhrú leo córais luchtaithe a chur ar fáil go forleathan don phobal. "Sílim go bhféadfadh an Eoraip cailliúint amach ar theicneolaíochtaí mar seo atá ar thús cadhnaíochta," arsa Bouman. "Tá an baol ann go dtitfimis i bhfad ar gcúl. Tá mé dóchasach i gcónaí, ach tá súil agam nach bhfuilimid ródhéanach."

# GACH UILE DHUINE AR DEIC

## Tá nuachóiriú á dhéanamh ar bhonneagar calafoirt sa Bhulgáir agus sa Phortaingéil d'fhonn brú tráchta agus astaíochtaí carbóin a laghdú

Tá calafoirt na Bulgáire níos tábhachtaí na laethanta seo toisc gur stadanna iad ar an mbealach soláthair bia ón Úcráin go dtí an chuid eile den domhan. Ach bíonn scrogaill thart ar na calafoirt ina gcúis le hastaíochtaí breise $CO_2$ agus le costais bhreise do lastóirí, d'oibreoirí iompair, do ghnólachtaí – agus do thomhaltóirí freisin ar deireadh thiar. Sin é an fáth a bhfuil ceann de na comhlachtaí trádála agus próiseála gráin is mó sa tír, Buildcom Group, ag tógáil críochfort mór nua ag Varna ar chósta na Mara Duibhe. "Tá an bonneagar muirí sa Bhulgáir as dáta agus níl mórán acmhainn próiseála aige, go háirithe ag Varna," arsa Tsvetelina Gancheva, stiúrthóir caidrimh le hinstitiúidí airgeadais do Oliva, an táirgeoir ola lus na gréine is mó sa Bhulgáir agus príomh-fhochomhlacht Buildcom. "Cuireann uasdoimhneacht na gcalafort in Varna teorainn le sreabhadh bád mór, agus tá srian uafásach ar an acmhainn láimhseála lasta ghinearálta ag na calafoirt réigiúnacha."

**Cuirfidh Buildcom Group na fadhbanna sin ina gceart le hiasacht €50 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta** dá fhochomhlacht, Lárionad Lóistíochta Varna. Fágfaidh an críochfort nua go mbeidh siad in ann roinnt oibríochtaí láimhseála a aistriú ón suíomh reatha atá gar do lár na cathrach go suíomh níos iargúlta ar Loch Beloslav, gar do Varna. Tá an iasacht tacaithe ag clár InvestEU.

### Críochfort nua a chur le calafort Varna, agus é a dhéanamh níos doimhne

D'éirigh sé soiléir go gairid i ndiaidh don Rúis ionradh a dhéanamh ar an Úcráin in 2022 gur ghá rud éigin a dhéanamh ar bhonn práinne faoin easpa bonneagair ag calafoirt na Bulgáire. Bhí Calafort Constanta sa Rómáin tachta leis an méid gráin a bhí ag teacht ón Úcráin, ach níorbh fhéidir an lasta a chur go Varna toisc nach raibh sé feistithe le déileáil leis na longa ná leis an lasta breise. Leis an tionscadal nua, déanfar Calafort Varna a nuachóiriú, tacófar le slándáil an tsoláthair bia, cuirfear iompar muirí níos glaise chun cinn, agus cuirfear borradh faoin bhfás geilleagrach sa réigiún ós rud é go mbeidh fáil níos fearr ag táirgeoirí talmhaíochta áitiúla ar an margadh easpórtála. Neartófar "comhtháthú ingearach agus fáil ar an margadh easpórtála do Ghrúpa Buildcom," dar le Venera Gandzhova, an t-oifigeach iasachta atá i gceannas ar an oibríocht iasachta sa BEI.

Réiteoidh an críochfort nua an bealach do longa níos mó agus níos mó óir go méadófar an doimhneacht ag na céanna go 13.5 méadar mar chuid den obair. Beidh córas nua-aimseartha stórála agus iompair gráin ina chuid de freisin, chomh maith le trealamh láimhseála nua, rochtain nua d'iarnród agus de bhóthar, líonraí fóntais, agus foirgnimh theicniúla agus riaracháin. Laghdófar an méid a iompraítear de bhóthar ar deireadh thiar mar thoradh ar leathnú an chalafoirt de bharr go n-aistreofar lasta chuig an iompar muirí, modh iompair ar lú a lorg carbóin. "Cuirfidh an tionscadal seo barr feabhais ar bhealaí iompair de mhuir is tír agus laghdóidh an lorg $CO_2$," arsa Gancheva, a oibríonn do Oliva. "Tá cur chuige comhtháite i gceist leis, a fhéachann leis an athrú aeráide a mhaolú, leis an gcósta a bhainistiú agus le tuilte a chosc ag an am céanna."

Laghdófar go mór an méid lasta a bheidh ag dul trí Lár Varna chomh maith – buntáiste do mhuintir na cathrach. "Go traidisiúnta, bhí Calafort Varna suite ní ba ghaire don fharraige," arsa José Rino, innealtóir sibhialta a d'oibrigh ar an tionscadal ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Ach bhí truailliú torainn agus aeir ann, rud a chuir isteach ar an bpobal i gcoitinne toisc go raibh sé chomh gar sin do lár an bhaile. Ceann de na

> **"Féachann sé leis an athrú aeráide a mhaolú, leis an gcósta a bhainistiú agus le tuilte a chosc ag an am céanna"**

príomhaidhmeanna an tionscadail seo ná a chinntiú go bhféadfaí an bonneagar nua calafoirt a bhogadh chuig an gcuid istigh de Loch Varna, amach ón gceantar a bhfuil cónaí ann."

### Inrochtaineacht mhuirí a fheabhsú in Leixões

Ós rud é gur de mhuir a thagann 74% de na hearraí isteach san Eoraip nó amach aisti, is den ríthábhacht é infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar muirí nua-aimseartha ar mhaithe leis an ngnó talmhaíochta agus an lasta tionsclaíoch araon. Is é Calafort Leixões an calafort is tábhachtaí i dtuaisceart na Portaingéile agus an dara ceann is mó sa tír le haghaidh lasta agus coimeádán. Tá tionscadal ar bun anois le cumasú do longa níos mó teacht i dtír sa chalafort. Rachaidh sé i ngleic le brú sa chalafort agus feabhsóidh éifeachtúlacht agus feidhmíocht an tslabhra soláthair mhuirí ó thaobh an chomhshaoil de.

**Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €60 milliún le Administração dos Portos do Douro, Leixões e Viana Do Castelo chun feabhsuithe inrochtaineachta muirí in Leixões a mhaoiniú**, an cainéal rochtana a dhéanamh 15.5 méadar níos doimhne agus an muirmhúr atá ann cheana a leathnú 300 méadar. "Le blianta beaga anuas, tá longa ag éirí níos mó agus níos mó le barainneachtaí scála a bhaint amach trí níos mó lasta a iompar agus turais níos faide a dhéanamh," arsa Rino, innealtóir sibhialta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a d'oibrigh ar an tionscadal seo freisin. "Ní mór an bonneagar calafoirt atá ann faoi láthair a chur in oiriúint le ligean do na báid mhóra sin teacht i dtír. Tá sé ríthábhachtach más mian leis an bPortaingéil fanacht iomaíoch in earnáil na trádála muirí."

# MÓRBHEALAÍ AN DÚLRA

## D'fhéadfadh plean le huiscebhealaí intíre na Liotuáine a athbheochan le báirsí leictreacha astaíochtaí carbóin a laghdú de bharr go laghdóidh sé líon na dturas trucaile 48 000 gach bliain

Is féidir leis an duine daonna fadhbanna den uile chineál a réiteach agus bealaí a aimsiú thart ar an uile chineál chonstaic. Ach uaireanta is sa nádúr atá fuascailt na ceiste le fáil. Le hearraí troma, toirtiúla a iompar chun na farraige, cuir i gcás, d'fhéadfaimis bóithre, droichid agus trucailí peitril a thógáil, a chuireann amach an $CO_2$ is cúis leis an athrú aeráide. É sin nó d'fhéadfaimis iad a sheoladh síos aibhneacha, mórbhealaí nádúrtha an dúlra.

Sníomhann an Nemunas nach mór míle ciliméadar ó ardtailte na Bealarúise, trí thailte riascacha na Liotuáine, agus ar aghaidh go Muir Bhailt. Sa Liotuáin, clúdaíonn abhantrach an Nemunas, atá comhdhéanta de bhreis agus 20 000 abhainn agus sruthán, beagnach trí cheathrú den tír. Bhaintí úsáid fhorleathan as an abhainn le hearraí a iompar sa 19ú haois agus fiú le linn aimsir na Sóivéadach, tráth a seoltaí suas le 3 milliún tonna in aghaidh na bliana trí phríomh-uisebhealach na tíre.

Ach briseadh cabhlach lasta abhann iomlán na Liotuáine ag tús na ré an phríobháidithe, a tháinig go gairid i ndiaidh theip an Aontais Shóivéadaigh, agus chuaigh gréasán uiscebhealaí intíre na tíre as feidhm.

Anois, tá Údarás Uiscebhealaí Intíre na Liotuáine ag obair ar phlean leis an iompar lasta ar an Nemunas a athbheochan. Clúdóidh an cabhlach long leictreach an t-achar 260 km idir mol tionsclaíoch agus iompair Kaunas i lár na tíre agus calafort Klaipėda ar chósta Mhuir Bhailt. "Déanann an Liotuáin an chuid is mó dá gcuid amhábhair agus tráchtearraí a iompórtáil, agus déanann a lán gráin a easpórtáil – thart ar 5 milliún tona in aghaidh na bliana," a deir Vladimiras Vinokurovas, príomhfheidhmeannach Údarás na nUiscebhealaí. "Tá uiscebhealaí iontach oiriúnach leis na gcineálacha seo lastaí troma rómhóra a iompar, agus is ionad mór táirgthe é Kaunas atá suite in áit iontach i lár na Liotuáine."

**Tá an t-údarás ag obair as lámha a chéile le seirbhísí comhairleacha an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta le samhail phraiticiúil ghnó a fhorbairt**. D'aithin seirbhísí comhairleacha an Bhainc dearadh le haghaidh báirse leictreach a d'oibreodh go maith in uisce éadomhain an Nemunas, agus chabhraigh siad leis an údarás staidéar féidearthachta a dhéanamh a thug léargas iomlán dóibh ar an tionscadal. Chuir sé sin bonn eolais faoi chinneadh na n-oifigeach rialtais ar an gceist agus bhrúigh an tionscadal chun cinn. Rinne saineolaithe an Bhainc cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh na huiscebhealaí cabhrú le geilleagar na Liotuáine agus leis an gcomhshaol, agus rinne sainaithint ar bhealaí le gáis ceaptha teasa agus truailliú aeir a laghdú, brú tráchta agus timpistí a laghdú ar na bóithre, truailliú torainn a laghdú agus bithéagsúlacht a fheabhsú. "Is lú damáiste a dhéanfar don chomhshaol ach earraí a iompar ar an uiscebhealach," arsa Brendan McDonagh, comhairleoir tionscadail leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Measaimid go bhféadfadh gach turas fillte a dhéanann ceann de na báirsí seo breis is 100 trucail a bhaint den bhóthar. A luaithe a bheidh lán a acmhainne bainte amach ag an tionscadal, beidh laghdú 48 000 ar líon na dturas trucaile gach bliain, gan trácht ar laghdú 14 000 tona ar astaíochtaí $CO_2$.

**" Tá uiscebhealaí iontach oiriúnach le lastaí troma rómhóra a iompar "**

# CIAPADH A CHUR DE NA RÁILLÍ

## Tá comhlacht iompair phoiblí Bharcelona, TMB, le dul ar aghaidh le plean le ciapadh gnéasach a chosc

Nuair a bhí comhlacht iompair phoiblí Bharcelona, Transports Metropolitans de Barcelona, nó TMB, ag labhairt leis an mBanc Eorpach Infheistíochta faoi iasachtaí lena rothstoc a athnuachan agus le busanna leictreacha agus bonneagar luchtaithe a fháil do Bharcelona, tharla sé go raibh fadhb eile ann le réiteach. Agus a mbeartais freagrachta sóisialta agus comhdheiseanna á bhforbairt acu, b'éigean don chomhlacht, cosúil le go leor eile san earnáil iompar, aghaidh a thabhairt ar cheisteanna an ciaptha ghnéasaigh agus an leithcheala agus cén chaoi a bhféadfaí iad a chosc ar a líonraí. "Ní raibh san áireamh inár bplean bunaidh ach bearta le ciapadh atá dírithe go sonrach ar mhná a chosc," arsa Raquel Diaz, stiúrthóir freagrachta sóisialta, ban agus éagsúlachta TMB. "Tháinig forbairt ar an bplean sin de réir a chéile agus cuireadh leis bearta sonracha le dul i ngleic le fóibe faoi dhaoine LADTIA+."

**Le maoiniú ó Mhol Comhairleach InvestEU, sheas saineolaithe de chuid Sheirbhís Chomhairleach an BEI agus foireann saineolaithe soghluaisteachta agus inscne ón Spáinn, ón bPortaingéil agus ón nGearmáin isteach le cabhrú le TMB borradh a chur faoi chur chun feidhme an phlean agus táscairí a leagan síos lena thionchar a thomhas**. "Bhí plean um chiapadh gnéasach agus fóibe faoi dhaoine LADTIA+ a chosc foilsithe ag TMB cheana féin," arsa Manuel Pastor de Elizalde, saineolaí sa tsoghluaisteacht uirbeach leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Bhí an-dul chun cinn déanta acu, ach ní raibh an plean féin ach ina thús."

### Sásra casaoide á fhorbairt a gcuirfear iontaoibh ann

Rinne rialtas na Catalóine suirbhé in 2020 a thug le fios gur ar iompar poiblí a tharlaíonn 17% de na gníomhartha coiriúla ar fad sa cheantar, agus gur mná iad 60% de na híospartaigh. Maidir le mná idir 16 agus 25 bliain d'aois, chuir 91.6% acu in iúl go ndearnadh ciapadh orthu ar iompar poiblí. "Tá a fhios ag madraí an bhaile go bhfuil sé ag tarlú," arsa Carmen Niethammer, speisialtóir sinsearach inscne leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Is é an cheist ná cén chaoi ar féidir linn muinín a chothú sa sásra casaoide?" Thug Seirbhísí Comhairleacha an BEI faoi shuirbhé in 2023 le breathnú go mion ar an bhfadhb.

> "Tá a fhios ag madraí an bhaile go bhfuil sé ag tarlú"

"Nuair a smaoinímid ar an inrochtaineacht iompair," a deir Floridea Di Ciommo, ceannaire na foirne seachtraí comhairleoireachta a d'oibrigh ar an tionscadal, "smaoinímid i gcónaí gurb é atá i gceist léi ná am taistil a shábháil, nó inrochtaineacht fhisiciúil, nó cibé acu an féidir stad bus a bhaint amach laistigh de chúpla nóiméad. Critéir infheicthe is ea iad sin. Ach má dhéantar ionsaí ar dhuine, nó má bhíonn duine éigin ag stánadh ar bhean óg nó ag spochadh aisti, nó má leagtar lámh uirthi fiú amháin, ní haon iontas é go n-éireoidh sí as iompar poiblí a úsáid más féidir léi."

Dheimhnigh an obair a rinne na sainchomhairleoirí an méid a thuig TMB go luath sa phróiseas: ní hamháin gur ceist freagrachta sóisialta é ciapadh gnéasach a chosc, ach bheadh sé tairbheach don phobal ó thaobh airgid de freisin.

Tá súil ag TMB agus ag banc an Aontais Eorpaigh go mbeidh an plean um chiapadh inscnebhunaithe a chosc ina threoirphlean do réigiúin, cathracha agus comhlachtaí iompair eile. "Is é an fhís ná aird a tharraingt ar Bharcelona mar chathair nach bhfuil a sárú ann," arsa Niethammer. "Lena léiriú gurb ionann plean um chiapadh inscnebhunaithe a chosc agus infheistíocht sa phobal, a bhfuil fíorbhuntáistí ag baint léi don gheilleagar agus don earnáil ghnó, agus le go gcloífidh na tionscadail go léir atá againn san Aontas Eorpach leis an tsamhail sin."

# DEARAÍ

## LE hAGHAIDH SAOL DOMHANDA ATÁ COTHROM AGUS GLAS

"Táimid ar aon dul leis an Aontas Eorpach maidir le tosaíochtaí agus chun cinn i dtaobh tacú le príomhthionscnaimh an Aontais, amhail an Tairseach Dhomhanda. Bainimid leas as an saineolas teicniúil láidir againn le tionscnaimh ardtionchair chomhordaithe de chuid Fhoireann na hEorpa a bhrú chun cinn i gcuid mhaith tíortha i ndlúthchomhar lenár gcuid comhpháirtithe. Táimid ag cur le líon na mball foirne ar an láthair agus ag forbairt táirgí agus gnéithe táirge breise atá curtha in oiriúint do chomhthéacsanna éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear an t-ualach fiachais níos airde in go leor áiteanna. Déanaimid cinnte de go n-úsáidtear ár n-acmhainní maidir le maoiniú measctha agus seirbhísí comhairleacha ar bhealach spriocdhírithe san áit is mó a dteastaíonn iad. Agus déanaimid rianú agus tuairisciú córasach ar thorthaí agus ar an méid a chuirimid leis na SFInna, ón mbreithmheas tosaigh go deireadh an tionscadail, rud a dhéanaimid trí thagairt dár gcreat ceannródaíoch tomhais breisíochta agus tionchair agus do dian-léarscáiliú SFInna againn."

**Markus Berndt,** leas-stiúrthóir bainistíochta, BEI Domhanda

"Is í an fhorbairt inbhuanaithe an bealach chun cinn. Nuair a dhéanann sé bonneagar uisce agus sóisialta a mhaoiniú san Iordáin agus sa Túinéis, nó athfhoraoisiú páirceanna náisiúnta i Maracó agus díthruailliú tionsclaíoch san Éigipt, oibríonn BEI Domhanda le Foireann na hEorpa leis an mbealach a réiteach do mhéadú ar phoist, ar an ngeilleagar agus ar chaipiteal daonna, gan trácht ar chomhbhá don chomhshaol."

**Kristina Kanapinskaite,** ceann an rannáin earnála poiblí do Chomharsanacht an Deiscirt, BEI Domhanda

"Tá an Banc ag tabhairt tacaíocht ríthábhachtach don Úcráin ó thosaigh ionradh na Rúise, agus infheistíocht breis is €2 billiún spreagtha aige le hiarrachtaí téarnaimh a mhaoiniú. In 2023, sheolamar an tionscnamh 'AE ar son na hÚcráine' le maoiniú agus tacaíocht chomhairleach bhreise a mhealladh isteach ag féachaint le bonneagar criticiúil a atógáil, infheistíochtaí tosaíochta a mhaoiniú agus borradh a chur faoi theacht aniar gnólachtaí agus na sochaí. Leanfaidh banc an Aontais Eorpaigh de ról lárnach a bheith aige san Úcráin. Tacóidh idir an saineolas ar leith atá againn agus ár n-acmhainn maoinithe le haontachas na hÚcráine leis an Aontas Eorpach, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach."

**Lionel Rapaille,** stiúrthóir an rannáin tíortha is iarrthóirí agus tíortha comharsanachta, BEI Domhanda

**Taobh amuigh den Aontas Eorpach, níl an domhan chomh seasmhach agus a cheapamar cúpla bliain ó shin. Is éard atá inár n-eite forbartha, BEI Domhanda, ná léiriú domhanda ar na spriocanna inbhuanaitheachta, forbartha, gníomhaithe ar son na haeráide agus digitithe a leagtar amach i gcuspóirí beartais an Aontais Eorpaigh. Tá na spriocanna céanna ag gach tionscadal de chuid BEI Domhanda, is cuma cé acu a bhaineann sé le hatógáil scoileanna agus ospidéal a ndearnadh scrios orthu de dheasca an chogaidh san Úcráin nó le slándáil an tsoláthair bia san Afraic – an tsaoirse, dínit an duine agus riail an dlí a chur chun cinn. Ós rud é, nuair a nasctar saibhreas leis na treoirphrionsabail sin, gur comhfhorbairt dhaonna é an rath, a théann thar theorainneacha agus chun sochair do gach uile dhuine againn.**

"Is minic nach mbíonn na hacmhainní poiblí ag margaí atá ag teacht chun cinn ná ag geilleagair atá i mbéal forbartha chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha atá acu. Tá ról mór le himirt ag BEI Domhanda i dtaobh riosca tionscadal a laghdú, chomh maith le hinfheisteoirí príobháideacha a spreagadh le clár oibre na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanaimid comhlíonadh dea-chleachtas comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chinntiú agus cuirimid forbairt inbhuanaithe agus fhreagrach chun cinn leis na tionscadail is mó tionchar a mhéadú ar bhealach nach mbeadh indéanta dár n-uireasa."

**Milena Messori,** stiúrthóir gníomhach, airgeadas corparáideach agus gníomhaíochtaí domhanda, BEI Domhanda

# SAMHAIL GHLAS SAN AFRAIC

## Déanann an Chéinia teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite a easpórtáil, iompar a nuachóiriú agus nuálaíocht a spreagadh

Ina seasamh ar dhroichead coisithe os cionn ceann de na bóithre is gnóthaí in Nairobi tá Ann Masiga, í ag breathnú síos ar scuaine mionbhusanna príobháideacha atá ag taisteal fud fad le comaitéirí a thabhairt abhaile. Fiú cúpla méadar os cionn an tráchta, tá an t-aer ramhar le múch peitril agus díosail. Tá Masiga ag obair i gcomhar le rialtas na Céinia leis an tseirbhís iompair mí-eagraithe a chur ar bhealach a leasa agus caighdeán an aeir a fheabhsú. "Seirbhísí iompair, uisce agus fuinnimh níos fearr – is rudaí móra iad sin don tír seo," arsa Masiga, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá lonnaithe in Nairobi. "Tá droch-bhonneagar nó droch-chórais iompair ina mbac ar gach rud – na leanaí a chur chun na scoile, post a fháil, bia a fháil, dul chuig an ospidéal fiú. Ní éirím tuirseach de bheith ag díriú ar na ceisteanna seo de bharr go bhfuil tionchar dearfach ag mo shaothar ar an-chuid de ghnáthmhuintir na Céinia."

Ar cheann de na tionscadail is mó a bhfuil Masiga ag plé leo in 2023 tá líonra nua meariompair bus don phríomhchathair. Cé nach bhfuil aon chóras foirmiúil iompair ann faoi láthair, is gearr go mbeidh muintir Nairobi in ann leas a bhaint as críochfoirt bhus nua-aimseartha, ardáin le dul ar bhusanna agus teacht díobh go héasca, stadanna bus dea-shoilsithe, cosáin agus raonta rothair, chomh maith lánaí bus ar na mórbhealaí a bhíonn ina dtranglam. Áirítear leis an tionscadal ceann de na chéad línte bus in Oirthear na hAfraice atá go hiomlán leictreach. **Bhí ról lárnach ag Masiga ar an bhfoireann sa Bhanc Eorpach Infheistíochta a d'ullmhaigh iasacht €201 milliún don líne leictreach. Tá deontas €32 milliún ón Aontas Eorpach san áireamh sa chomhaontú, a síníodh i mí Dheireadh Fómhair 2023**. "Táimid chun fíordhifríocht a dhéanamh do chóras iompair phoiblí Nairobi," a deir Masiga, a chuaigh isteach sa státseirbhís mar a rinne a máthair roimpi. Ceannródaí in oideachas na mban sa Chéinia ab ea Elizabeth Semo Masiga, agus bhí sí ar an gcéad rúnaí buan mná san Aireacht Oideachais freisin. "Beidh tionchar nach beag aige, a d'fhéadfadh córais iompair a athrú ar fud na tíre."

### An aeráid agus an nuálaíocht a nascadh sa Chéinia

Is léiriú í an líne bhus leictreach nua ar a mhéad a bhraithfidh an Chéinia ar an ngníomhú ar son na haeráide agus ar theicneolaíochtaí nuálacha amach anseo. Tír í atá ar thús cadhnaíochta san fhuinneamh in-athnuaite, atá anois ag infheistiú níos mó sa teicneolaíocht ghlas agus ag spreagadh gnólachtaí le bheith nuálach agus le dul sa tóir ar dheiseanna fáis ar fud na mór-roinne. Tá tionscnaimh á bhforbairt ag an tír le borradh a chur faoin soláthar bia, le tacú le feirmeacha beaga, le heaspórtálacha a fheabhsú, agus le bheith níos ionchuimsithí maidir le grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí. Beidh an bus leictreach ina chuid ríthábhachtach den Chéinia nua seo atá ag amharc chun cinn. Tír ina siúlann feirmeoirí arbhair Indiaigh trí pháirceanna agus a súile dírithe acu ar aipeanna móibíleacha a chabhraíonn leo a mbarr a fheabhsú. Tír ina n-úsáideann táirgeoirí mangónna teicneolaíocht úrscothach fuarstórála le torthaí a choimeád úr. Agus is iad ardstáisiúin gheoiteirmeacha na tíre an tsamhail le haghaidh cláir fuinnimh in-athnuaite atá á húsáid ar fud na hAfraice.

> **"Gan fuinneamh geoiteirmeach, rachadh sé an-deacair ar an tír seo freastal ar an éileamh atá ar chumhacht"**

Is í sin an tír nuálach a raibh an Banc Eorpach Infheistíochta iontach sásta dul i gcomhar léi. Is é Nairobi mol réigiúnach bhanc an Aontais Eorpaigh, agus beagnach 30 ball foirne ag obair ann dá eite forbartha domhanda, BEI Domhanda. Freastalaíonn Mol na hAfraice Thoir ar an gCéinia, ar an Aetóip, ar an tSúdáin, ar an tSúdáin Theas, ar Uganda, ar Ruanda, ar an mBurúin, ar an Tansáin, ar an Eiritré, ar Djibouti agus ar an tSomáil. Tá os cionn €1.5 billiún infheistithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta sa Chéinia ó lár na 1970idí i

leith san fhuinneamh in-athnuaite, san fháil ar uisce glan, san fhorbairt uirbeach, san ionchuimsiú airgeadais agus i réimse na ngnólachtaí beaga. Ó cruthaíodh an mol in 2021 agus BEI Domhanda in 2022 tá idir láithreacht agus tionchar an Bhainc sa réigiún ag éirí níos mó fós.

### Nuálaíocht don Chéinia le léim thar chéim thruaillithe na haeráide

Lena chinntiú go bhfuil saol maith i ndán dúinn, is den ríthábhacht iad an gníomhú ar son na haeráide agus an nuálaíocht, san Eoraip agus ar fud an domhain. Ach is mór an baol atá ag baint leis an téamh domhanda don Afraic. Tá na trilliúin dollar d'infheistíocht ghlas ag teastáil ón mór-roinn – agus is aidhm leis na Céiniaigh a bheith chun tosaigh san aistriú. Tá an Chéinia in áit mhaith le léim thar an gcéim thionsclaíoch fáis is cúis le han-chuid truaillithe agus dul caol díreach chuig céim na sochaí inbhuanaithe. In 2008, d'ullmhaigh an tír clár forbartha darbh ainm Fís 2030, a raibh sé mar aidhm aige gan bheith ag úsáid ach fuinneamh in-athnuaite amháin faoi 2030. **Is ó fhoinsí in-athnuaite a thagann níos mó ná 90% de leictreachas na Céinia cheana féin. Tá infheistíocht mhór déanta ag an tír sa hidreachumhacht agus sa ghrianchumhacht, ach sa chumhacht gheoiteirmeach go háirithe**. Táirgeann oibríochtaí geoiteirmeacha níos mó ná 40% den chumhacht a úsáideann an Chéinia.

Ó bhí na 1950idí ann, "is í an Chéinia an tír san Afraic is mó atá chun cinn sa chumhacht gheoiteirmeach," a deir Peketsa Mangi agus é ina sheasamh i lár páirc ghlas i nGleann na Claise Móire sa Chéinia agus púireanna de ghal bhán ag brúchtadh amach as an talamh taobh thiar dó. Cé gur fhás sé aníos amuigh faoin tuath sa Chéinia faoi sholas laindéar i dteach gan chumhacht, tá Mangi anois ina bhainisteoir ginearálta ar an bhforbairt gheoiteirmeach ag Láithreán Olkaria, ceann de na hoibríochtaí geoiteirmeacha is mó ar domhan. Tá an chuid is mó den choimpléasc suite laistigh de Pháirc Náisiúnta Gheata Ifrinn, thart ar 120 ciliméadar taobh ó thuaidh de Nairobi. Tá clú agus cáil ar an bpáirc as a haillte, scornacha, túir carraige, spánna nádúrtha agus na púireanna de ghal a steallann amach as an talamh. Tagann an fuinneamh geoiteirmeach amach trí éisc fhada i screamh an Domhain, a théann trí Oirthear na hAfraice, agus a thugann teas magma an phláinéid níos gaire don dromchla.

Tá stáisiúin gheoiteirmeacha Olkaria suite i lár rainsí agus feirmeacha bláthanna, áit a mbaineann siad leas as fuinneamh an Domhain. Le hé sin a dhéanamh, druileálann siad na mílte méadar síos sa talamh le gal a ghabháil agus a iompar ar ais chuig tuirbíní le leictreachas a ghiniúint. Iompraíonn píopaí móra bána uisce nó gal ar fud choimpléasc Olkaria, a chlúdaíonn thart ar 70 ciliméadar cearnach. Tá na píopaí ina suí ar chosa taca le ligean d'ainmhithe dul fúthu, agus tá lúba iontu fiú le ligean do shioráif arda dul ag spaisteoireacht thart gan bhac. Ar maidin, itheann na sioráif bricfeasta i measc na gcrann gar do na foirgnimh gheoiteirmeacha. "Gan fuinneamh geoiteirmeach, rachadh sé an-deacair ar an tír seo freastal ar an éileamh atá ar chumhacht," arsa Mangi.

**Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar cheann de na grúpaí is mó a thacaíonn le hoibríochtaí geoiteirmeacha na Céinia, agus roinnt infheistíochtaí móra déanta aige ó bhí na 1980idí ann**. Mhaoinigh sé níos mó toibreacha agus córais bailithe gaile ag Olkaria in 2017. Thacaigh an Banc freisin leis an bhfeirm ghaoithe is mó san Afraic i gcuid den Chéinia atá idir the agus tirim, in aice le Loch Turkana. **Shínigh sé iasacht €225 milliún don fheirm ghaoithe in 2014, rud a chuir borradh mór faoin maoiniú don togra deich mbliana agus faoin muinín as. Thug an tAontas Eorpach €25 milliún don tionscadal ó Chiste Iontaobhais an AE um Bonneagar na hAfraice**. Tá os cionn 300 tuirbín gaoithe sa cheantar anois agus cuireann siad leictreachas ar fáil do níos mó ná milliún teach.

Dar le Anna Mwangi, geoifisiceoir ag an láithreán in Olkaria agus meantóir gníomhach do mhná óga in earnáil an fhuinnimh, is áit mhaith é an tionscal seo do mhná dul chun cinn a dhéanamh. Is ceist é an t-ionchuimsiú atá go mór i mbéal an phobail sa Chéinia, sa tsochaí féin agus sa tionscal, a deir sí, mar go bhfuil níos mó ban anois ag iarraidh go gcaithfí go cothrom leo agus go mbeadh fáil acu ar na poist chéanna. Tá Mwangi ag obair do Chomhlacht Giniúna Leictreachais na Céinia le beagnach 15 bliana anuas, fóntas cumhachta atá faoi úinéireacht an rialtais. Tá athrú tagtha ar dhearcthaí i leith inscne le himeacht na tréimhse sin agus iad fós ag athrú. "Tá an Chéinia chun tosaigh, ní hamháin in earnáil an fhuinnimh," a deir sí, "ach i mná a chumhachtú sa réimse seo agus in acmhainní na mban a aithint chomh maith."

### Nuálaíocht le fáil ar bhia a fheabhsú

Tá go leor comhlachtaí nua sa Chéinia ag glacadh le beartais comhionannais inscne – agus aithníonn siad an gá atá le bearta sóisialta agus comhshaoil eile. Is ardsaoráid fuarstórála é Cold Chain, a osclaíodh in Tatu, thart ar 40 ciliméadar taobh amuigh de Nairobi, i mí Lúnasa 2023. Tá beartas fuinnimh ghlais nua-aimseartha acu, chomh maith le beartas sóisialta le cumasú do mhná. Spreagann an comhlacht mná le dul le gairm bheatha i gcuid ar bith den oibríocht. Cuireann sé poist chun cinn freisin d'earnálacha den tsochaí atá faoi mhíbhuntáiste. Tógadh an láithreán, atá chomh glan le fíoruisce, le hábhair atá tíosach ar fhuinneamh agus is í an tsaoráid fuarstórála is mó dá leithéid ar an mór-roinn taobh amuigh den Afraic Theas.

**Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta infheistíocht chothromais €15 milliún in 2021 le ciste a thóg an tsaoráid in Tatu**. Ba é ARCH Cold Chain Solutions East Africa an ciste sin, atá anois ag tógáil oibríochtaí fuarstórála ar fud an réigiúin seo den mhór-roinn. Fuair ciste na hAfraice Thoir tacaíocht trí shaoráid infheistíochta ar mhaoinigh ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh í. Thairis sin, tá an oibríocht seo ina cuid thábhachtach de na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCéinia tacú le príomhcheann de spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe – deireadh a chur leis an ocras. I gcodanna áirithe den Afraic, imíonn níos mó ná 50% den bhia ó mhaith sular féidir é a ithe de dheasca easpa cuisnithe. Nuair a bheidh sé faoi lánseol, stórálfaidh Cold Chain bananaí, úlla, abhacáid, éineoil agus earraí eile a lobhann. Déanfaidh sé na táirgí a chosaint do bhialanna agus cuideoidh le comhlachtaí cógaisíochta, go háirithe iad siúd a bhfuil vacsaíní COVID-19 á stóráil acu.

> **"Cúis bhróid dom a bheith páirteach sa saothar seo"**

"Is iomaí fadhb sa tsochaí a eascraíonn as neamhdheimhneacht an tsoláthair bia, agus tá bearna mhór le líonadh san fhuarstóráil," arsa Geoffrey Emungat, bainisteoir saoráidí ag an láithreán in Tatu, agus é ag siúl thart ar an stór fairsing. "Tá an rialtas agus an earnáil phríobháideach ag obair go dian le fáil réidh leis na rioscaí a bhaineann le bia a stóráil agus a iompar, ach is mian leis an tsaoráid seo dea-thionchar a bheith aici ar an tsochaí agus ar an aeráid chomh maith. Cúis bhróid dom a bheith páirteach sa saothar seo."

### Nuálaíochtaí a spreagann sochaithe ionchuimsitheacha

Is oibríocht eile é Vert atá ag dul i méid ach ag imirt tionchar dearfach ar an saol. Is comhlacht próiseála mangónna é atá bunaithe in Machakos, thart ar uair an chloig síos an bóthar ó Nairobi. Fuair Vert iasacht ó Equity Bank, iasachtóir Céiniach atá ar cheann de na hiasachtóirí is mó a thacaíonn le feirmeacha beaga. **Shínigh Equity Bank margadh €25 milliún in 2019 leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus comhaontú eile in 2020 arbh fhiú €25 milliún é**. Áiríodh leis na margaí deontais ón Aontas Eorpach agus bhí siad ina gcuid den tSaoráid Slabhra Breisluacha Talmhaíochta. Clár é sin atá tacaithe ag an Aontas Eorpach agus arb aidhm leis cabhrú le comhlachtaí talmhaíochta nuachóiriú a dhéanamh le hoibríochtaí feirmeoirí beaga a fheabhsú, sochaithe iomchuimsitheacha a chur chun cinn, agus cabhrú le daoine óga.

Cuireann Vert soláthairtí ar fáil do tháirgeoirí móra sú amhail Coca-Cola agus díolann rogha torthaí triomaithe. Oibríonn siad le breis is 5 000 feirm bheag. Le bheith glas, úsáideann siad síolta agus craiceann mangó le coirí an ghléasra a bhreosla, chomh maith le grianphainéil le spleáchas ar an eangach náisiúnta leictreachais a laghdú. Ceann de thosaíochtaí an chomhlachta is ea mná a fhostú agus a bheith ag obair le feirmeacha atá á reáchtáil ag mná. "Tá timpeallacht á cruthú sa Chéinia a spreagann mná chun páirt níos mó a ghlacadh sa gheilleagar agus an mianach atá iontu a léiriú do chách," arsa Jane Maina, stiúrthóir bainistíochta Vert.

### Árachas nuálach do na feirmeoirí is lú

Comhlacht amháin atá ag iarraidh fás ach bheith níos nuálaí agus cuid de mhórfhadhbanna an tsaoil a réiteach ag an am céanna is ea Pula, a chuireann táirgí árachais ar fáil do na feirmeacha is lú dá bhfuil ann. Is minic nach mbíonn fáil ag feirmeoirí beaga ar chóras tacaíochta ar bith agus téann sé deacair orthu plé le haimsir nach féidir a thuar de dheasca an athraithe aeráide, amhail báisteach, teas agus triomach. "Táimid ag breathnú ar dhaoine atá i mbun feirmeoireachta le bia a chur ar an mbord go príomha agus, b'fhéidir, le rud nó dhó a dhíol le hioncam a ghiniúint is féidir leo a chaitheamh ar tháillí scoile nó ar chostais an tsaoil ó lá go

# AN CHÉINIA FAOI THRÁCHT

lá," arsa Faith Kinuthia, stiúrthóir oibríochtaí allamuigh ag Pula. "Déanann árachas na feirmeoirí sin a chosaint in aghaidh go leor rioscaí, amhail easpa báistí, lotnaidí agus galair. Má thagann lotnaidí isteach i bhfeirm leis na barra a scriosadh, ní bheidh an feirmeoir fágtha gan pingin rua. Is iomaí athrú atá tagtha ar an saol acu de bharr an athraithe aeráide."

Is iad feirmeoirí beaga ceann de na cohóirt is mó de lucht saothair na Céinia. Agus is í an talmhaíocht an phríomhfhoinse gníomhaíochta geilleagraí, fostaíochta agus easpórtálacha, leis. Is sa talmhaíocht a fhostaítear níos mó ná 40% de mhuintir na tíre, lena n-áirítear 70% de mhuintir na tuaithe, agus is ise atá taobh thiar de níos mó ná 30% d'olltáirgeacht intíre na Céinia. Tá feirm bheag arbhair Indaigh ag Dominick Wanyoike i gContae Nakuru, ceantar a bhfuil feirmeoirí beaga ina gcónaí ar níos lú ná cúig heicteár an duine den chuid is mó. "Shocraíomar árachas a fháil roinnt blianta ó shin nuair nár tháinig aon bháisteach," arsa Wanyoike. "Bhí an fómhar go dona, bhí ár saol ag éirí ní ba dheacra, agus bhí gach rud ní ba dhúshlánaí de dheasca an triomaigh."

Sheol Pula a gcuid táirgí árachais d'fheirmeacha beag sa Chéinia in 2015, agus tá sé á gcur ar fáil i dtíortha eile sa réigiún de réir a chéile. Cuireann an comhlacht an t-árachas san áireamh i gcostais na síolta agus an leasacháin, é sin nó cuireann siad an t-árachas ar fáil trí fhóirdheontais rialtais. Fágann sé sin go mbíonn costas an árachais íseal go leor do na feirmeoirí. Faigheann na feirmeoirí cúiteamh má bhíonn a mbarr faoi bhun leibhéal áirithe. **Fuair Pula tacaíocht ó Chiste na hAfraice, ciste ar leis an ngnólacht caipitil fiontair TLcom é, a dhíríonn ar chomhlachtaí teicneolaíochta atá ag fás. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar cheann de phríomhinfheisteoirí TLcom. Shínigh an Banc infheistíocht €10˘milliún in 2016, agus tá infheistíocht eile á meas anois le cabhrú le níos mó gnólachtaí nua san Afraic. Tá an infheistíocht sin ina cuid den tsaoráid 'Boost Africa', atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach.**

## Athrú iompair a spreagadh ar fud na Céinia

Is rud é an t-athrú aeráide atá ag cur isteach go mór ar fheirmeoirí beaga, ach is é an bunús atá le mórthionscadal uirbeach na tíre freisin – an córas busanna nua agus an líne go hiomlán leictreach atá ina cuid de. Is minic a bhíonn bóithre Nairobi ina thranglam agus is ar éigean a bhogann an trácht ag na buaicamanna. Is beag busanna cathrach atá ann, níl aon tram ná traein faoi thalamh ann ar chor ar bith, agus níl ach seirbhís fíorbhunúsach iarnróid ann. Mar sin, léimeann formhór na ndaoine isteach i mionveaineanna nó mionbhusanna príobháideacha, a dtugtar matatus orthu, é sin nó úsáideann siad a gcarr féin lena mbealach a dhéanamh thart ar an gcathair. De réir mar a fhásann daonra na cathrach, téann an brú tráchta, na hamanna taistil agus an truailliú torainn agus aeir i méid chomh maith. "Tá an rialtas ag súil go mór leis na busanna a fheabhsú," arsa Joseph Kochalle, innealtóir bóithre le hÚdarás Iompair Mhórcheantar Nairobi. "Bíonn sé iontach deacair do bhealach a dhéanamh abhaile i Nairobi, nó fiú turas a phleanáil."

Oíche amháin i lár Nairobi, tá Carolyne Omondi ar a hairdeall ar thaobh mórbhealaigh ghnóthaigh, í ar tí tús a chur leis an turas fada abhaile go dtí lonnaíocht neamhfhoirmiúil Kibera tar éis di lá iomlán oibre a chur isteach. Tá carranna, veaineanna, leoraithe agus feithiclí earraí troma ag dul thar bráid ar luas, agus í ag coinneáil súil in airde do bhus. Cosúil le mórchuid na gcomaitéirí, fanann Omondi i scuainí fada in áiteanna neamhshábháilte le matatu a fháil, is modh iompair a bhíonn sean, corrach agus míchompordach i mórán cásanna. "Bheadh busanna agus seirbhísí iompair ní b'fhearr," a deir sí, "ina gcuidiú ollmhór agamsa i mo shaol."

"Shocraíomar árachas a fháil roinnt blianta ó shin nuair nár tháinig aon bháisteach"

# NÍ THRÉIGFIMID GO DEO IAD

## Idir ospidéil agus iompar, cuidíonn tacaíocht ó bhanc an Aontais Eorpaigh le cathracha san Úcráin agus iad ag streachailt le fáil ar uisce, leictreachas, téamh agus cúram sláinte a choinneáil

Nuair a iarradh ar Maria Bobkova liosta a dhéanamh de na rudaí is deacra faoi bheith ag obair in ospidéal san Úcráin agus an tír i mbun cogaidh, ní raibh a fhios aici cá háit le tosú. "Táimid buailte ag fadhbanna i ngach áit, ón mbealach isteach ar urlár na talún go dtí an díon," a deir Bobkova, 71 bliain d'aois, atá ina príomhdhochtúir in Ospidéal Uimh. 8 in Odesa. "Is ospidéal mór é atá comhdhéanta de go leor foirgneamh, agus obair dheisiúcháin ag teastáil i ngach ceann acu."

Ar chósta theas na hÚcráine, bhí Odesa ar cheann de na chéad limistéir a buamáladh nuair a thosaigh an Rúis a hionradh i mí Feabhra 2022. Tá sé ag dul deacair ar na hospidéil in Odesa an leictreachas a choinneáil ag dul agus soláthairtí agus foireann leighis a choinneáil. Fiú roimh an gcogadh, bhí go leor deisiúchán ag teastáil ó ospidéil ar nós Uimh. 8, a tógadh in 1964. Le cabhrú le Bobkova agus a foireann na bearnaí a líonadh, **d'íoc BEI Domhanda, eite forbartha an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, iasacht €600 000 le hathchóiriú a dhéanamh ar pholaichlinic Ospidéal Uimh. 8**, a bhfuil clú agus cáil air as na speisialtóirí ardcháilithe atá ag obair ann. Mar thoradh air sin, cuireadh na príomhdheisiúcháin ar an ospidéal i gcrích i mí Iúil 2023 – ceannaíodh troscáin nua, deisíodh an dúshraith, cuireadh sainseomraí leis, fuarthas soláthairtí cumhachta nua, rinneadh na ballaí a insliú agus cuireadh díon nua air le nach ligfeadh sé tríd a thuilleadh. Suiteáladh gineadóirí cumhachtacha le leictreachas a sholáthar i gcás lándorchú de dheasca an chogaidh. "Tá ospidéal go hiomlán difriúil againn anois," a deir Bobkova. "Níor chreid go leor daoine go mbeadh athruithe den sórt sin indéanta agus cogadh ar bun."

### Ní féidir brath ar sholáthairtí in an-chuid cathracha

Tá maoiniú éigeandála á cheadú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta gach mí ar fud na hÚcráine ó thús an chogaidh, agus béim á leagan ar bhonneagar amhail línte cumhachta, córais téimh, soláthairtí uisce, ospidéil, scoileanna, bóithre, iarnróid, tramanna, droichid agus ionaid phobail. Tá muintir na tíre thíos go mór leis an gcogadh ó thaobh fáil ar uisce, leictreachas, téamh, cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta. In go leor cathracha san oirthear, áit ar fíochmhaire an troid, ní féidir brath ar sholáthairtí uisce, téimh ná cumhachta.

"Bíonn sé deacair i gcónaí labhairt le méaraí, toisc nach mbím cinnte cé chomh dona is atá an scéal i ndáiríre," a deir Violaine Silvestro von Kameke, oifigeach sinsearach iasachta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta atá ag obair ar thionscadail san Úcráin, agus a bhíonn i dteagmháil rialta le go leor méaraí. "Nuair a labhraíonn méaraí liom, is minic a bhíonn siad i bhfoscadán nó ag faire amach lena chinntiú nach bhfuil siad in aice le fuinneog. Uaireanta bíonn siad ag seiceáil lena chinntiú go bhfuil a dteaghlach slán sábháilte. Nuair a bhímid ag caint, uaireanta bíonn aláram ann, agus caithfidh siad aghaidh a thabhairt ar fhoscadán go beo sciobtha. Deirim leis na méaraí go bhfuil meas agam ar an teacht aniar atá á léiriú acu agus nach dtréigfimid go deo iad."

### Ciste infheistíochta nua d'earnálacha tosaíochta

Tá an cúnamh is déanaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta dírithe ar mheán infheistíochta speisialaithe darb ainm Ciste 'AE ar son na hÚcráine'. Cuireann sé cabhair ar fáil i ngach earnáil, lena n-áirítear infheistíocht caipitil fiontair don earnáil phríobháideach. **Tá níos mó ná €400 milliún geallta ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh don chiste sin de chuid BEI Domhanda** le haghaidh earnálacha amhail sláinte, iompar, oideachas, cibearshlándáil, bonneagar sóisialta ríthábhachtach agus an earnáil phríobháideach. Áirítear ar

> **Níor chreid go leor daoine go mbeadh athruithe den sórt sin indéanta agus cogadh ar bun**

chúnamh eile atá tugtha ag an mBanc Eorpach Infheistíochta don Úcráin: pacáiste ráthaíochta iasachta in 2023 a chuirfidh ar chumas an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta **maoiniú nua €100 milliún a chur ar fáil; cúnamh teicniúil €100 milliún** le cabhrú leis an Úcráin tionscadail téarnaimh a ullmhú; **an chéad phacáiste téarnaimh ag tús 2022 arbh fiú beagnach €700 milliún é** a thug cúnamh don Úcráin láithreach bonn, le tacaíocht ó ráthaíocht ón Aontas Eorpach; **€1.6ˇbilliún go déanach in 2022**, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, le haghaidh deisiúcháin éigeandála ar línte traenach, bóithre, droichid agus raon leathan foirgnimh chathrach agus tithíochta; agus **€4 billiún le cabhrú le breis agus 6 milliún Úcránach arbh éigean dóibh teitheadh chuig tíortha Eorpacha eile de dheasca an chogaidh**.

"Táimid ag fáil iarratais ó chathracha gan stad faoi na rudaí is gá dóibh a cheannach agus faoi cén chaoi ar féidir leo tús a chur le tionscadail agus céard é an rud is tábhachtaí," arsa István Heinczinger, speisialtóir sinsearach iompair sa Bhanc Eorpach Infheistíochta atá ag cabhrú le cathracha san Úcráin tramanna, traenacha meitreo, busanna tralaí agus busanna a nuachóiriú. Ó 2007 i leith, tá os cionn €2.7 billiún infheistithe ag an mBanc i dtionscadail iompair san Úcráin, agus tá an méid sin ag méadú le linn an chogaidh.

## Teagmháil laethúil le saineolaithe de chuid na Náisiún Aontaithe

Leis an obair sin a chur i gcrích, tá an Banc Eorpach Infheistíochta i ndlúth-theagmháil le bainisteoirí tionscadail de chuid Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe atá ag obair ar fud na hÚcráine, leithéidí Igor Kistenyov-Kavkazkii. Bíonn oifigigh iasachta nó innealtóirí de chuid an BEI i dteagmháil gach seachtain, nó gach lá uaireanta, le saineolaithe ar nós Kistenyov-Kavkazkii. "An obair téarnaimh seo atá ar bun againn, is den ríthábhacht í ar mhaithe le cobhsaíocht an stáit agus ar mhaithe leis an bpobal in am an ghátair," arsa Kistenyov-Kavkazkii, a bhfuil a fhoireann comhordaithe theicniúil de chuid na Náisiún Aontaithe lonnaithe go páirteach i Kramatorsk i réigiún Donbas in oirthear na hÚcráine, ceann de na háiteanna ar thosaigh ionradh na Rúise. "Ní mór foirgnimh agus bonneagar a atógáil ar bhonn práinne."

Tá scoileanna agus leanaí ar dhá cheann de na tosaíochtaí atógála agus téarnaimh. Chabhraigh iasacht €1 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta bunscoil V.I. Vernadskyi in Shyshaky in oirthear lár na hÚcráine a atógáil. D'oscail an scoil a doirse arís i Meán Fómhair 2023 do 466 dalta, agus páistí ina measc ó theaghlaigh a raibh orthu teitheadh ón gcogaíocht ar an teorainn thoir. "Caithfimid a bheith foighneach," arsa Inna Hamchuck, múinteoir staire i scoil eile a deisíodh le maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta. "Tá sé de cheart ag gach páiste san Úcráin oideachas d'ardchaighdeán a fháil, ach is rud deacair é sin faoi láthair."

# GNÓTHAIS BHEAGA IN AICE LEIS AN ABHAINN MHÓR

## Díríonn an Éigipt a hintinn ar mhilliún fiontraí beag nua, níos lú brú tráchta i gcathracha móra, agus níos mó iompar leictreach – chomh maith le húsáid níos fearr a bhaint as an uisce a iompraítear síos an Níl

Thug cairde agus gaolta le Rasha Mohamed rabhadh di go mbeadh sí ag dul sa seans an iomarca dá n-osclódh sí siopa éadaí agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá. Ach bhí sé beartaithe aici le roinnt blianta. Mar sin, nuair a ceadaíodh an iasacht ghnó di, ní raibh fuacht ná faitíos uirthi. "Tá an-chuid daoine san Éigipt ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh liomsa," a deir Mohamed, a fuair 100 000 punt Éigipteach (€3 000) ar iasacht in 2022 le siopa a oscailt thart ar 40 ciliméadar siar ó lár Chaireo. Díolann sí gúnaí nua-aimseartha, éadaí do leanaí agus abáianna, na gúnaí fada a chaitheann mná Éigipteacha atá bunaithe ar dhearaí cultúrtha traidisiúnta. "Tá daoine ag fanacht leis an gcineál seo tacaíochta. Gan cúnamh airgid, tá sé ródheacair rud mar seo a dhéanamh, go háirithe agus an saol chomh deacair sin."

Is iad poist i gcomhlachtaí beaga agus meánmhéide atá taobh thiar de nach mór 75% d'fhostaíocht iomlán na hÉigipte, mar sin nuair a bhíonn fadhbanna eacnamaíocha ann, bíonn go leor slite beatha i mbaol. Bhí an tír ag streachailt in 2023 toisc go raibh an fiach agus an boilsciú ag dul i méid, agus an t-airgeadra ag dul i laghad. **Cúnamh a dhíriú ar chomhlachtaí beaga ab ea an fhreagairt. Tá sé mar aidhm ag an Éigipt milliún fiontraí nua, idir fhir agus mhná, a chruthú roimh 2030 ach oiliúint agus comhairle airgeadais a chur ar fáil do dhaoine óga**. Tá an cúnamh seo níos práinní anois toisc gur chaill líon mór daoine a bpost le linn phaindéim COVID-19.

Is iomaí dúshlán atá le sárú i dtír Chléópátra, Thútancámain agus na Pirimide Móire, cosúil le haon tír mhór eile atá i mbéal forbartha, idir obair a fháil do daonra ógánach atá ag dul i méid agus plé a dhéanamh le tionchar an athraithe aeráide, chomh maith leis an truailliú is cúis leis. Le haghaidh a thabhairt ar na constaicí sin tá an Éigipt ag infheistiú i ngnólachtaí beaga, chomh maith le tionscadail mhóra bhonneagair a fheabhsaíonn uisce, sláintíocht, uisciú agus talmhaíocht agus a laghdaíonn astaíochtaí ó mhonarchana agus ó chórais iompair a bhfuil a ré caite.

**Thacaigh an Banc Eorpach Infheistíochta leis na tionscadail sin le breis agus €15 billiún d'infheistíochtaí ó 1979 i leith, le cúnamh deontais nó ráthaíochtaí iasachta ón Aontas Eorpach i gcuid mhaith cásanna.**. I mí Dheireadh Fómhair 2023, rinneadh mol réigiúnach d'oifig bhanc an Aontais Eorpaigh i gCaireo le freastal ar an Afraic Thuaidh agus ar an Neasoirthear. Is príomhbhrainse í an oifig d'eite forbartha an Bhainc, BEI Domhanda, a dhéanann plé le hoibríochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach. I measc infheistíochtaí an Bhainc tá córais mhóra uisce agus iasachtaí is féidir le bainc Éigipteacha a thabhairt ar aghaidh ansin d'úinéirí gnólachtaí beaga, cosúil le Rasha Mohamed, a bhfuil a siopa tacaithe ag iasacht i bhfad níos mó a chuir an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil do speisialtóir sa mhicreamhaoiniú, Banque du Caire.

### Deireadh a chur leis an mbaint idir iompar agus truailliú

Tá infheistíocht á déanamh freisin ag earnálacha poiblí agus príobháideacha na hÉigipte san aistriú glas, sa gheilleagar ciorclach, in athnuaiteáin agus i gcleachtais nua-aimseartha talmhaíochta. Tá coimeádáin athchúrsála coitianta go leor na laethanta seo i gcodanna de na cathracha is mó san Éigipt. Iarrann meaisíní airgid ar úsáideoirí gan admháil a phriontáil fiú, ar mhaithe leis an bpláinéad. "Ag deireadh an lae, táimid go léir inár gcónaí ar an bpláinéad seo, mar sin ba mhaith linn a léiriú don chuid eile den domhan go bhfuilimid ag déanamh imní faoi," arsa Mohamed Wael Nasser, ceann forbartha táirgí ag Roto House, mórchomhlacht priontála de chuid na hÉigipte, a rinne infheistíocht mhór leis na hastaíochtaí tuaslagóirí a laghdú ag a monarcha gar do Chaireo le tacaíocht ó iasacht €2.5 milliún ó Bhanc Chathair Alastair in 2020. Bhí Roto House

# AN ÉIGIPT FAOI THRÁCHT

in ann teacht ar an maoiniú sin toisc gur **cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta creat-iasacht €20 milliún do Bhanc Chathair Alastair in 2018 d'fhonn cabhrú le gnóthais bheaga agus mar gheall gur thacaigh sé le hiasacht €15˘milliún den chineál céanna in 2023**. "Tá an cineál seo infheistíochta an-daor go deo, ach rachaidh sé chun tairbhe do chách mar sin féin," arsa Nasser. "Cabhraíonn sé lenár ngnóthas toisc gurb eol dár gcuid custaiméirí go ndéanaimid imní faoin gcomhshaol, agus déanann sé a chion féin leis an athrú aeráide a mhaolú chomh maith. Nílimid ag déanamh dochar don chiseal ózóin anois."

Is ábhair iad an t-athrú aeráide agus an comhshaol atá go mór i mbéal an phobail i gcathracha móra na hÉigipte, ar nós Chaireo. Tá tionscadail mhóra bhonneagair beartaithe le dul i ngleic le plódú agus truailliú ar fud na cathrach agus na tíre, lena n-áirítear níos mó línte meitreo leictreacha, ceann de na línte aonráille leictreacha is faide dá bhfuil ar domhan, traein ardluais leictreach, agus córas nua busanna cathrach. An sprioc: Na milliúin comaitéirí a bhogadh amach as carranna agus isteach i seirbhísí iompair phoiblí. "Is é fírinne an scéil go bhfuil an meitreo ar cheann de na tionscadail is fearr san Éigipt," arsa Walid Al-Arif Billah, cóiste snámha a bhain amach céim ollscoile sna córais faisnéise le déanaí, agus é ag fanacht le dul ar Líne 3 de Mheitreo Chaireo. **Is í an líne seo an chuid is nua-aimseartha den líonra agus maoiníodh í le hiasacht €600 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.** "Tá an meitreo an-simplí, sábháilte agus éasca do gach duine anois. Agus ansin tá na praghsanna ann. Tá praghas na dticéad fós réasúnta d'fhormhór na ndaoine."

> **"Inniu is deacair le daoine Caireo gan mheitreo a shamhlú"**

Osclaíodh Córas Meitreo Chaireo in 1987 agus bhí sé ar cheann de na chéad chórais dá leithéid san Afraic agus sa Mheánoirthear. Iompraíonn roinnt línte meitreo na milliúin paisinéirí gach lá. Rinneadh go leor codanna den mheitreo a leathnú le cabhair ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus tá siad ag tabhairt cúnamh do thionscadail mhóra iompair eile le breis agus dhá scór bliain freisin. **In 2021, d'fhógair an Banc go ndéanfadh sé ní ba mhó ná €1 billiún a infheistiú i dtionscadail mheitreo agus tram i gCaireo agus i gCathair Alastair thar thréimhse cúig bliana**. Tá líne 3 chomh nua-aimseartha le haon seirbhís meitreo eile ar fud an domhain, lena n-áirítear aerchóiriú, slándáil agus soilsiú, bothanna ticéad nua-aimseartha agus carráistí ar leith do mhná. In 2023, tá an Banc ag obair ar infheistíocht nua le Líne 1 de mheitreo Chaireo a leathnú agus a nuachóiriú. "Inniu is deacair le daoine Caireo gan mheitreo a shamhlú," arsa Ahmed Beltagui, innealtóir a oibríonn ar fhuinneamh agus iompar in oifig an Aontais Eorpaigh i gCaireo. "Ó thaobh an gheilleagair de, tá an meitreo an-tábhachtach le brú tráchta a mhaolú agus le ligean do dhaoine a mbealach a dhéanamh chuig an obair agus abhaile arís. Ach sábhálann sé go leor ama ar dhaoine freisin. Tá sé deacair bus a úsáid i gCaireo."

### Réitigh do Chathair Alastair

Tá fadhbanna i gCathair Alastair le brú tráchta agus truailliú chomh maith. Tá go leor sráideanna i gCathair Alastair caol agus iad ina dtranglam le carranna, ricseánna, agus tacsaithe Lada buí agus dubh a tháinig ón Rúis. Tá na línte traenach agus an líonra tramanna ag dul in aois agus in olcas. Cé go bhfuil cónaí ag thart ar 5 milliún duine sa chathair, is minic a bhíonn sí plódaithe le turasóirí chomh maith, rud a fhágann é níos deacra fós taisteal thart. "Níl sé éasca taisteal thart, go háirithe i séasúr na turasóireachta, toisc go mbíonn carranna i ngach áit," arsa Walid Maneb, tumadóir gairmiúil i gCathair Alastair a bhí ag ól tae i mbialann in aice le Trá Shatby, ceann de thránna fada órga na cathrach. "Dá mbeadh traenacha agus tramanna ní b'fhearr againn sa chathair seo, chabhródh sé go mór le gach duine."

**Cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €750 milliún i Meán Fómhair 2023 le beagnach 22 ciliméadar de línte traenach comaitéireachta i gCathair Alastair a athchóiriú**, chomh maith le carráistí nua a fháil, stáisiúin a fheabhsú, línte nua a chur síos agus innill díosail a athrú ina gcórais leictreacha. Tagann sí sin sna sála ar iasacht €138 milliún a tugadh in 2020 le huasghrádú a dhéanamh ar líne thram

leictreach 13.8 ciliméadar in gCathair Alastair, ar áiríodh léi carráistí agus innill nua. Tá níos mó ná 30 ciliméadar de línte tram sa chathair a théann siar chuig na 1860idí, agus is gá an-chuid codanna den chóras a nuachóiriú. "Ní mór dúinn carrthrácht a laghdú i gCathair Alastair, ach ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ó gach taobh," arsa Fatma Rashad, ardstiúrthóir na pleanála eacnamaíche in Údarás Pleanála Iompair na hÉigipte. Bhí sí ag tabhairt síbe do ghrúpa comhpháirtithe forbartha domhanda i seantraein díosail ar líne chomaitéireachta mhíchothrom atá ag dul in aois, ach atá anois le hathsholáthar sna blianta amach romhainn. "Tá bóthar fada romhainn go fóill, ach tá mé dóchasach go mbeidh laghduithe móra ar thrácht agus ar thruailliú go luath."

## Bronntanas na Níle

Ceist mhór eile ó thaobh bonneagair de i gCathair Alastair agus ar fud na tíre is ea an t-uisce. Tá fás an daonra, an t-athrú aeráide, truailliú agus aighneas i réigiúin áirithe ag cur isteach ar an soláthar uisce. Braitheann na hÉigiptigh ar an Níl le haghaidh 90% den uisce a ólann siad agus a úsáideann siad i gcomhair uisciú. Tugtar "bronntanas na Níle" ar an tír uaireanta toisc go mbeadh an chuid ba mhó den talamh ina fhásach gan an abhainn. Sa lá atá inniu ann, is í an Éigipt ceann de na tíortha is mó a bhfuil ganntanas uisce iontu ar domhan, agus leibhéal na n-acmhainní uisce in aghaidh an duine go mór faoi bhun an mheáin dhomhanda.

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar cheann de na hinfheisteoirí is mó i dtionscadail uisce ar fud an domhain, agus tá níos mó ná €1 billiún tugtha ar iasacht ag an mBanc san earnáil seo san Éigipt amháin. **In 2018, cheadaigh an tAontas Eorpach deontas €25ˇmilliún agus shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €214ˇmilliún leis an Éigipt d'fhonn truailliú i nDeilt na Níle a laghdú agus le** huisce, sláintíocht agus cóireáil dramhaíola a fheabhsú. Tugtar Tionscadal Glantacháin Dhraein Kitchener ar an infheistíocht. Tá an draein ar cheann de na cinn is truaillithe san Éigipt agus is éard atá inti ná sraith fhada ionaid cóireála fuíolluisce a ritheann thart ar 70 ciliméadar trí bhailte nach bhfuil chomh fada sin ón Meánmhuir. Tá an plean leis an draein seo a ghlanadh agus cosc a chur ar thruailliú sileadh isteach san fharraige ina chuid de chlár de chuid an Aontais Eorpaigh arb aidhm leis an t-uisce a fheabhsú in go leor tíortha sa Mheánmhuir. "Tá an t-uisce tábhachtach do gach duine, ach go háirithe i gCathair Alastair," arsa Maneb, an tumadóir. "Ní gá duit ach breathnú thart – is ón uisce glan a fhaighimid ár gcothú agus ár slí bheatha, agus ní thiocfadh na milliúin turasóirí gan é."

## "Caithfimid infheistíocht a dhéanamh sa phláinéad"

Deir Nasser, an bainisteoir forbartha táirgí ag an gcomhlacht priontála Roto House, atá lonnaithe i gcrios tionsclaíoch in Giza, thart ar 40 ciliméadar siar ó Chaireo, go n-éiríonn a chuid comhghleacaithe tuirseach uaireanta de cé chomh minic a labhraíonn sé faoin tábhacht a bhaineann le huisce glan san Éigipt, nó faoin gcomhshaol agus an troid in aghaidh an téimh dhomhanda. Ba é Nasser ionadaí an chomhlachta ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in 2022. Dar leis, tá faillí déanta ar chaighdeán an uisce sa Níl, déanann an tír an chuid is mó dá cuid bia a iompórtáil agus is mó atá geilleagar agus talmhaíocht na tíre i mbaol ón athrú aeráide ná formhór na dtíortha eile. "Tá dóchas agam go leanfaidh comhlachtaí eile ár ndea-shampla ó thaobh na haeráide de agus go gcreideann daoine eile gur cheart an pláinéad a chosaint chomh maith," arsa Nasser, a bhfuil a chomhlacht ar cheann de na comhlachtaí lipéadaithe agus clódóireachta pacáistí is mó san Éigipt. "Caithfimid infheistíocht a dhéanamh sa phláinéad, leis. Caithfimid a chinntiú go dtiocfaidh an pláinéad slán."

Tá díon mhonarcha Roto House clúdaithe ag Nasser leis an t-uasfás grianphainéal chun níos mó ná 10% den leictreachas a úsáideann an comhlacht a sholáthar. Tá córas nua sciúrthóra ag an gcomhlachta atá comhdhéanta d'umair, feadáin agus píopaí aerála, rud a bhaineann an mhúch cheimiceach dhíobhálach sula scaoiltear saor í. Laghdaíonn an córas sin boladh na gceimiceán sa mhonarcha freisin agus déanann a chion féin le fadhbanna riospráide a chosc.

# AN ÉIGIPT FAOI THRÁCHT

**An iasacht is déanaí a fuair Banc Chathair Alastair in 2023 i bhfoirm oibríocht mhaoinithe €15 milliún, tá sí cosúil leis an gceann a thacaigh leis na feabhsuithe comhshaoil go léir a rinne Roto House**. Tá sí á déanamh faoi Shaoráid Mhaoinithe an Gheilleagair Ghlais chun cabhrú le gnólachtaí Éigipteacha an fuinneamh glas a ghlacadh chucu féin. Áiríodh leis an dá iasacht a tugadh do Bhanc Chathair Alastair deontais cúnaimh theicniúil ón Aontas Eorpach d'fhonn dlús a chur le hinfheistíochtaí glasa.

## An t-ionchuimsiú agus an micreamhaoiniú á gcur chun cinn

Mar cheann de na soláthraithe micreamhaoinithe is mó sa tír, cuireann Banque du Caire an t-ionchuimsiú, an fhorbairt pobail agus an cumhachtú fiontraíochta chun cinn. Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €70 milliún le Banque du Caire i mí Feabhra 2023 le cabhrú leis an ngnólacht níos mó iasachtaí a chur ar fáil d'fhiontraithe beaga atá bunaithe in áiteanna i gCaireo agus i gCathair Alastair a bhfuil sé deacair teacht ar mhaoiniú. Uaireanta, ceadaítear iasacht mhicreamhaoinithe, fiú nuair nach bhfuil an t-iarratasóir cáilithe go hiomlán, ar chuntar go bhfaomhann an t-oifigeach áitiúil an margadh. Le caighdeán na n-iarratasóirí a fhíorú, labhraíonn oifigigh áitiúla le cairde agus comharsana leo, agus déanann athbhreithniú ar a lán páipéarachais.

Thóg Sherif Sayed iasacht 70 000 punt Éigipteach (€2 100) amach ó Banque du Caire i mí Eanáir 2023 chun caifé níos mó a oscailt. Tá sé i gCathair an 6ú Deireadh Fómhair, is cathair nua san fhásach ina bhfuil cónaí ar mhic léinn, daoine fásta óga agus daoine nua ó thíortha ar nós na Siria nó na hIaráice. Is é 'Caifé Mhic Thíre an tSléibhe' (Zeaab El-Gabal) an t-ainm atá ar ghnóthas nua Sayed, é ainmnithe i ndiaidh sraith theilifíse cháiliúil Éigipteach ina léirítear an saol agus na traidisiúin i réigiún theas na hÉigipte, áit ar fhás Sayed aníos. Bíonn sé deacair d'Éigiptigh ón réigiún seo san Éigipt Uachtarach iasachtaí a fháil toisc go meastar níos mó riosca a bheith ag baint leo ná le daoine ó chathracha móra ar nós Chaireo nó Chathair Alastair. Is í seo an dara hiasacht a fuair Sayed ó Banque du Caire. Tá ceathrar fostaithe ag obair sa chaifé nua, agus suíocháin ann do thart ar thrí scór duine. "Is iad tionscadail bheaga mar seo a chuireann síol na ngnólachtaí móra," arsa Sayed. "Más féidir le comhlachtaí beaga teacht ar mhaoiniú, ní fada go mbeidh siad ina gcomhlachtaí móra. Caithfimid go léir tosú ón tús. Ní bhíonn rath ar aon duine sa ghnó ar an gcéad lá riamh."

> **"Is ón uisce glan a fhaighimid ár gcothú agus ár slí bheatha, agus ní thiocfadh na milliúin turasóirí gan é"**

# TAISPEÁNANN X AN ÁIT GHLAS

## Cuireann maoiniú mór le nuachóiriú a dhéanamh ar an iarnród idir Béalgrád agus Niš borradh faoi naisc réigiúnacha, trádáil, fás agus lánpháirtiú an Aontais

Traenacha ag dul siar is aniar go binn sna Balcáin Thiar, aisling a bhféadfadh bun a theacht uirthi go luath. **Cruthúnas é pacáiste maoinithe €2.2 billiún ón Aontas Eorpach faoi chomhair stráice de líne iarnróid Chonair X idir Béalgrád agus Niš sa tSeirbia go bhfuil an réigiún ar an mbóthar ceart**. A bhuí leis an airgead sin, tógfaidh sé níos lú ná dhá uair an chloig taisteal ar an traein idir an dá chathair Sheirbiacha ar luas suas le 200 km/u. Faoi láthair, tógann sé uair an chloig ar a laghad ar an traein, nó thart ar thrí uair an chloig i gcarr. “Nuair a tógadh an t-iarnród siar in 1884, thóg sé 8 n-uair an chloig leis an turas a dhéanamh, agus anois tógann sé 6 uair an chloig go leith,” arsa Uachtarán na Seirbia, Aleksandar Vučić, agus é ag cur an mhaoinithe ón Aontas i láthair i mBéalgrád i mí Feabhra 2023. “Níl athrú ar bith tagtha ar an scéal le 130 bliain. Anois táimid ag athrú na Seirbia chun feabhais, le cabhair ón Aontas Eorpach.”

**Cuireadh lámh leis an gcéad deontas infheistíochta €82.8ˇmilliún idir an Banc Eorpach Infheistíochta agus Aireacht Foirgníochta, Iompair agus Bonneagair na Seirbia ar thraein a bhí ag déanamh a bealaigh ó Bhéalgrád** go Niš. I láthair bhí oifigigh de chuid Rialtas na Seirbia, an Aontais Eorpaigh agus an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha. Cuirfidh an tAontas Eorpach suas le €598 milliún de dheontais ar fáil, rud a fhágfaidh go mbeidh sé ar an síntiús is mó ón Aontas do thionscadal ar leith sa tSeirbia go dtí seo. **San áireamh sa phacáiste freisin tá iasacht €1.1 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta**, chomh maith le hiasacht €550 milliún ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

“Tá an tionscadal seo roghnaithe againn toisc go bhféadfadh sé fíordhifríocht a dhéanamh do mhuintir na Seirbia, do mhuintir dheisceart na Seirbia, agus ar an gcaoi sin, don réigiún ar fad,” arsa Olivér Várhelyi, an Coimisinéir um Chaibidlíocht maidir le Méadú. “Toisc gur cheart go dtabharfadh an traein seo idir fhás agus phoist,” arsa Várhelyi, “ba cheart go dtabharfadh an traein seo infheistíochtaí chuig na ceantair is mó a bhfuil gá leo – i ndeisceart na Seirbia. D’athródh siad sin an tSeirbia agus an réigiún ó bhonn.”

### Tacaíocht inbhuanaithe do chomhpháirtithe áitiúla agus do thionscadail ghlasa

Agus é críochnaithe, meastar go rachaidh an t-iarnród nua chun tairbhe do níos mó ná 2.3ˇmilliún paisinéir in aghaidh na bliana agus go n-iompróidh sé 9.4ˇmilliún tonna lasta, rudaí a chruthóidh deiseanna nua gnó agus fostaíochta.

Tá €1.1 billiún ceadaithe ag BEI Domhanda, an eite de bhanc an Aontais Eorpaigh a dhéanann plé le hoibríochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach, don infheistíocht mhórscála seo, lena ndéanfar an nasc ríthábhachtach idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar a athbheochan, agus lena nascfar lár na hEorpa le Thessaloniki na Gréige agus le Sóifia na Bulgáire. Tá sé ina chuid de Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta an Aontais Eorpaigh do na Balcáin Thiar, ar fiú €30 billiún é agus arb aidhm leis infheistíocht san iompar, san fhuinneamh agus san aistriú glas agus digiteach a spreagadh le méid is ionann agus trian de OTI an réigiúin d’fhás agus poist inbhuanaithe a chruthú.

Tá os cionn €1.2 billiún infheistithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta san earnáil iarnróid, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na maoinitheoirí is mó san earnáil iompair sa réigiún atá ag tacú le comhar geilleagrach agus nascacht ar an gcaoi seo.

> “Anois táimid ag athrú na Seirbia chun feabhais, le cabhair ón Aontas Eorpach”

### Taisteal níos sábháilte, níos glaise agus níos éifeachtúla sa tSeirbia

Cuirfidh athshlánú an iarnróid idir Béalgrád agus Niš feabhas ar na naisc a bheidh ag an tSeirbia le líonraí iarnróid eile san Eoraip. Éascóidh sé iompar lasta níos tapúla agus laghdóidh go mór an t-am comaitéireachta. Ós rud é gur modh glan iompair é an t-iarnród, cuireann nuachóiriú an chórais iarnróid comhshaol níos glaine chun cinn freisin. “Tá nuachóiriú an bhonneagair iarnróid agus an t-iompar iarnróid a dhéanamh níos sábháilte agus níos éifeachtúla ar cheann dár dtosaíochtaí sna Balcáin Thiar agus is príomhchumasóir é d’fhorbairt gheilleagrach an réigiúin,” a dúirt Matteo Colangeli, stiúrthóir an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha do na Balcáin Thiar. “Táimid tiomanta d’earnáil iarnróid na Seirbia le fada, agus tá áthas orainn dul i gcomhar leis an Aontas Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar an tionscadal tábhachtach seo.”

Is aidhm leis na tionscadail iompair a mhaoiníonn an tAontas Eorpach sa tSeirbia naisc a fheabhsú agus, dá bhrí sin, borradh a chur faoi chomhtháthú geilleagrach – don tSeirbia isteach sa réigiún, agus don réigiún isteach san Aontas Eorpach. Rannchuidíonn siad le hathchóiriú an iarnróid agus le bonneagar nua-aimseartha bóithre atá éifeachtach ó thaobh costas de a thabhairt isteach.

# I nDIAIDH AN CHREATHA TALÚN

## Infheistíonn Maracó i mbonneagar oideachais nua agus téann i ngleic leis an neamhionannas sóisialta i gceantair thuaithe a bhfuil drochbhail fágtha orthu ag crith talún

Go luath i mí Mheán Fómhair 2023, bhuail crith talún ar mhéid 6.8 réigiún Al Haouz i Maracó. Scriosadh 50 000 áit chónaithe agus rinneadh damáiste do 1 000 scoil, roinnt acu a bhí chomh dona sin nach raibh an dara rogha ann ach iad a leagan. Na múinteoirí agus na daltaí i gceantair thuaithe is mó a bhí thíos leis an tubaiste, chaill siad a n-áit chónaithe agus b'éigin dóibh codladh sna foirgnimh scoile a raibh drochdhamáiste déanta dóibh, agus a raibh drochbhail orthu cheana féin sular bhuail an crith talún. Cé go gcaitheann Maracó thart ar 5% dá olltáirgeacht intíre ar an oideachas, ní leor na hacmhainní a bhfuil fáil orthu faoi láthair le líonra na 8 022 bunscoil a chothabháil, a uasghrádú agus a leathnú, go háirithe i gceantair thuaithe.

Bhí sé i gceist cheana féin ag Maracó bonneagar nua a thógáil mar chuid d'iarracht náisiúnta le hoideachas a fheabhsú i gceantair iargúlta, amhail Sléibhte Atlais, atá taobh thiar den chuid eile den tír ó thaobh feidhmíocht acadúil de. Tar éis an chreatha talún, tá an Aireacht Oideachais ag cur dlús leis na hiarratais ar chead tógála ionas go bhféadfar tosú ag atógáil faoi dheireadh 2023. "Athróidh an tionscadal seo an t-oideachas i Maracó ó bhonn," a deir Didier Bosman, ailtire sinsearach atá ag obair ar an maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta don tionscadal. "Príomhthosaíocht d'Aireacht Oideachais Mharacó an bhearna idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a laghdú."

**Thug an Banc Eorpach Infheistíochta €102.5 milliún ar iasacht do Mharacó le 150 scoil phobail a thógáil** agus le bonneagar riachtanach a chur ar fáil, amhail trealamh scoile, saoráidí cónaithe agus iompar. **Díreofar na hacmhainní go léir ar na ceantair is measa atá buailte ag an gcrith talún anois. I mí Dheireadh Fómhair 2023, gheall an Banc Eorpach Infheistíochta €1 billiún a chur ar fáil go ceann trí bliana do chlár atógála Mharacó tar éis an chreatha talún.**

Le cabhrú leo na hinfheistíochtaí a phleanáil, **fuair Maracó deontas breise €650 000 faoi Thionscnamh Athléimneachta Eacnamaíoch an BEI**, ciste a thacaíonn le fás athléimneach agus cuimsitheach i gComharsanacht an Deiscirt agus sna Balcáin Thiar. Íocfaidh sé sin as cúnamh teicniúil leis an tionscadal a phleanáil, lena n-áirítear grinnstaidéar ar riachtanais scoileanna tuaithe agus ar na dúshláin a bhaineann leo. Beidh an staidéar mar threoirphlean do thionscadail oideachais sa tír amach anseo.


### Riachtanais oideachais a mheas

Sular tosaíodh ar an obair thógála, thug foireann cúnaimh theicniúil de chuid an BEI cuairt ar bhreis agus 30 scoil phobail, ar nós Scoil Eghrem N'ougdal in Ouarzazate agus École Vivante i nGleann Ait Bouguemez, Sléibhte Atlais, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin. Fuair Maracó iasacht bhreise €9 milliún ó Ardán Infheistíochta an Bheartais Comharsanachta faoi chomhair acmhainní oideachais agus le cleachtais teagaisc a fheabhsú. "Cé go bhfuil go leor fós le déanamh san oideachas i Maracó, tá roinnt samplaí maithe ann freisin," a deir sé. "I réigiún na sléibhte, chuir bean bunscoil ar bun le maoiniú ón Aireacht Oideachais, ina dtugtar ranganna oiriúnaithe do leanaí faoi mhíchumas. D'éirigh chomh maith sin léi gur chuir sí coláiste ar bun le go bhféadfadh na scoláirí coinneáil leis an oideachas. Is é sin go díreach an rud atáimid ag iarraidh a fheiceáil fud fad na tíre."


# CÁ AS A dTAGANN AN tAIRGEAD?

**Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an t-iasachtaí agus an t-iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann. D’éirigh leis €49.8 billiún a thiomsú ar na margaí caipitil idirnáisiúnta in 2023, agus bhain €14.6 billiún den mhéid sin le bannaí glasa nó bannaí inbhuanaitheachta. Téann eisiúint an Bhainc chomh fada le hinfheisteoirí nach nós leo infheistiú san Eoraip de ghnáth ach a chuireann tionscadail Eorpacha chun cinn go hindíreach ansin trí infheistiú i mbannaí an BEI.**

**D’eisigh an Banc bannaí in 16 airgeadra,** ach is sna croíairgeadra (an euro agus dollar na Stát Aontaithe) a bhí an chuid ba mhó acu. Cuireann éagsúlacht foinsí agus aibíochtaí bonn solúbtha faoi straitéis mhaoinithe an Bhainc. Lena chois sin, cuireann an cur chuige ilairgeadraí ar chumas an BEI fáil a bheith aige ar roinnt airgeadraí áitiúla i gcomhair eisíocaíochtaí.




## EISIÚINT DE RÉIR AIRGEADRA




## AN BLOCSHLABHRA A DHÉANAMH NÍOS GLAISE

Ghlac an Banc Eorpach Infheistíochta céim eile chun cinn i bhforbairt margaí caipitil inbhuanaithe nuair a sheol siad an chéad **Bhanna Blocshlabhra Feasachta Aeráide**. Eisiúint dhá bhliain is fiú SEK 1 billiún (€87 milliún) atá ann, ina n-úsáidtear teicneolaíocht uathúil bhlocshlabhra a d'fhorbair eite baincéireachta corparáide agus infheistíochta de Crédit Agricole agus Skandinaviska Enskilda Banken i Stócólm. Tá an t-ardán bannaí bunaithe ar Phrótacal an Chruthúnais ar awaReness Aeráide. Faoin bprótacal, úsáidtear níos lú fuinnimh ná córais eile den chineál céanna agus córais eile nach bhfuil bunaithe ar an mblocshlabhra. Tugann sé dreasacht do na rannpháirtithe lorg comhshaoil a mbonneagair trádála a fheabhsú chomh maith.

"D'fhéadfadh an-chuid buntáistí a bheith i gceist le teicneolaíocht an bhlocshlabhra do mhargaí bannaí," arsa Xavier Leroy, oifigeach sinsearach maoinithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Is iondúil go ndéanann eisitheoirí, infheisteoirí agus idirghabhálaithe go leor ríomhanna dúblacha gach uair a dhéantar cúpón a íoc, agus go gcuirtear an-chuid ama amú ag déanamh plé ar gach íocaíocht. Nuair a dhéantar ar bhlocshlabhra é, tá an próiseas go hiomlán trédhearcach agus i bhfad níos tapúla."

Tagann an t-idirbheart sna sála ar eisiúintí blocshlabhra ceannródaíocha a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta roimhe seo, amhail an chéad bhanna digiteach ar bhlocshlabhra poiblí in 2021, an chéad bhanna digiteach ar bhlocshlabhra príobháideach in 2022, agus an chéad cheann i bpunt steirling a eisíodh níos luaithe in 2023.



# GRÚP-PHLEAN OIBRIÚCHÁIN 2024-2026: BUAICPHOINTÍ

- **An t-aistriú glas agus téarnamh na hÚcráine**
- **Tuilleadh comhpháirtíochtaí ar fud an domhain**
- **Taighde agus forbairt sa teicneolaíocht agus san fhuinneamh**
- **Fócas méadaithe ar scileanna agus oiliúint**
- **Tuilleadh digitithe le cleachtais bhaincéireachta a nuachóiriú**
- **Uasleibhéil mheasta mhaoinithe: €95 billiún in 2024, €93 billiún in 2025, agus €85 billiún in 2026**

Laistigh den Aontas Eorpach, is iad na tosaíochtaí a bheidh againn ó 2024 go 2026 ná na haistrithe glasa agus digiteacha, na réigiúin chomhtháthaithe, agus na tíortha is mó atá thíos leis an ionradh ar an Úcráin, lena n-áirítear na milliúin Úcránach nach raibh an dara rogha acu ach teitheadh chuig tíortha eile de dheasca an chogaidh.

Lasmuigh den Aontas Eorpach, cuirfidh BEI Domhanda dlús lena gcuid gníomhaíochta le cabhrú leis an Úcráin damáiste cogaidh a dheisiú trí Chiste 'AE ar son na hÚcráine', mar aon le luach €100ˇmilliún de chúnamh teicniúil. Beidh BEI Domhanda ar thóir tuilleadh comhpháirtíochtaí ar fud an domhain d'fhonn tionchar a mhéadú, agus déanfaidh infheistíochtaí sa teicneolaíocht dhigiteach, sa ghníomhú ar son na haeráide, san fhuinneamh, san iompar, sa taighde, sa chúram sláinte agus san oideachas.

Toisc go bhfuil an tslándáil gheilleagrach agus an neamhspleáchas straitéiseach ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí, beimid ag díriú go mór ar thaighde agus forbairt i réimsí na teicneolaíochta agus na héifeachtúlachta fuinnimh. Glacfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta le níos mó riosca chun tacaíocht a chinntiú d'earnálacha agus do thionscadail nuálacha a bhfuil ardluach ag baint leo. Táimid ag súil le €45 billiún a infheistiú idir 2023 agus 2027 le tionscadail REPowerEU a chur chun cinn. Clár infheistíochta é sin atá ceaptha le deireadh a chur le spleáchas na hEorpa ar ola agus ar ghás ón Rúis.

Is ciste é an Ciste Eorpach Infheistíochta a chuireann maoiniú ar fáil do chomhlachtaí beaga agus meánmhéide agus faoi chomhair gníomhaíochtaí bonneagair. Tacóidh sé leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus leagfaidh béim níos láidre ar scileanna agus oiliúint.

Cothaíonn na seirbhísí comhairleacha a chuirimid ar fáil an margadh do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus feabhsaíonn ár bpíblíne tionscadal. Uaidh seo amach éireoidh siad níos ailínithe lenár gcuid gníomhaíochta maoinithe, rud a chabhróidh leis an mBanc teacht ar a thuilleadh gnó.

Déanfaidh ardleibhéil gníomhaíochta maoinithe Ghrúpa an BEI a gcuid féin leis an gclár comhardaithe a chobhsú agus a mhéadú. Meastar go dtosóidh méadú ag teacht de réir a chéile ar ghlanbharrachas an Bhainc ó 2024 ar aghaidh, é treisithe tuilleadh ag rátaí arda úis.

Tá an Banc ag obair le bheith níos éifeachtaí agus an t-am a thógann sé maoiniú a chur i gcrích do chliaint a laghdú. Táthar ag breathnú ar bhealaí le bheith níos tapúla agus níos éifeachtaí. Beidh an digitiú ina chuid thábhachtach den phróiseas sin.

Is é €95 billiún an t-uasleibhéal maoinithe a bhfuil Grúpa an BEI ag súil leis in 2024, le thart ar €93 billiún in 2025 agus €85 billiún in 2026. Cuirfidh na hardleibhéil infheistíochta sin ar ár gcumas geilleagar an Aontais a neartú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda atá ag dul i méid a bhaineann leis an athrú aeráide.

**Léigh an Plean Oibriúcháin iomlán i gcomhair 2024-2026 ag**
**www.eib.org/en/publications**

## RIALACHAS

Is éard atá sa BEI ná comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach do na Ballstáit, agus banc a chloíonn leis an dea-chleachtas baincéireachta is infheidhme ó thaobh cinnteoireachta, bainistíochta agus rialuithe de.

Tá **an Bord Gobharnóirí** comhdhéanta d'airí rialtais, Airí Airgeadais de ghnáth, ó gach ceann de na 27 Ballstát. Is iad na gobharnóirí a leagann síos na treoirlínte maidir le beartas creidmheasa an Bhainc agus a dhéanann formheas ar na cuntais bhliantúla uair sa bhliain. Déanann siadsan na cinntí faoi mhéaduithe caipitil agus faoi rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí maoinithe taobh amuigh den Aontas Eorpach. Déanann siad an Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta a cheapadh chomh maith.

Is é **an Bord Stiúrthóirí** a dhéanann cinntí ar iasachtaí, cláir iasachta agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí maoinithe. Tagann na stiúrthóirí le chéile, i bprionsabal, deich n-uaire sa bhliain lena chinntiú go mbíonn an Banc á rith de réir chonarthaí an Aontais Eorpaigh, reacht an Bhainc féin, agus treoracha ginearálta arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí. Is ann do 28 stiúrthóir, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach. Is ann do 31 stiúrthóir malartach chomh maith. Chun cur le saineolas gairmiúil an Bhoird Stiúrthóirí, féadtar seisear saineolaithe a chomhthoghadh chun bheith páirteach i gcruinnithe an bhoird mar chomhairleoirí gan ceart vótála. Is trí thromlach a ionadaíonn nach lú ná 50% de chaipiteal suibscríofa na mBallstát agus aon trian de na comhaltaí boird a bhfuil ceart vótála acu a dhéantar cinntí, mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht. Déanann an t-uachtarán cathaoirleacht ar an mbord, ach gan ceart vótála a bheith aige nó aici.

Is é **an Coiste Bainistíochta** an comhlacht cinnteoireachta ar an láthair. Déanann sé maoirseacht ar reáchtáil an Bhainc ó lá go lá, ullmhaíonn cinntí don Bhord Stiúrthóirí agus déanann cinnte de go gcuirtear na cinntí sin chun feidhme. Tagann comhaltaí an choiste sin le chéile uair sa tseachtain. Bíonn an Coiste Bainistíochta ag obair faoi údarás an uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí. Is iad leasuachtaráin an BEI an t-ochtar comhaltaí eile. Maireann téarma in-athnuaite na gcomhaltaí suas le sé bliana agus níl siad freagrach ach don Bhanc amháin.

Tá **Coiste Iniúchóireachta** neamhspleách ag an mBanc, agus é freagrach go díreach don Bhord Gobharnóirí. Tá sé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an BEI agus Ghrúpa an BEI, as a dheimhniú gach bliain go mbíonn oibríochtaí an BEI á seoladh – agus na leabhair á gcoinneáil – ar bhealach ceart, agus as a dheimhniú go mbíonn gníomhaíochtaí an Bhainc ag teacht leis an dea-chleachtas baincéireachta. Cuirtear tuairisc bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta don bhliain airgeadais, i dteannta fhreagra an Choiste Bainistíochta uirthi, faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí. Seisear comhaltaí a bhíonn ar an gCoiste Iniúchóireachta agus maireann a dtéarma neamh-inathnuaite sé bliana airgeadais as a chéile. Ina theannta sin, féadann an Bord Gobharnóirí triúr breathnóirí a cheapadh chun tacaíocht a thabhairt don choiste le cúraimí ar leith.

**Is é an Banc Eorpach Infheistíochta banc aeráide an Aontais Eorpaigh.**
**Tuilleadh eolais maidir lenár n-obair ar son na haeráide:**
**Aeráid agus inbhuanaitheacht chomhshaoil (www.eib.org/climate)**

**Seasann an Banc Eorpach Infheistíochta gualainn ar ghualainn leis an Úcráin.**
**Tuilleadh eolais:**
**Seasann an BEI gualainn ar ghualainn leis an Úcráin**
**(www.eib.org/standwithUkraine)**

**Déanann ár dtionscadail difear i ngach earnáil den gheilleagar domhanda.**
**Na mionsonraí ar fad:**
**Gach tionscadal – maoiniú agus tionchar domhanda ar fud na cruinne**
**(www.eib.org/projects/all)**

# TREOIRPHLEAN I gCOMHAIR MAIREACHTÁIL GO hINBHUANAITHE

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2023

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

pdf: ISBN 978-92-861-5647-2

GA 02/2024